Rinne an LCDC an Scéim a riaradh go náisiúnta agus atá freagrach as maoiniú a dhíriú agus a leithdháileadh, de réir mar a leagtar iad chun na hiarratais a aithint a dhírionn go cuí ar spriocghrúpaí agus ar saincheistean-na i ngach réimse riaracháin LA. Cheadaigh na Ceantair Bardasach ábhartha leithdháileadh deontais.

Cuireadh €64,500 ar fáil do LCDC Longfoirt in 2017. Fuarthas ceithre iarratas don Chlár. Agus iad ag déanamh athbhreithniú ar na hiarratais, mhol an LCDC go mbeadh iarratas amháin (Grúpa Gníomhaíochta Ard na Ceasach - Ceantar Bardasach Longfoirt) á mhaoiniú den mhéid € 64,500. Bhí sé seo mar gheall ar (1) an méid ama a thiochfaidh sé an maoiniú a chaitheamh agus bhí (2) Grúpaí / Tionscadail ó Cheantar Bardasach Longfoirt saor ón gClár CLÁR 2017 a reáchtáladh níos luaithe sa mbliain.

Ceadaiódh an moladh seo agus tá an tionscadal ag dul chun cinn go maith.

CLÁR 2017

Is clár infheistíochta spriocdhírithé é CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais) do cheantair tuaithe a bhfuil sé d'aidhm aige maoiniú a sholáthar do thionscadail bheaga infreastruchtúir i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Tá sé mar aidhm ag CLÁR tacú le forbairt inbhuanaithe cheantair CLÁR aitheanta leis an aidhm daoine a mhealladh le cónaí agus obair ann.

Seoladh an scéim i mí Márta 2017, le 3 Bheart -

- Beart 1: Tacaíocht do Scoileanna/Beartais Sábháilteachta Pobail
- Beart 2: Áiteanna Súgartha
- Beart 3: Riachtanais Infreastruchtúir Dírithe Pobail

D'fhéadfadh Comhairle Chontae an Longfoirt suas le 20 tionscadal a chur ar fáil faoin 3 bheart do mhachnamh ó thaobh maoiniú de. (rinne an Roinn na cinntí maoinithe deiridh ar fad). Bhí LCDC Longfoirt freagrach as tionscadail a roghnú faoi Bheart 3 le cur faoi bhráid na Roinne. Is é an aidhm atá leis an mbeart seo ná tacaíocht a sholáthar do thionscadail chaipitil / infreastruchtúir nach bhfuil cáilithe do scéimeanna eile atá ann agus a bhí de réir LECP Longfoirt.

Fuair Comhairle Contae Longfoirt 53 iarratas faoi na bearta éagsúla. Mhol an LCDC don Chomhairle 6 cinn a chur faoi bhráid na Roinne. De na 20 iarratas a chuir Comhairle Chontae an Longfoirt isteach, ceadaiódh 10 d'uasmhéid de €238,417.5 de na tionscadail a ceadaiódh a mhol an LCDC, uasmhéid de € 144,879.

PLEAN EACNAMAÍOCHTA & POBAIL ÁITIÚIL (LECP)

Forálann an tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 go gcaithfeadh gach Údarás Áitiúil Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (LECP) sé bliana dá gceantar a réiteach. Is é aidhm an LECP ná na gníomhaíochtaí a aithint agus a chur i bhfeidhm le gnéithe eacnamaíochta agus pobail an Chontae a láidriú agus a fhorbairt.

Tá dhá chuid sa bplean -

- Gnéithe Eacnamaíochta maidir le forbairt eacnamaíochta áitiúil, agus
- Gnéithe Pobail maidir le forbairt áitiúil agus pobail

Ullmhaíodh an dá ghné go comhthreomhar agus ghlac an tÚdarás Áitiúil leis mar phlean aontaithe i mí Bealtaine 2016. Cuirfidh an plean aonair, comhtháite eacnamaíochta agus pobail bunús ar fáil do cur chuige níos ciallmhara, níos éifeachtaí agus níos comhordaithe maidir le planáil agus soláthar seirbhíse go háitiúil.

Tá an LECP tar éis tabhairt faoin gcéim cur i bhfeidhm anois agus leis an LCDC ag glacadh freagracht as comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur ar fáil gnéithe pobail an Phlean agus tá an fhreagracht ar an gCoiste um Beartas Straitéiseach Forbartha Eacnamaíoch agus Fiontar (SPC) maidir le gnéithe eacnamaíochta an Phlean.

Choimisiúnaigh an LECP Plean Forfheidhmithe don chuid eile de 2017 agus do 2018 agus obair leanúnach ar siúl ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar obair na páirtithe seachtracha.

Bhí an LCDC in ann líon mór tionscadail a mhaoiniú, mar atá léirithe sna hailt roimhe seo, de réir na tosaíochtaí a aithníodh sa LECP.

TUAIRISC BHLIANTÚIL CHOMHCHOISTE POILÍNEACHTA LONGFOIRT 2017

Is cuideachta é an Comhchoiste Póilíneachta (JPC) a bunaíodh faoi Acht an Gharda Síochána 2005 le freastal mar fóram, áit a bhfuil ionadaithe údaráis áitiúla, baill den Oireachtas agus an phobal agus deonach in ann oibriú le chéile le hOifigigh Sinsearach an Gharda Síochána chun moltaí a phlé agus a dhéanamh ar ábhair a chuireann isteach ar phóilíneacht an Chontae. Is é Comhairleoir Gerry Warnock atá mar chathaoirleach ar JPC Chontae Longfoirt. Reáchtáil an Choiste 4 chruinniú in 2017 ar an 3 Aibreán, 3 Iúil, 2 Deireadh Fómhair, agus 4 Nollaig. Bhí cruinniú poiblí ag an gCoiste freisin ar an 2 Samhain 2017. Ag gach cruinniú, tugadh uasdátú do na baill faoi ghníomhaíochtaí na Gardai sa gContae, ceisteanna ord poiblí agus frithshóisialta chomh maith le staitisticí ar na leibhéil coiriúla i Longfoirt. Chuir na baill fáilte roimh an chaoi go bhfuil ag éirí leis na Gardai dul i ngleic leis an gcoireacht agus thug siad faoi deara go raibh bainistíocht an Gharda Síochána ag mothú bhrú ag an leibhéal áitiúil chun freastal ar na héilimh laethúla a bhaineann lena ceantair a rith le líon foireann laghdaithe. D'aontaigh an JPC a scríobh chuig an Aire Dlí agus Cirt chun uasghrádú a iarraidh ar Bheirici an Gharda i mBaile Uí Mhatháin agus Meathas Troim agus iarraidh ar an Aire casadh le tarmligeán ón gComhchoiste Póilíneachta maidir le hacmhainní pearsanra agus airgeadais leordhóthanach le leibhéal sásúil seirbhísí Garda a choinneáil i Contae Longfoirt.

Tugadh an Comhchoiste Póilíneachta suas chun dáta freisin ag gach cruinniú ar chúrsaí an údaráis áitiúil, lena n-áirítear sonraí faoi na scéimeanna maoinithe éagsúla a bhí ar fáil i rith na bliana chomh maith le huasdátú ar thionscadail éagsúla pobail. Tugadh faoi deara an dul chun cinn maidir le forbairt eacnamaíochta, lena n-áirítear clár Athnuachana na Comhairle, Straitéis Turasoireachta Longfoirt agus forbairt Ionad Páirc. I measc na réimsí gníomhaíochta eile a tugadh faoi deara, bhí an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí, an Straitéis Náisiúnta um Chosc Féinmharaithe, an Plean Straitéiseach Idirchultúrtha agus an Clár Athlonnaithe. Phléigh na baill go leor ceisteanna eile lena n-áirítear Sábháilteacht ar Bhóithre, Rialú Luas i n-eastát tithíochta, Scéim na bhFoláireamh Téacs, soláthar agus díol drugaí agus póilíneachta pobail.

Bhí ábhar teilifíse CCTV ina dhíospóireacht leanúnach i gcaitheamh na bliana. Léirigh na baill frustrachas maidir le deacrachtaí leanúnacha maidir le Meabhrán Tuisceana a chur i gcrích idir Ceanncheathrú na nGardai agus an t-údarás áitiúil maidir leis an gcóras CCTV i mbaile an Longfoirt. Chuir na comhaltaí fáilte roimh fhógairt an Rialtais go gcuirfí deontais de suas le 60% de na costais chaipitil iomlána a bhaineann le bunú córas áitiúil CCTV pobail ar fáil chun tacú le pobail áitiúla ar mian leo córais slándála CCTV a chur isteach agus a chothabháil ina gceantar féin. D'aontaigh na comhaltaí go mbeadh deacrachtaí ag pobail an maoiniú comhoiriúnaithe riachtanach de 40% a bhaint amach. Chuir baill an choiste béim ar mhaoiniú do chórais éifeachtacha CCTV agus an gá atá le Straitéis Náisiúnta.

Le linn na bliana rinneadh roinnt cur i láthair don JPC. Thug an Ceannfort Lionel Mullally forbhreathnú ar an gClár

Ambasadóra um Chosc ar Choireacht atá deartha chun cumhacht a thabhairt do dhaoine breacaosta sa bpobal trí bheith ag obair i gcomhar leis an Garda Síochána trí Gardai Póilíneachta Pobail áitiúla agus Oifigigh um Choiscithe Coireachta. Chuir na comhaltaí fáilte roimh an tionscnamh a bhfuil ag éirí go maith leis chun cosc a chur ar choiriúlacht agus tugadh faoi deara gurb é aidhm an Chláir ina iomlán ná eolas faoi chosc ar choireanna a chur ar fáil do dhaoine Breacaosta, comhairle soiléir agus éifeacht maidir le chosc ar choireanna a chur ar dhaoine Breacaosta agus tabhairt faoina bhfáilte roimh choireanna.

Thug an tUasal Kitty Hughes tuarascáil chuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Chomhairle Dhaoine Breacaosta Longfoirt a bunaíodh i mí na Nollag 2016. Chuir sí comhairle orthu freisin maidir le Straitéis Aoisbháúil Chontae Longfoirt 2015-2020 leanúnach atá le húsáid.

PLEAN COMHGNÍM – TIONSCNAMH PIOLÓTA

Ag cruinniú an JPC ar an 3 Aibreán 2017, d'fhógair an tUasal Paddy Mahon, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceannfort Jim Delaney seoladh Plean Comhgnímh idir na Gardai agus an tÚdarás Áitiúil. Thug na baill faoi deara go bhfuil an tÚdarás Áitiúil agus na Gardai tiomanta a bheith ag obair le chéile chun caighdeán maireachtála níos fearr a chinntiú do chónaitheoirí i gceantair áirithe i mbaile an Longfoirt. Aontaíodh an Ráiteas Mísín seo a leanas - "Grúpa Comhghnímh Longfoirt ag obair i gcomhpháirtíocht le chéile i dtreo athnuachan agus athdhearbhú dirithe ar a bpobail chun caighdeán maireachtála feabhsaithe a chur ar fáil.» D'aontaigh comhaltaí an JPC go ndéanfaí tionscnamh piolótach chun dul i ngleic leis an iompar frithshóisialta i gceantair Ard na Ceasach/ Corrán an Phalás/ Grian Ard de bhaile Longfoirt.

Le linn 2017, thug na baill faoi deara go raibh an cur chuige fócasaithe comhcheangailte idir an t-údarás áitiúil agus na Gardai ag déanamh dul chun cinn seasta sa gceantar. Reáchtáladh cruinnithe an-dearfach le muintir an cheantair agus aithníodh gníomhaireachtaí cuí agus ceisteanna cuí atá an pobal sa gceantar ag déileáil leo.

Gníomhaíochta leanúnacha agus curtha i gcrích go dáta, lena n-áirítear -

- Iniúchadh/Cigireacht/ ar micrishlis i madraí
- Clinicí Pobail ar Aire
- Lá le hEastáit a Ghlanadh agus bailiúcháin Dramhaíola mór
- Rialú madra
- Soilsiú Poiblí
- CCTV
- Bainistíocht ar thithe folamh
- Boinn a stóráiltear taobh thiar de tithe agus tithe atá loiscthe

CRUINIÚ POIBLÍ

Dóstaíl an JPC cruinniú poiblí maidir le nithe a chuireann isteach ar phóilíneacht an Chontae ar 2 Samhain 2017 in Óstán an Longford Arms, Longfort. Chuir an chathaoirleach An Chomh. Gerry Warnock fáilte roimh bhail an phobail a d'fhreastail agus dúirt sé go mbeadh téama an chruinnithe "Ag Glacadh lenár bPobail Éagsúla". Chuir ionadaithe ón Garda Síochána béim ar thábhacht an chruinnithe mar fhóram fáiltithe do rannpháirtíocht le baill an phobail ar saincheisteanna póilíneachta áitiúla.

Thug Speisialtóir Garda ar Éagsúlacht cur i láthair ar imeascadh pobail nua ar fud na tíre. Thug ionadaí ón bpobal inimirceach léargas ar a thaithí ar imeascadh i Longfoirt. Thug oifigeach forbartha ó Acmhainní Pobail Longfoirt Clg mionsonraí ar Chlár Cúram Sláinte Bunscoile an Lucht Siúil i Longfoirt agus rinne Oifigeach Forbartha de chuid an FAI cur i láthair maidir le Grúpa Pobail an FAI i Longfoirt atá maoinithe go comhpháirteach ag FAI agus Comhairle Chontae an Longfoirt.

Tharla plé maidir le himeascadh pobail éagsúla i Longfoirt. Lean seisiún ceisteanna agus freagraí é seo maidir le gnéithe éagsúla de phóilíneacht Longfoirt.

Chuir an tUasal Paddy Mahon, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae an Longfoirt, an cruinniú i gcrích ag cur béim ar an aiseolas dearfach a fuarthas den chuid is mó ón bpobal agus leag sé béim ar leibhéal an comhoibriú leanúnach idir an Údarás Áitiúil, na Gardaí agus an pobal. Ghlac sé buíochas le baill an phobail as a n-ionchur agus dheimhnigh sé go nglacfadh an JPC leis na tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl.

TUAIRISC BHLIANTÚIL LÍONRA RANPHÁIRTÍOCHTA POBAIL 2017

In 2017, chláraigh 67 grúpa pobail nua le Líonra Rannpháirtíochta Chontae an Longfoirt (PPN), rud a fhágann an bhallraíocht iomlán ag 225. Tá 9 mball dheonacha sa rúnaíocht agus réachtáil siad 8 gcruinniú mhiosúla maidir le Plean oibre an PPN agus 2 chruinniú faoin bplean oibre. Chas an foghrúpa Airgeadais le chéile 7 n-uaire le maoirseacht a dhéanamh ar bhuiséad an PPN agus idirbhearta airgeadais. D'fhreastail baill den Rúnaíocht ar chruinnithe réigiúnacha agus náisiúnta ach shuigh ceann de na baill Rúnaíochta ar Choiste Grúpa Náisiúnta Comhairleach an PPN. Is é an tOifigeach Forbartha atá fostaithe ag Comhairle Chontae Longfoirt ó Aibreán 2016 a thacaíonn leis an Rúnaíocht.

Is iad na Spriocanna cuí le linn 2017 -

- Buiséad urraithe agus aistriú ag Comhairle Chontae an Longfoirt chuig Rúnaíocht an PPN mar a aontaíodh sa MoU.
- Réachtáladh 2 Chruinniú Iomlánacha Contae ar an 22 Márta agus 22 Samhain. Daingníodh 15 ionadaí agus aontaíodh 2 pholasaí de chuid an PPN. Ba iad na haoichainteoirí ná Paddy Mahon, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae an Longfoirt, Sean Healy, Ceartas Sóisialta Éireann, John Lonergan, Rialtóir na Seirbhíse Príosúin ar Scor, Marie Lough, Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin agus ionadaithe de chuid an PPN ó choistí faoi mhíchumais agus athnuachana.
- Réachtáladh Cruinnithe Iomlánacha Cheantar Bardasach Bhaile Uí Mhatháin ar an 9 Meitheamh, Gránard ar an 13 Meitheamh agus Longfoirt ar an 14 Meitheamh. Is iad na haoichainteoirí ná baill de chuid an PPN ag cur a gcuid tuairimí i láthair ar thionscadail a chur i bhfeidhm trí mhaoiniú LEADER. Chríochnaigh baill de fhoireann LEADER na cruinnithe le cuir i láthair ghearrtha agus bhí siad ann le labhairt le baill agus cuairteanna ina dhiaidh sin a shocrú.
- Socraíodh grúpaí Nasctha nua nuair a tháinig folúntais ionadaithe pobail aníos ar struchtúir na Comhairle agus comhlachtaí taobh amuigh. Socraíodh Grúpaí Nasctha i gcomhar le Treoirilinte na Roinne le grúpaí pobail ag toghadh ionadaithe agus cuireadh i bhfeidhm an próiseas a bheidh ag baint úsáide as foirmeacha aiseolais an PPN. Treisíodh grúpaí Nasctha a bhí ann cheana. Faoi láthair, tá 40 ionadaí ag PPN Chontae Longfoirt ar 18 gCoiste.
- Cuireadh tús leis an Líonra Míchumais de chuid an PPN i mí Bealtaine 2017. Rinneadh stocaireacht ar Chónaidhm na hÉireann um Míchumas de bharr nach raibh aon Oifigeach do dhaoine



Piosa Ealaíne an PPN d'Fhéile Ealaíon Chruthú

faoi Mhíchumas ceaptha i lár tíre. Tá duine ceaptha anois. Fuarthas aitheantas mar an chéad Chomhdháil Náisiúnta de chuid an PPN don "Mhúnta is Fearr" maidir leis an Líonra do dhaoine faoi Mhíchumas agus na Grúpaí Nasctha a bhunú agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tugadh faoi 3 Iniúchadh Luaineachta i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae an Longfoirt agus an Chomhairle do Dhaoine níos Sine. Oibríodh leis an Garda Síochána maidir le páirceáil mhídhleathach éagsúil agus ceisteanna rochtana.

- Chuir Áiteamh Poblachta PR Traenáil ar fáil do Rúnaíocht an PPN agus grúpaí an PPN ar an 15 Márta agus an 10 Bealtaine.
- Chuir Ceartas Sóisialta Éireann PPN traenáil ar fáil do thart ar 80 duine d'fhoireann na comhairle agus d'Oifigeach Forbartha an PPN ar an 27 agus an 28 Márta.
- Chuir Oifigeach Forbartha an PPN traenáil ionductaithe ar fáil d'ionadaithe nua agus do ghrúpaí idir Eanáil - Samh 2017.
- Thug Oifigeach Forbartha an PPN tacaíocht do ghrúpaí le hiarratais maoinithe a líonadh amach.



Iniúchadh Luaineachta an PPN, 4 Deireadh Fómha

- Dearadh agus priontáladh Pacáistí Eolais ar an 1 Feabhra.
- Forbraíodh agus seoladh suíomh gréasáin an PPN ar an 7 Meán Fómhair.
- Forbraíodh agus seoladh fiseán Promo ar an 21 Meán Fómhair.
- Seastán an PPN ag cur chun cinn an struchtúir ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus Náisiúnta i.e. Lá Eolais do Dhaoine níos Sine, Lá Eolais Cúraim Leanaí Chontae Longfoirt/na hIarmhí agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2017.
- Chomhoibrigh Grúpaí PPN le hOifig na nEalaíon chun píosaí móra ealaíne a chruthú as ábhair ath-chúrsáilte le chur ar taispeántas ag Féile Ealaíon Chruthú i mí Iúil 2017.
- Scaipeadh 11 e-Feasachán/nuachtlitir mhíosúla in 2017 mar chuid de Straitéis Cumarsáide an PPN chomh maith le cur le leathanach Facebook an PPN a bhfuil 1247 leantóir aige faoi láthair agus clúdach de idir 3000 agus 5000 duine gach seachtain. Tá leathanach Twitter gníomhach ag an PPN freisin agus tá Foireann Díolocháin anois in úsáid do chláirúcháin ar líne agus meall ríomhphost/teachtai-reachtaí á seoladh.
- Dóstaíl PPN Chontae an Longfoirt Ceardlanna/Seónna Bóthair Réigiúnacha Cheartas Sóisialta Éireann ar an 2 Nollaig. Ghlac 11 PPN páirt ann.
- Nascadh grúpaí pobail le gníomhaireachtaí cuí mar shampla an FSS, Seirbhísí Promhadh, na Gardaí Síochána, Acmhainní Pobail Longfoirt Teo, Cónaidhm do Dhaoine faoi Mhíchumas Éireann agus go leor eile.
- Tá PPN Chontae an Longfoirt tar éis é féin a chur chun cinn mar bhealach lárnach trína roinntear eolas agus trína bhfaightear é e.g. grúpaí, gníomhaíochtaí/imeachtaí, traenáil/ceardlanna, comhairlíocháin, deiseanna maoinithe etc.

COISTÍ AGUS LÍON IONADAITHE DE CHUID AN PPN

- Seirbhís Eolais Saoránaigh (CIS): 1
- Oidhreachta an Chontae: 1
- Coiste Cúram Léanaí Chontae Longfoirt: 1
- Fóram Drúgaí agus Alcól Chontae Longfoirt / Tascfhórsa ar Dhrúgaí agus Alcól Lár na Tíre: 1 (an duine céanna don dá choiste)
- Turasóireacht Chontae Longfoirt: 3
- Coiste um Beartais Straitéiseacha Forbartha Eacnamaíochta & Fiontair: 2
- Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta: 3
- Coiste um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil & Infreastruchtúir: 2
- Comhchoiste Póilíneachta: 1




Paddy Mahon, Príomhfheidhmeannach ag caint le baill PPN, Iomlánach an Chontae



Senior Staff members participating in PPN Training



An Chéad Chomhdháil Náisiúnta de chuid an PPN, Sligeach Bealtaine 2017



Suíomh idirlínn PPN

COMPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LONGFOIRT

Tá réimse leathan spóirt agus cláir gníomhaíochta fhisiciúla ar fáil trí Chomhpháirtíocht Spóirt Longfoirt (LSP). Chomh maith leis na mílte duine a ghlac páirt sna 34 clár áitiúil, fuair grúpaí tacaíocht trinár scéim deontas beag agus tógadh ar chainníocht trí shraith tionscnamh traenála agus oideachais.

Ar cheann de bhuaicphointí 2017 bhí Maoiniú Cuntais Díomhaoine a aimsiú do Mhol Spóirt an Phobail nua in Meathas Troim. I measc na bhforbairtí suntasacha eile bhí an líonra rite páirce a leathnú amach tuilleadh leis an rith páirce Sóisearach agus Dámhachtainí an Chéad Lá Spóirt de chuid Ganly i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt agus Ceannaire Longfoirt. Chuir an LSP fáilte freisin roimh Oifigeach Forbartha Spóirt Pobail páirtaimseartha chuig an bhfoireann.

ACMHAINNÍ A CHUR AR FÁIL AGUS MAINIÚ

Déirigh leis an LSP thart ar €275,000 i maoiniú a aimsiú ó sholáthróirí éagsúla le linn 2017:

- Bunchistie Spóirt Éireann
- Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte: ríomhchlárú SIDO / Éire Fholláin
- Aois agus Deis na hÉireann: ríomhchlárú Aoise Gníomhaí
- Maoiniú Cuntais Díomhaoine do cheithre chlár:
 - Mol Spóirt an Phobail (Meathas Troim)
 - Cóitseáil Phobail
 - Ceannasaíocht Spóirt
 - Tionscnaimh Imeachtaí Uirbeacha Amuigh faoin Aeir

BORD LSP

An Clr. John Browne; an Clr. Mark Casey; an Clr. Martin Mulleady; Paddy Mahon, Comhairle Chontae an Longfoirt. Is iad na hionadaithe spóirt ná Shirley Maloney, Spóirt Mionlaigh; Paul Clancy, Uiscíocht; Peter Reilly, Spóirt Pháirce. Bhí gníomhaireachtaí eile ann freisin, lena n-áirítear an Clr. Peggy Nolan, BOO; Clodagh Armitage, FSS; Martin Tarmey, Míchumas, James O'Brien, Áiseanna; an Clr. Mae Sexton, clg LCR; Michael Belton, An Garda Síochána; Joe Quinn, Seirbhísí don Aos Óg, Frank Horne, RAPID, Breda Greaves, Daoine Fásta Breacaosta. Reachtáladh Cruinniú Cinn Bhliana an Bhoird ar an 30 Márta 2017.

FORBAIRT INFREASTRUCHTÚIR ÁITIÚIL SPÓIRT

Trínár n-obair mhaoinithe, thacaigh an LSP le seacht gclub déag le cúnamh deontais a fháil le tacú lena struchtúir shóisearacha, a dtionscnaimh chóitseála



agus oideachais agus cláir dírithe ar ghrúpaí. Maidir leis an obair forbartha club eile, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do rólanna an choiste, ceisteanna rialachais agus cosanta leanaí, ag tabhairt athruithe agus reachtaíocht grinnfhiosraithe na nGardaí.

Doibrigh an LSP go dlúth le Comhairle Chontae an Longfoirt ar iarratas faoin gClár Caipitil Spóirt ar éirigh go maith leis d'fhorbairt halla gleacaíochta Meall, agus mar sin ag neartú infreastruchtúr an Chontae.

CLÁIR SPÓIRT ÉIREANN A CHUR AR FÁIL

Cuirfead tús le siúlóidí **Claochlath Oibríochtúil** in 2017 in Achadh na Cloiche, Meathas Troim, i mBaile Longfoirt, i mBaile Uí Mhatháin, i nGránard agus i mBéal Átha na Muc. Mhair na siúlóidí seachtainiúla seo 6 seachtaine agus tháinig an LSP i gcomhpháirtíocht le Rith Páirce don phríomh-imeacht ar an 7 Eanáir 2017, le 210 rannpháirtí – an slua is mó atá feicthe ag Parkrun ó cuireadh tús leis. Lean an clár RTE OT é agus thairfead siad a 10@10 i Scoil Náisiúnta Cill Eo.

Go dáta tá an clár *Buntús* bainte amach ag 4,470 gasúr scoile agus 36 scoil agus leanfar suas le traenáil mheabhúcháin ach é a iarraidh.

Chuir an LSP cúrsaí traenála agus oideachais, ceardlanna agus seimineáir ar fáil i gcomhar le gníomhaireachtaí páirtithe. San áireamh leo seo bhí ceithre chúrsa Chosaint 1, dhá chúrsa Chosaint 2 agus cúrsa Chosaint 3 amháin. San iomlán, ghlac 140 duine a bhí mar ionadaithe ar 13 spórt páirt sna cúrsaí traenála seo.

CLÁR A CHUR AR FÁIL

Cuireadh **Cláir Scoile – Tolg go 3k&Acláíocht halla Spóirt** ar fáil ar fud an Chontae le níos mó ná 550 scoláire ag glacadh páirte ó 20 scoil. Bhí Grúpa nasctha le rith páirce sóisearach tar éis na n-imeachtaí.

Thóg scoileanna breise faoin gclár **BiBeogaASAP** i 5 scoil, ag díriú ar ghníomhaíochtaí fhisiciúla taobh amuigh d'uaireanta na scoile.

Ghlac 400 duine páirt sna gníomhaíochtaí mar chuid de **Seachtainna Rothar** náisiúnta. Thug clubanna agus



grúpaí áitiúla tacaíocht d'imeachtaí lena n-áirítear Bróinse Ghluaisrothaithe Longfoirt, Rothaíocht Clainne Chluain Dá Ráth, an Trí-atlan Tarmonator, Trí-atlan do ghasúir agus Turas Rothaíochta Longfoirt.

Chomhlíon an LPS i gcomhar le hAois agus Deis Éireann a ról maidir le **Ceannaire Gníomhaíochta Fhisiciúil (PALs)** i Meathas Troim i mí Márta agus bhí níos mó ná 30 rannpháirtí ag glacadh páirte. Tá traenáil ar na rannpháirtithe seo chun gníomhaíocht fhisiciúil a chur ar fáil i suíomhanna le daoine breacaosta mar shampla ionaid cúraim lae agus do ghrúpaí gníomhaíochta atá ar scor.

Chríochnaigh 16 rannpháirtí an clár **Cóitseáil Phobail** i mí Aibreán i mBaile Uí Mhatháin. Ag obair i gcomhar le LCRL, DSP agus gníomhaireachtaí eile, bhí fócas na rannpháirtithe ar bheith réidh do phost (oideachas amuigh faoin aeir) do dheiseanna amach anseo a d'fhéadfadh teacht as Ionad Parc.

PEIL SA BPOBAL

Tá borradh faoi pheil na n-óg i Longfoirt le 200 duine óg ag glacadh páirte i *gCraobh Sacair Déanach*. Chomh maith leis sin, ghlac 64 cailín ó scoileanna bhaile Longfoirt páirt i *Futsal Cailíní Bunscoile FAI* an tseachtain seo caite.

Táthar ag leathnú amach tionscnamh píolótach *Sacair Siúlóide* in Ionad Lá Chlochair i mBaile Uí Mhatháin. Tá rialacha peile siúlóide mar a chéile lena chomhardaí sciobtha ach tá roinnt difríochtaí ann. Bíonn an fhoireann níos lú (idir cúigear agus seachtar ar gach aon taobh), bíonn saorchiceanna indíreach, tagann ciceanna isteach in áit caitheamh isteach, níl as an imirt i gceist, caithfear an liathróid a choinneáil faoi airde an chloiginn agus tá cosc ar aon rud oiread agus bogshodar. Cuirfear tús le leathnú amach ar fud an Chontae in C1 2018.

CLÁR CUIMSITHE POBAIL DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Rinneadh leathnú amach ar thraenáil Cuimsithe do Dhaoine faoi Mhíchumas i Stonepark FC i gcomhar leis an FAI; beidh Stonepark FC ar cheann de na chéad chlubanna sa gContae a bheidh ag cuir *Peil do gach Duine* ar fáil go príomhshrutha.

Leanadh ar aghaidh le *Clár Gníomhaíochta Fiáine na hIarthar* i gcomhar le CAMHS, le go nglacfaidh gasúir/daoine óga agus tuismitheoirí páirt i spórt bunaithe sa

bpobal – rannpháirtithe as Longfoirt agus an larmhí.

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an *Chláir Nua-churlála* do dhaoine faoi aon mhíchumais, le bheith mar pháirt de Chluichí Cuimsithe.

I gcomhar leis an FSS, thacaigh an LSP le leathnú amach lá traenála 'Intreoir ar Shláinte Meabhrach na nÓg' i mí Meitheamh.

CÓITSEÁIL POBAIL RUGBAÍ

Tháinig deis chun cinn le hobair dhearfach bhfuiltear ag tabhairt fúithi mar chuid de Rugbaí sa gComhpháirtíocht Pobail le *Turas Chorn Domhanda Rugbaí na mBan* i mí Iúil. Chuaigh an turas ar fud Longfoirt agus tugadh cuairt ar ghasúir scoile i Scoil Náisiúnta Chill Eo agus ansin an Club agus bhí Rugbaí Laighean agus Seirbhísí Naomh Chríostóir i láthair freisin.

Lena n-áirítear clár eile:

- Leantar ar aghaidh ag leathnú amach *Clár Imeartha Rugbaí Aldi* agus soláthar trealamh do scoileanna
- Leantar ar aghaidh le *hoideachais cóitseála* i gClub Rugbaí Longfoirt
- Forbairt ar infreastruchtúr an chlub – osclaíodh **áis traenála astro agus ionad óige**
- *Ceardlann cóitseálaí TY* do 3 iarscoil

COMPHÁIRTÍOCHT POBAIL CLG

Bhí post an oifigigh forbartha don CLG folamh sa gcéad leath den bhliain. In ainneoin an laghdaithe ar acmhainní, rinne an CLG leathnú amach ar roinnt tionscnaimh lena n-áirítear cóitseáil scoil náisiúnta, blitz iománaíochta taobh istigh, obair i scoileanna DEIS, PeildoDhéagóirí, réiteoireacht TY, garchabhair agus duaiseanna bunleibhéil.

Achoimre ar spriocghrúpaí LSP agus Spóirt Éireann a ghlac páirt le linn na tréimhse seo:

- | | |
|---|-------------------------------------|
| • Daoine difhostaithe | • Daoine faoi mhíchumas intleachta |
| • Gasúir d'aois bunscoile | • Mná atá idir 18-50 |
| • Fir atá idir 18-50 | • Oibríthe deonacha clubanna Spóirt |
| • Cóitseálaithe | • Daoine óga i mbaol |
| • Daoine a bhfuil deacrachtaí sláinte meabhrach acu | • Daoine de phobail imirceacha |
| • Daoine faoi mhíchumas fisiciúil | • Cailíní d'aois iar-bhunscoile |
| • Daoine faoi mhíchumas céadfach | • Buachaillí d'aois iar-bhunscoile |
| • Pobail faoi mhíbhun-táiste | |

AG TÓGÁIL AGUS AG COTHÚ COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Leanann na compháirtíochtaí pobail leis na Ceanneagraíochtaí Rialaithe Spóirt Náisiúnta agus Comhairle Chontae an Longfoirt, Comhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí agus Comhairle Contae Liatroma ag tabhairt cúnamh suntasach chun deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht spóirt, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Oibríonn an LSP go dlúth le gníomhaireachtaí eile ar phleananna oibre bliantúla a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Leanann ár bhfóram spóirt agus ár bhfóram cumais spóirt ar aghaidh ag oibriú le clubanna agus grúpaí chun cur le hacmhainní taobh istigh de cheantair agus tosaíochtaí a aithint.

Mar chuid dár bhfeasacht a ardú agus obair phobail, bhí ionadaíocht ag an LSP ar roinnt coistí lena n-áirítear Coiste Stiúrtha Éire Fholláin, Turasóireacht Longfoirt agus Fóram Bainistíochta Deonai Longfoirt.

Lena n-áirítear páirtithe oibrithe eile thar an tréimhse:

- Aois agus Deis
- Eagraíochtaí Míchumais
- FSS
- Gardaí
- Ranna Rialtais
- Údarás Áitiúil
- Cuntais Díomhaoine
- Coistí Forbartha Pobal Áitiúil
- Ionad Cúraim
- Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- Eagraíochtaí Spóirt Chláraithe



- LSP Eile
- Spóirt Éireann
- Gníomhaireachtaí Turasóireachta
- Bunscoileanna
- Bord Oideachais agus Oilíuna
- Eagraíochtaí Seirbhísi don Aos Óg
- Pobal/ LEADER/ Páirtithe Bunaithe sa gCeantar
- Iarbhunscoileanna
- Eagraíochtaí Pobail

EOLAS A CHUR AR FÁIL

De bharr pleanáil straitéiseach an LSP, bhí athbhreithniú deiridh tréimhse agus comhairliúchán poiblí ar bun don straitéis nua 2018-2021. Seolfar é sa dara ceathrú de 2018.

Leanann an LSP ar aghaidh ag baint úsáide as a ardáin meán, Facebook agus Twitter le teagmháil a dhéanamh le clubanna agus grúpaí sa gContae, agus tá lucht leanúna láidir acu ar an bpéire acu. Chomh maith leis sin, lean obair ar an suíomh nua ar aghaidh le linn 2017, le dáta an tseolta sa dara ceathrú de 2018. Tá nuachtlitr sheachtainiúil ag Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt freisin san alt spóirt de Cheannaire Longfoirt, nuachtlitracha agus liostaí a roinnt ar scoileanna, clubanna spóirt, gnóthaí áitiúla agus gníomhaireachtaí eile.

Reáchtáladh an chéad Dámhachtainí Réalta Spóirt Longfoirt Ganly 2017 ar an 1 Nollaig 2017. Ba iad Club na gCapaillín Longfoirt na buaiteoirí móra do 2017, le 14 dhuais eile bronnta ar an oíche, lena n-áirítear Oibrí Deonach na Bliana agus an Duais don tSeirbhís Iontach do Spóirt. Is iad na mná a bhí in uachtar agus na lúthchleasathé sóisearacha thar roinnt spórt mionlaigh sna torthaí. Chinntigh an chomhpháirtíocht idir Cheannaire Longfoirt agus Ganly poiblíocht iontach, a coinníodh i rith na bliana.

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt fíor-bhuíoch de Chomhairle Chontae an Longfoirt, Spóirt Éireann, an FSS, maoinitheoirí eile, gníomhaireachtaí áitiúla agus ionadaithe ó bhord Comhpháirtíochta Spóirt.



SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

IARRATAS SAORÁLA FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae an Longfoirt iarratais Saorála Faisnéise ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear

Líon Iarratais Saorála Faisnéise	103
Líon Athbhreithnithe Inmheánacha	2
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Eolais	0

EOLAS AR IARRATAIS EACNAMAÍOCHTA

Sé iarratas ar rochtain d'Eolas ar iarratais Eacnamaíochta a fuarthas le linn 2017.

AN TACHT UM NOCHTADH COSANTA

Líon na Nochtadh Cosanta a fuair le linn 2017 ná was 2.

SAINCHEADAIGH

Tháinig Clár 2017/2018 i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2017 go dtí an 14 Feabhra 2018. Le vóta a chaitheamh, caithfidh duine a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine ar an dáta sin agus a bheith ina chónaitheoir de ghnáth ag a seoladh ar an 1 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin. Gach cónaitheoir, is cuma cén náisiúntacht atá acu, atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, i dteideal a bhí san áireamh i gClár na dToghthóirí. Is féidir le duine a bheith san áireamh ar an gclár mar Fhorlíonadh don Chlár má bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach ar nó roimh Lá Vótála agus a bhaineanna amach na riachtanais maidir leis an áit cónaithe. Is iad na huimhreacha a bhí cláraithe le vóta a chaitheamh do Chlár na dToghthóirí 2017/2018 ná -

Toghlímistéar Áitiúil	Líon na dToghthóirí
Baile Uí Mhatháin	10,475
Gránard	10,782
Longfoirt	9,505
Iomlán:	30,762

ACHT NA DTEANGACHTA OIFIGIÚLA

Tá chéad Scéim Teanga Chomhairle Chontae Longfoirt a aontaíodh leis an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta tar éis gur ceadaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla, fós i mbun oibre.

Fuair an Comhairle cead roimhe seo le hullmhúcháin a dara Scéim a chur siar. Socraíodh in 2017 go mbeadh sé níos fearr i gcomhthéacs foilseacháin a bhfuiltear ag súil leis de tuilleadh reachtaíocht ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus eolas atá ar fáil, chun ullmhúcháin dara scéim teanga na Comhairle a chur siar ar feadh tréimhse ama. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gceist seo faoi láthair.

Le linn 2017, thóg an Oifigeach Gaeilge faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas maidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn:

- Chas lucht an Ciorcal Comhrá le chéile le linn am lóin ar feadh tréimhse sé seachtaine le linn Márta/Aibreán agus Samhain/Nollaig. D'fhreastail fostaith na Comhairle agus baill an phobail ar na seisiúin seo.
- Reáchtáladh sraith sé ranganna bunúsacha agus meánranganna Gaeilge le linn Márta agus Aibreán. Cuireadh ranganna ar fáil d'fhostaí na Comhairle agus baill an phobail leis an dara sraithe de ranganna á reáchtáil i Samhain/Nollaig.
- Chuir múinteoir ón Gaelscoil ranganna Gaeilge bunúsacha ar fáil sa leabharlann ar feadh seachtain iomlán le linn mí Iúil. Fógraíodh ranganna go forleathan agus reáchtáladh iad ar maidin idir 10r.n. agus 1 i.n. Rinneadh an cine an cineál seo "Scoil Samhraidh" a chur ar fáil arís an bhliain seo chugainn mar gur fhreastail go leor daoine ar na ranganna.
- Rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge trí sraith tráth na gceist i nGaeilge a chur ar fáil i ceithre cinn de na leabharlanna bhraíse, ceannaíodh roinnt leabhair Gaeilge do dhaoine fásta le leabhair Gaeilge ar taispeántas do dhaoine fásta agus gasúir i ngach mbraínse. Ghlac lucht an gCiorcal Comhrá sa gceiliúradh agus chas siad lena chéile an tseachtain sin le ceiliúradh speisialta "cupán tae" a dhéanamh.
- I mí Iúil 2017, d'fhreastail an Oifigeach Gaeilge ar chruinniú líonra d'Oifigigh Gaeilge de chuid na húdaráis áitiúla. Chuir an Coimisinéir Teanga in iúl gur cheart go mbeadh reachtaíocht nua ag maidir

le hoibleagáidí na hÚdaráis Áitiúla maidir leis an Ghaeilge ceadaithe luath in 2018.

- I mí Dheireadh Fómhair 2017, tar éis próiseas iarratais cuimsitheach, fuair Leabharlann Longfoirt deontas de €1,300 ó Fhoras na Gaeilge i dtreo maoiniú imeachtaí Gaeilge le linn Fhéile Leabhair na Gasúir. Baineadh úsáid as an maoiniú le beirt ealaíontóirí a aimsiú. Chuir Carmel Balfe (ealaíontóir) seó puipéad dhátheangach ar fáil i Leabharlann Longfoirt do rang a hAon agus rang a Dó as 3 bhunscoil áitiúil i mBaile Longfoirt agus rinne Niall

de Búrca (ealaíontóir) plé ar a chuid leabhair agus scríbhneoireacht i nGaeilge leis an 5ú bliain agus an 6ú bliain ó iar-bhunscoileanna áitiúla i Longfoirt, Baile Uí Mhatháin agus Béal Átha Liag.

- Le linn na bliana, chuir an Oifigeach Gaeilge roinnt litreacha aistrithe, comharthaí bóithre agus ábhair eile ar fáil d'fhostaithe.

Aithnítear comhoibriú na Baill Tofa le linn 2017 i gcur i bhfeidhm leanúnach oibleagáidí na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

ACMHAINNÍ DAONNA

Tacaíonn an Rannóg Acmhainní Daonna leis an bhFoireann Bainistíochta sa mbainistíocht straitéiseach dá acmhainn is luachmhara – a fostaithe.

Maidir le hobair na Rannóige Acmhainní Daonna, tá earcaíocht, cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta, próiseáil an párolla, bainistíocht tinrimh, traenáil & forbairt, bainistíocht feidhmíochta, comhlíonadh maidir le reachtaíocht reachtúla agus caidrimh thionsclaíoch. Lean an creat prionsabail agus oibriúcháin do 2017 ar aghaidh a bheith treoraithe ag cinntí Pholasai an Rialtais maidir le seirbhísí poiblí.

EARCAÍOCHT AGUS ROGHNÚCHÁIN

Tharla gníomhaíocht earcaíochta suntasach i gComhairle Chontae an Longfoirt in 2017. Oibrítear nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin ar bhealach oscailte agus faireáilte, i gcomhar le cleachtas earcaíochta agus caighdeáin roghnúcháin mhaith, reachtaíocht fostaíochta agus treoracha Ciorcláin Rannach lena mbaineann.

Tá an leibhéal ard earcaíochta agus roghnúcháin a tugadh faoi curtha ar fáil sna staitisticí do 2016 thíos.

Comórtais a fógraíodh	38
Laethanta agallaimh	43
Cuireadh tugtha d'iarrthóirí	361
Iarrthóirí a d'fhreastail ar agallamh	303
Coinní	67

PLEANÁIL FÓRSA OIBRE

Cuireadh Straitéis & Plean Fhórsa Oibre na Comhairle 2016-2021 i gcrích agus cuireadh faoi bhráid na Roinn é i Márta 2016. Leanann na hAcmhainní Daonna ar aghaidh ag glacadh páirt gníomhach sa bpróiseas déanamh cinntí agus

measúnú a dhéanamh ar riachtanais foirne agus réamh-mheastacháin do thodhchaí fhórsa oibre le freagra Chomhairle Chontae an Longfoirt a chumasú don Chlár Leasuithe um Seirbhís Poiblí, ag breathnú ar na tosaíochtaí a aithnítear i bPlean Chorpáraideach na Comhairle.

BAINISTÍOCHT TINRIMH

Tá Comhairle Chontae an Longfoirt tiomanta i dtimpeallacht oibre tacúil agus folláin a chruthú agus a choinneáil dá fhostaithe agus aithnítear an tionchar a bhíonn ag neamhláithreachtaí ar obair na Comhairle agus ar obair a chomhghleacaithe. Tá an Chomhairle mar sin tiomanta i neamhláithreachtaí a bhainistiú nuair is féidir, chun tionchar neamhláithreachtaí a laghdú agus a choinneáil agus leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm an Polasai Bainistíochta Tinrimh. Tá an polasaí mar bhonn ag nósanna imeachta chun neamhláithreachtaí a bhainistiú, ag coinneáil le forálacha reachtúla, scéimeanna saoire bhreiteachta agus dea-chleachtas. Tá an Chomhairle ag obair chun sprioc forleathan na Seirbhíse Poiblí chun laghdú ar am a chailltear de bharr neamhláithreachtaí i gcomhar le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí a bhaint amach. Déantar bainistiú ar Am & Tinreamh na fostaithe ag úsáid CORE (córas HR comhtháite). Cuireann sé seo HR ar a chumas tuairisc bainistíochta suas go dáta ar tinrimh fostaithe a chur ar fáil.

AN TACHT UM AN MBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN 2012-2016 (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA)

Achtaíodh an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012-2016 (Leanaí agus Daoine Soghonta) in 2016 a chuireann bunús reachtaíochta ar fáil le daoine a chur faoi Grinnfhiosrúcháin atá ag iarraidh poist maidir le leanaí agus daoine soghonta. Déanann an tAcht Grinnfhiosrúcháin éigeantach.

Tá sé mar chúram ar Chomhairle Chontae an Longfoirt mar 'Eagraíocht Ábhartha' do chuspóir na hAcha a chinntiú go bhfuil fostaithe a mheasann sí atá mar chuid de gníomhaíochtaí a chuimsíonn an Achta mar ábhar Grinnfhiosrúcháin Garda. Tugadh faoi measúnú ar rólanna agus gníomhaíochta na bhfostaithe agus bunaithe ar sin, caithfidh fostaithe i róil agus áiteanna seirbhís éagsúla tabhairt faoi Grinnfhiosrúcháin Garda. In 2017, chuir na hAcmhainní Daonna an próiseas de ghrinnfhiosrúcháin cúlghabhálach do fostaithe reatha i gcomhar leis na riachtanais faoi Acht i gcrích.

OILIÚINT FOIRNE AGUS FORBAIRT

Aithníonn an Chomhairle an príomhról atá ag a cuid fostaithe agus tá sí tiomanta ina oiliúint & forbairt. D'fhorbair Acmhainní Daonna Polasaí Oiliúint & Forbartha d'Fhostaí agus ag tar éis próisis comhairliúcháin leis na comhlacht ionadaíochta fostaí agus an Grúpa Oifigigh Sinsearacha, aontaíodh an Polasaí seo leis an bhFoireann Bainistíochta agus cuireadh i bhfeidhm é in 2017.

Cuireann an polasaí seo clár traenála bliantúil ar fáil ní hamháin le cinntiú go dtógann gach fostaí faoi traenáil éigeantach i gcomhar le riachtanais reachtúla ach go gcuireann sé deiseanna ar fáil d'fhostaí chun a scileanna a fhorbairt agus a chumais chun cur le soláthar seirbhíse agus cur le spriocanna straitéiseacha Chomhairle Chontae an Longfoirt. Chuir an polasaí tacaíocht ar fáil d'fhostaí a bhí ag iarraidh tabhairt faoi oideachas tríú leibhéal lena forbairt proifisiúnta agus pearsanta a chur chun cinn.

Tacaíonn na hAcmhainní Daonna go gníomhach le Sláinte & Sábháilteacht le bearna oiliúna a aithint, traenáil sábháilteachta san ionad oibre a aimsiú agus a sholáthar agus taifead traenála Sláinte & Sábháilteachta a choinneáil.

In 2017, chuir na hAcmhainní Daonna clár traenála suntasach ar fáil, ag úsáid traenáilaithe a aimseoidh go himmheánach agus go seachtrach, agus ag leagan béim ar réimse leathan lena n-áirítear sláinte & sábháilteacht, teicneolaíocht faisnéise agus bainistíocht athrú agus ceannasaíocht. Cuireadh 135 clár oiliúna ina iomlán ar fáil do 969 rannpháirtithe thar 135.425 lá thar gach rannóg. Is iad cuid de na Cúrsaí Oiliúna a cuireadh ar fáil in 2017 ná:

- Excel
- Ag déileáil le Foréigean agus lonsaitheacht san ionad oibre
- Sábháilteacht Dóiteáin

- Láimhsiú Sábháilte
- IOSH Athnuachana
- Ag bainistiú sábháilteacht i tógáil (IOSH)
- Oiliúint ar chrochadh sábháilte scaoleadh paisinéara
- Tiománaí CPC
- Boinn scríobacha
- Traenáil ionadaíochta sábháilteachta
- Traenáil ionductaithe ráiteas sábháilteachta
- Pas Sábháilteachta
- Comharthaí, Soilsiú & Slándáil

CAIDRIMH TIONSCLAÍOCHTA/FOSTAÍ

Is cuid lárnach é Caidrimh Tionsclaíochta agus Fostaí de ghníomhaíochtaí HR de bharr go gcuimsíonn imní fostaithe réimse leathan saincheisteanna. Neartaíonn caidrimh tionsclaíochta maith tríd idirghníomhaíocht agus teagmháil leanúnach le páirtí leasmhara caidrimh idir fhostóirí agus fostaí. Bhain na príomhréimsí teagmhála in 2017 le Pleanáil Fórsa Oibre agus ceisteanna clúdaithe faoin gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2018 leasaithe, Comhaontú Bhóthar Lansdún (Comhaontú Bhóthar Haddington roimhe seo).

AG DUL CHUN CINN

Ag dul chun cinn, leanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna ar aghaidh ag baint amach a gclár oibre oibriúcháin agus gníomhaíochtaí le cuir le éachtaí aidhmeanna agus spriocanna aitheanta atá bainte amach i bPlean Corparáideach na Comhairle go dearfach.

FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, FIONTRAÍOCHTA AGUS TURASÓIREACHTA

COMHSHAOIL EACNAMAÍOCHTA

Choinnigh an eacnamaíocht áitiúil ag éirí níos láidre in 2017 tar éis treochtaí náisiúnta dearfacha atá bunaithe ar muinín nua go bhfuil an tír ag dul isteach i tréimhse d'fhás breise. An bagairt is mó don fhás sin ná an éiginnteacht thimpeall ar Bhreathimeacht agus na himpleachtaí i gceist leis, go háirithe do na gnólachtaí sin atá páirteach i trádáil idirnáisiúnta. Rinne gnólachtaí de mheánmhéid go maith in 2017 le go leor acu ag méadú bunaithe den chuid is mó mar gheall ar léiriú easpórtáil láidir. Tá sé tábhachtach mar sin go bhfuil na cuideachtaí seo foscaithe chomh fada agus is féidir ó aon impleachtaí diúltach a d'fhéadfadh a theacht aníos ón bpróiseas Breathimeacht.

Thug roinnt monarchan atá bunaithe i Longfoirt faoi nó achoimre faoi pleananna méadú le linn 2017. Choinnigh Abbott Éireann, SHINGO, monarchan duaiseanna buaite, air ag tabhairt faoin méadú le linn na bliana agus anois tá sé ar cheann de na monarchan Medtech is forbartha sa tír. Fuair Bia Panelto cead pleanála do mhéadú de 45,000 troigh chearnach agus de bharr seo, ba cheart go mbeadh sé ar cheann de na monarchan próiseáil bia teicniúil is forbartha ar domhan agus tá Milling i Gránard tar éis méadú. Fuair ilnáisiúnta Meiriceánach mór Finesse Medical agus a bheith ag méadú sa todhchaí le cúnamh Dé i Longfoirt agus díoladh iar-monarchan Cameron chuig foireann infheistíochta RA le pleananna chun áis déantúsaíochta a bhunú.

Cuireadh tús le tógáil forbairt Ionad Páirc Foraois Longfoirt i mBaile Uí Mhatháin, an infheistíocht turasóireachta singil is mó i stair an Stáit. Tá tógáil an ionad ar sceideal d'oscailte pleanáilte do lár 2019. Tá féidearthacht ag na hinfeistíochtaí ar fad atá tugtha le deiseanna fostaíochta suntasacha nua a chur ar fáil le céimithe, daoine óga agus teaghlaigh a choinneáil sa réigiún agus tá Longfoirt ag troid chun infheistíocht tráchtála a mhealladh agus tacú leis.

Leanann oifig áitiúil LEO ar aghaidh ag tacú le riachtanais eanáil an ghnó beag agus tacú le hiarrachtaí an aonad forbartha eacnamaíochta i gComhairle Chontae an Longfoirt le an Contae a chur chun cinn mar láthair inmharthana d'infheistíocht gnólachtaí.

Thacaigh foireann Athnauchan na hÚdarás Áitiúil leis an iarracht ag cuir béime ar tionscadail éagsúla mar shampla an Cheathrú Thuaidh i mBaile Longfoirt agus ceantair droch-eacnamaíochta eile. Táthar ag súil go dtarlóidh infheistiú suntasach de chonláistí nua agus peile tar éis gur díoladh an ionad siopadóireachta folamh le linn na bliana sa mbaile ó 2018 ar aghaidh. Tá

an Údarás Áitiúil ag obair le pobail áitiúil tar éis dul chun a dhéanamh le tionscadail athnuachana eile ar 2016 le buíochas mar gheall ar fáil a bheith ar roinnt sraitheanna maoinithe Rialtais faoi REDz, Athnuachan Baile & Sráidbhaile, Athnuachan Tuaithe agus Caitheamh Aimsire faoin Aeir.

Leanadh ar aghaidh ag cur ar fáil an Scéim Spreagadh Gnó a tugadh isteach in 2015 le cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí bogadh isteach go haonaid folamh. Tá laghdú sciobtha ag teacht ar líon ollmhór an stoc tionsclaíoch a tógadh le linn an tíogar cheilteach agus atá fós folamh mar gheall go bhfuil gnóthas, go háirithe gnólachtaí i stórais agus dáileacháin ag feiceáil na buntáistí le bheith lonnaithe go lárnach in Éirinn.

Bhí an údarás áitiúil réamhghníomhach i gcainéal cumarsáide díreacha a aithint lena fostóirí cuí, lena gcomhlachais gnó agus lena diaspora eacnamaíochta. Chas sé le grúpa diaspora bunaithe i mBaile Átha Cliath faoi dhó in 2017 agus tá an grúpa fós ag cur comhairle ar fáil agus tacaíochtaí praiticiúil sna hiarrachtaí infheistíocht a mhealladh go dtí an Contae.

Chuir Comhairle Chontae an Longfoirt roinnt aighneachtaí faoi bhráid pleananna Náisiúnta agus Réigiúnach a shocróidh an cruth eacnamaíochta do tuaithe na hÉireann agus déirigh go maith leis maidir le huasghrádaithe infreastruchtúra a bhaint amach mar shampla píblíne gáis do Bhaile Uí Mhatháin. Leanann sé ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht leis na gníomhaireachtaí tacaíochta agus forbartha cuí agus ba cheart go mbeadh an bealach comhpháirtíochta seo i dtreo fás eacnamaíochta in ann na sochair a bhreith leis ag dul chun tosaigh.

OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA

Bunaíodh Oifigí Fiontair Áitiúla i mí Aibreán 2014 mar fheidhm de rialtas áitiúil. Feidhmíonn siad mar an pointe príomhthagartha do na ceisteanna ar fad maidir le gnó a thosú agus fás gnólachtaí beaga agus seirbhís 'Siopa Chéad Stop' a chur ar fáil do dhaoine atá ag cuardach eolas, comhairle, treoir nó tacaíocht maidir le forbairt micrithionscadail.

Oibríonn an oifig LEO i gcomhpháirtíocht le réimse gníomhaireachtaí eile le cinntiú go bhfuil daoine in ann theacht ar na tacaíochtaí is mó a bhaineann leo atá nasctha lena riachtanais ag amanna éagsúla déanann siad a ndícheall i gcónaí luach na bhfiontraí agus fiontraíochta a chur chun cinn i cúnamh a thabhairt d'eacnamaíochtaí áitiúla fás.

Oibríonn LEO Longfoirt go dlúth lena spriocphobal lena forbairt ar fiontar áitiúil a chur chun cinn, ag cur cuideachtaí beaga áitiúla i gcroílár cruthú poist. Cuireann sé réimse leathan tacaíochtaí ar bhealach dírithe ar fáil, ag tógáil caidrimh proifisiúnta dlúth agus mar gheall ar seo bíonn cliaint ag úsáid oifig an LEO mar acmhainn.

Ba bhliain an-mhaith eile é 2017 do LEO Longfoirt le teagmháil gníomhach agus fiúntach leis na céadta cuideachtaí beaga ar fud an Chontae. Tháinig fás de 106 ar líon na bpoist i gcuideachtaí de bharr tacaíocht dhíreach ó oifigí LEO Longfoirt. Cheadaigh LEO Longfoirt 23 thionscadal do chúnamh airgeadais dhíreach le linn na bliana, i gcomparáid le 15 an bhliain roimhe sin.

Tháinig LEO Longfoirt ard sa rangú ar scór cúram custaiméara agus sna suirbhéanna rátála sásamh agus déanann sé a dhícheall seirbhísí agus tacaíochtaí ar ardchaighdeán agus ileagsúla do a chuid custaiméirí agus

bunachar cliaint atá ag leathnú amach ar fud Longfoirt.

Lean an LEO ag leathnú amach a réimse beartais tacaíochta boga le traenáil, monatóireacht agus tacaíochta sa gcomhlacht a chur ar fáil. In 2017, bhain 72 rannpháirtí leas as tacaíocht meantóireachta agus bhain 518 rannpháirtí leas as cineál éigin traenáil struchtúrtha.

Tá tacaíochta deartha le bheith curtha ar fáil ar bhealach solúbtha agus saindeartha go sonrach le riachtanais fiontair nua agus ag fás a chomhlíonadh. Tá clár saindeartha deartha le tacú le grúpaí áirithe mar shampla Cliaint Ar ais go Fiontar, earnálacha faoi leith mar shampla bia agus earnálacha atá neamhfhorbartha mar shampla mná i gnó.

Lean LEO Longfoirt ar aghaidh ag cur chun cinn gníomhaireachtaí Rialtais deartha le fiontair áitiúil a spreagadh ach go háirithe Scéimeanna Spreagadh Post Fostóra agus Scéim Rochtain ar Sochair. I réimse an oideachais, lean LEO Longfoirt ar aghaidh ag tacú leis an gClár Fiontair Scoláireachta mar phríomhbhealach le tuiscint agus ómós do fhiontar a spreagadh i ndaoine óga. Lean sé ar aghaidh ag tacú leis na Dámhachtainí Fiontair Náisiúnta mar dheis mór le rá chun aird a tharraingt ar éachtanna beaga gnólachtaí agus fiontraí.

Doibrigh an LEO go dlúth leis na meáin áitiúla chun fiontar áitiúil a chur chun cinn, chun aird a tharraingt ar rath agus ábhar imní a ardú a chuireann isteach ar an earnáil. Lean sé ar aghaidh ag cur seirbhísí ar a suíomh díograiseach chun cinn www.localenterprise.ie/longford agus baineadh níos mó úsáid de na meáin shóisialta lena teachtaireacht a chur amach chuig a bunachar cliaint.

TURASÓIREACHT CHONTAE LONGFOIRT

In 2017, lean Comhairle Chontae an Longfoirt agus Coiste Turasóireachta Chontae Longfoirt ar aghaidh ag comhoibriú ar fhorbairt na turasóireachta i gContae Longfoirt, á aithint mar phríomh-earnáil eacnamaíochta sa gContae.

Chomh maith leis sin, i mí na Nollag 2017, d'earcaigh an Údarás Áitiúil a chéad oifigeach turasóireachta lánaimseartha, post a thabharfaidh cúnamh ollmhór do chur i bhfeidhm na pleananna agus beartais turasóireachta. Tosóidh an duine nua seo a ról i mí Feabhra agus beidh sí freagrach don Choiste Turasóireachta agus an SPC Eacnamaíochta.

In 2017, lean na gníomhaireachtaí ar fad a raibh baint acu le turasóireacht ag forbairt tionscadail infreastruchtúr mar shampla Siúlóid na Canálach Ríoga, conairí rothaíochta agus tionscadail filleadh pobail. Ba athrú mór é ciste an Rialtais a bheith ar fáil do spreagadh agus dul chun cinn tionscadail éagsúla agus tá gach coirneáil den Chontae tar éis a tionscadail turasóireacht a chur chun cinn le linn na bliana. Lean an Coiste Turasóireachta ar aghaidh ag obair ar straitéis maragaíochta don Chontae le tóir an Chontae mar áit turasóireachta a mhéadú do deighleoga margaiochta aitheanta spriocdhírthe. In 2017, lean obair ar aghaidh ar shuíomh gréasáin nua www.visitlongford.ie, láithreacht gníomhach ar na meáin shóisialta, ábhair bolscaireachta nua, chomh maith le mapai agus bróisiúir deartha le eolas agus oideachas a chur ar chuaiiteoirí ar réimse leathan bhraith turasóireachta atá ar fáil i gContae Longfoirt.

Lean Coiste Turasóireachta Chontae Longfoirt ar aghaidh ag obair ar feadh na bliana ar Oifig Eolais Turasóireachta i mBaile Longfoirt agus is Comhairle Chontae an Longfoirt a chur an chuid is mó den maoiniú ar fáil. Chomh maith le bheith mar bholscaire ar fheiltí agus imeachtaí áitiúla, chuir Coiste Turasóireachta Chontae Longfoirt traenáil ar fáil do bholscairí turasóireachta agus lorg siad infheistíocht a mhéadú i dturasóireacht áitiúil trí theacht ar chistí ón méid foinsí maoinithe agus is féidir.

Lean an Údarás Áitiúil ar aghaidh freisin ag obair leis an bpobal agus grúpaí sainleasa áirithe in 2017 ar thionsclaíochta agus imeachtaí a deartar le táirgí turasóireachta a thógáil. Chomh maith leis sin, tá ról maoirseachta tábhachtach ag an gcoiste LCDC i gcur i bhfeidhm an clár LEADER reatha agus a béim láidir a bhaineann le forbairt turasóireacht áitiúil.

Ba bhliain iontach é 2017 do thurasóireacht i Longfoirt le Comhairle Chontae an Longfoirt páirteach i réimse tionsclaíochta agus go leor acu le gnéithe réigiúnacha. Tugadh faoi tuilleadh obair ar bhealach Glas na Canálach Ríoga agus táthar ag siúl go mbeidh an tionscadail seo críochnaithe in 2018. Osclóidh sé seo suas pasáiste rothaíochta sábháilte ó

Baile Átha Cliath go dtí an tSionainn a imeoidh chomh fada le iarthar na hÉireann nuair a bheith sé críochnaithe.

Ag obair le príomhpháirtithe lena n-áirítear Comhairle Contae Ros Comáin, Uiscebhealaí Éireann agus Bord na Móna, rinne an údarás áitiúil dul chun cinn ar phleananna thimpeall forbairt an Páirc Bogaigh Náisiúnta ina mbeidh Loch Ree agus a oileáin oidhreachta agus na sciaranna ollmhara de portaigh caite a bhfuil ag Bord na Móna faoi láthair.

Faoi bhrat Eacnamaíochta Todhchaí na Sionainne Uachtarach na hÉirne (USEFE), leantar ar aghaidh ag uasghrádú táirge turasóireachta agus sraith rianta uisce agus rianta siúlóide/rothaíochta a nascann contaetha agus cúigí le chéile le bheith forbartha.

Lean Tionscadail Foraois Ionad Páirc Longfoirt ar aghaidh in uachtar ar cheannlínte nuachta le linn 2017 le céim na tógála ag dul de réir an sceideal leis an sprioc go n-osclófar an ionad saoire i lár 2019. Táthar ag breathnú ar an deiseanna maidir leis an bhféidearacht go mbeidh go leor cuairteoirí ag teacht go dtí an réigiúin ó 2019 agus tá obair tosaigh ar phacáistí le trial chun cuairteoirí a choinneáil sa réigiún ar feadh tréimhse níos faide.

Tharla go leor féilte ar éirigh go maith leo le linn na bliana le tacaíocht díreach agus indíreach ó Chomhairle Chontae an Longfoirt. Lena n-áirítear Féile Blas Fhearann an Locha, Féile Ealaíon Aisling na bPáistí, Féile Oíche na Marbh, Féile Ealaíon Cruthú, Marquee i nDroim Lis agus Féile Scannáin Ghearr Bhaile Uí Mhatháin. Táthar ag súil go dtógfar ar tháirgeadh agus próifíl na féilte seo ar fad agus níos mó le linn 2018.

Tá Comhairle Chontae an Longfoirt mar chuid de bhanda Fhéilte na hÉireann "Seanoirthear na hÉireann". Cé go gcuireann muid fáilte roimh go bhfuil péire dár dtarraingtí is suntasaí, Ardeaglais Naomh Mel agus Ionad Léirmhínitheach An Chorr Liath san áireamh i bpunann an IAE, tá Comhairle Chontae an Longfoirt ag siúl le branda Réigiúnach nua Fáilte Éireann a bheith foilsithe in 2018 le báisín níos leithne na Sionainne a chlúdach.

SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS LEASA AG AN OBAIR

Is dúshlán é sábháilteacht san ionad oibre a bhaint amach i gnólacht atá chomh héagsúil le Comhairle Chontae an Longfoirt. Ní féidir sláinte agus sábháilteacht a bhaint amach ach trí thiomantas fhostaí an ghnólacht. Tá Comhairle Chontae an Longfoirt tiomanta in ionad sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil feabhais leanúnach agus tabharfar sláinte sábháilteacht san áireamh mar chuid lárnach de ghnólacht.

TEASTAS DO 18001:2007

In 2014, bhronn an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) teastas clárúcháin den Chóras Bainistíochta Sábháilteachta agus Sláinte Cheirde do OHSAS 18001:2007 ar Chomhairle Chontae an Longfoirt.

Is caighdeán é an OHSAS 18001:2007 atá aitheanta go hidimáisiúnta do bhainistíocht Sláinte Cheirde agus Sábháilteacht. Tá sé ann le cuidiú le Comhairle Chontae an Longfoirt chur:

- Áit oibre sábháilte do fhostaí a chur ar fáil
- Cloí le riachtanais dleathach agus
- Rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le gníomhaíochtaí oibre na Comhairle a rialú agus a bhainistiú.

Is é Comhairle Chontae an Longfoirt an chéad Chomhairle Contae sa tír molta do theastas do OHSAS 18001:2007 do tras-phróisis eagraíochtúla.



Bhí na rannóga seo a leanas san áireamh i raon an iniúchadh.

Cothabháil Tógála

- Seirbhísí Corparáideacha
- Tithíocht
- Acmhainní Daonna
- Leabharlanna
- Bóithre
- Seirbhísí Uisce
- Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

I mí Dheireadh Fómhair 2017, thug an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) faoi iniúchadh ath-theastais rathúil. Eisíodh teastas clárúcháin nua don Chomhairle, atá baili ar feadh na trí bliana amach romhainn.

Is deimhniú thar a bheith tábhachtach é seo do



David Coppinger, David McNiff, Brian McNeela, Paul Newell, John McKeon, Paddy Mahon Príomhfheidhmeannach, John Thompson Cath NISG, Marie Kenny, Harry Galvin Uachtarán NISO, Mary Gouldsbury, Marise Macken agus Patricia Cahill Duais Airgid a bhronnadh orthu ag Dámhachtaini an NISO ar an 13 Deireadh Fómhair 2017

Chomhairle Chontae an Longfoirt agus léiríonn sé an tiomantas do bhainistíocht agus d'fheabhsú leanúnach de shláinte agus sábháilteacht le Comhairle Chontae an Longfoirt a dhéanamh mar áit níos sábháilte dá bhfostaí.

CIGEARACHTAÍ RIALTA

Thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi iniúchadh amháin ar an áit in 2017.

ACHOMAIRÉ AR THIMPISTÍ/TUAIRISCÍ THEAGMHAIS DO 2017

Is gné tábhachtach é timpistí agus teagmhais a thuairisciú den chóras bainistíochta sábháilteachta agus úsáidtear é mar uirlis úsáideach le háiteanna feabhsaithe go leanúnach a aithint.

Tuairiscíodh 31 timpiste agus teagmhas ina iomlán le linn 2017.

Bhí 14 theagmhais a bhain le Foréigean agus lonsaitheacht a tharla d'fhostaí ag déiteáil le baill an phobail agus iad ag comhlíonadh a ndualgais. Tá roinnt beartais réamhghníomhach tógtha le tabhairt faoin gceist lena n-áirítear cur i láthair ón Garda Síochána d'Fhosithe na Comhairle agus traenáil. Oibríonn Comhairle Chontae an Longfoirt go dlúth le an Gardaí le monatóireacht a dhéanamh ar fhoréigean agus ionsaitheacht i dtreo fostaithe.

RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA/ MEASÚNUITHE RIOSCA

Is doiciméid é an Ráiteas Sábháilteachta a bhfuil sé de dhualgas ar gach fhostaí agus Comhairle Contae é a bheith acu go dleathach ina gcaithfear a shonrú cén chaoi a bhainistíonn an Chomhairle Contae sláinte agus sábháilteacht.

Tugadh ráiteas sábháilteachta na Comhairle Chontae an Longfoirt suas go dáta le linn 2017 agus choinnigh sé an marc 'Gnáth-Bhéarla' ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh. Is bealach é an Ghnáth-Bhéarla le heolas a chur ar fáil a chuidíonn le daoine é a thuiscint an chéad uair a léann agus a chloiseann siad é. Is é Longfoirt an chéad Comhairle Contae sa tír leis an marc 'Gnáth-Bhéarla' a fháil don Ráiteas Sábháilteachta.

Caitheann tabhairt faoi Measúnuithe Riosca do gach gníomhaireachta oibre agus d'fhoirgnimh ar le agus/nó ina mbíonn fostaí de chuid Comhairle Chontae an Longfoirt i mbonn gnó. Tá clár leanúnach do cur i gcrích, athbhreithniú, uasdátú agus teagmháil de mheasúnuithe riosca in áit do chur i bhfeidhm le linn ranna na Comhairle Chontae an Longfoirt ar fad.

CIGIREACHTAÍ SÁBHÁILTEACHTA

In 2017, lean Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh leis an gClár Iniúchadh Sábháilteachta a leagan amach clár oibre d'iniúchtaí sábháilteachta atá le bheith déanta ag láthair oibre seasta agus soghluaiste. Tugann gach Stiúrthóireacht faoi na hlniúchtaí ar fad agus cuirtear tuairisc ar fáil don Fhoireann Bainistíochta go ráithiúil. Tugadh faoi 185 iniúchadh sábháilteachta le linn 2017. Is uirlis úsáideach iad na hlniúchtaí le comhlíonadh do

riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta taobh istigh den eagraíocht a mheas. Cuirtear aon neamhchomhlíonadh nó aon cheisteanna a aithnítear sna hlniúchtaí Sábháilteachta leis an Liosta Rianaithe Gnímh de réir réimse le cinntiú go ndéileálfar agus go ndúnfar go sásúil na gníomhartha ar fad a aithnítear.

INIÚCHÓIREACHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

In 2017, lean Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag déanamh iniúchadh ar an gcóras bainistíochta sláinte agus sábháilteachta. Tugadh faoi 12 lá iniúchta in 2017. Is athbhreithniú neamhspleách, córasach agus cuimsitheach é, iniúchóireacht de ghnéithe ar fad den chóras bainistíochta sábháilteachta. Chiall sé seo go raibh iniúchóir seachtrach ag bailiú eolas le cinneadh a dhéanamh ar iontaofacht agus éifeachtacht an chóras bainistíochta sábháilteachta. Is próiseas úsáideach é seo agus cabhraíonn sé leis an Chomhairle Chontae a spríocanna de chomhlíonadh dleathacha a bhaint amach trí cur chuig córasach agus faoi smacht a thabhairt chun éifeacht bhainistíochta sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú trí feabhsúcháin leanúnach.

TRAENÁIL SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Is príomhghné é traenáil le cultúr sábháilteachta dearfach a chur chun cinn agus nósanna imeachta sábháilteachta maithe a fhorbairt sa bpost. In 2017, d'fhreastail 734 fostaí ar 102 chúrsa traenála ar Sláinte agus Sábháilteacht. Mar chuid de na cúrsaí a cuireadh ar fáil bhí Pas Sábháilteachta, IOSH a Bhainistiú go Sábháilte i dTógáil, Tiománaí CPS, Sábh Slabhrach, Feasacht Aispeist, Láimhsiú Sábháilte agus Traenáil Ionadaithe Sábháilteachta.

CUMARSÁID AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

Déanann an Chomhairle cumarsáid agus faigheann siad comhairle ó fhostaithe ag úsáid na bealaí seo a leanas:

- Ullmhúcháin de Mheasúnuithe Riosca agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánach
- Tuairisc sábháilteachta míosúla;
- Ionadaithe Sábháilteachta;
- Cruinnithe Choiste Comhairliúcháin Monatóireachta Sábháilteachta (i ngach rannóg);
- Cruinnithe Choiste Bainistíochta Sábháilteachta; agus
- Cruinnithe Foirne Bainistíochta.

Reáchtáladh na Cruinnithe Choiste Comhairliúcháin Monatóireachta Sábháilteachta i ngach Stiúrthóireacht go ráithiúil. Is é an Stiúrthóir a dhéanann cathaoirleacht ar gach Coiste, agus tá Ionadaithe Sábháilteachta tofa, bainisteoirí líne agus an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta san áireamh freisin. Ceadaíonn an próiseas seo do cheisteanna sábháilteachta áirithe taobh istigh de gach Stiúrthóireacht a phlé. Is riachtanas dleathach é an próiseas seo a bheith i bhfeidhm le déileáil le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus leis an deis a thabhairt d'ionadaithe sábháilteachta ceisteanna sábháilteachta a ardú ar son a gcomhghleacaithe.

Reáchtáladh ceithre Chruinniú Foirne Bainistíochta Sábháilteachta le linn na bliana chun déileáil leis na ceisteanna a ardaíodh ag na Cruinnithe Choiste Comhairliúcháin Monatóireachta Sábháilteachta. Baintear úsáid as an gcruinniú seo freisin le comhlíonadh de réir an reachtaíochta sláinte agus

sábháilteachta a mheas agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn Oibriúcháin an Chlár Bhliantúil. Úsáidtear an t-inlíon mar uirlis chumarsáide le haghaidh ábhar suas chun dáta a fháil faoin gCóras Bainistíochta Sábháilteachta.

Freastalaíonn an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta na cruinnithe Foirne Bainistíochta gach mí agus cuireann sé/sí uasdátú ar fáil ar thimpistí agus teagmhais, ceisteanna oibriúcháin agus forbairt náisiúnta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht.

Is é an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhaíonn Tuairisc Sábháilteachta gach mí agus a scaipeann é ar na fostaithe ar fad. Is bealach éifeachtach é seo chun cumarsáid a dhéanamh ar eolas ábhartha faoi cheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta do na fostaithe ar fad agus a chuireann le cultúr sláinte agus sábháilteachta dearfach a fhorbairt leis na fostaithe ar fad.

CONRAITHEOIRÍ

Leanann Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag déanamh measúnú ar Chonraitheoirí a oibríonn ar a son i gcomhar leis na Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair (Tógáil) 2013. Líonann gach Conraitheoir Ceistneoir Sábháilteachta agus déanann Comhairle Chontae an Longfoirt measúnú ar seo lena gcumas agus comhlíonadh de riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a chinntiú. Tá 365 mheasúnú chonraitheora curtha i gcrích ina iomlán, ba conraitheoirí nua a bhí i 66 daoibh seo nó a chur ath-mheasúnú i gcrích in 2017.

2017 – ÁISEANNA SAN IONAD OIBRE IN ÉIREANN

Faigheann 47 duine bás i dtimpistí a bhaineann leis an obair gach bliain. Tá Comhairle Chontae an Longfoirt fós tiomanta i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus leanfar ar aghaidh ag forbairt Córas Bainistíochta Sábháilteachta le háit oibre sábháilte dá bhfostaí ar fad agus do bhaill an phobail a chinntiú.

DÁMHACHTAINÍ SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA 2017

In 2017, chuir Comhairle Chontae na Longfoirt isteach iarratas faoi Dhámhachtainí Shábháilteachta Náisiúnta na hÉireann (NISO). Bhuaigh an Chomhairle Duais Airgid, rud a chiall gurb é an chéad eagraíocht seirbhíse poiblí sa Tír duais a bhuaigh sa chéad trí áit



Tá NISO tar éis dámhachtainí sábháilteachta a réachtáil le 26 bliain anuas agus tá na dámhachtainí seo an-tábhachtach do chuideachtaí in Éirinn anois. I mbliana, chuir níos mó ná 120 cuideachta isteach ar na dámhachtainí lena n-áirítear trí Chomhairle eile. Le cuir isteach ar na dámhachtainí, bhí ar an Chomhairle iarratas a dhéanamh faoi 11 alt agus fianaise a chur ar fáil de chomhlíonadh de gach alt. Bhí ceithre chatagóir de dhámhachtainí ann agus bhí an chomhairle ar an ngearrliosta don chatagóir is fearr. Ní bheifear in ann an dámhachtain a bhaint amach gan tiomantas agus ionchur na fostaithe ar fad.

CLÁR NA NOIBRIÚCHÁIN SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA BLIANTÚIL - 2017

Tógtar clár na n-oibriúcháin bliantúil cuntas ar an dtuairisc bhliantúil seo, ar thimpistí agus teagmhais, cigireachtaí ón HSA, torthaí ó cigireachtaí agus iniúchtaí sábháilteachta, cruinnithe sábháilteachta, riachtanais dleathach agus aon doiciméid a eisítear go náisiúnta do chur i bhfeidhm.

LIBRARY, CULTURAL, HERITAGE AND ARCHIVES SERVICES

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHONTAE LONGFOIRT

Tá sé bhainse leabharlainne ag Leabharlann Chontae Longfoirt: Longfoirt, Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Droim Lis agus Béal Átha Liag. Is spás pobail luachmhara iad ár brainsí leabharlainne do gach duine. Tá níos mó daoine ag baint úsáid astu mar mol phobal do réimse leathan imeachtaí cultúrtha agus pobail e.g. cruinnithe pobail, léitheoireachtaí, seoladh leabhair, taispeántais etc. Mar gheall ar seo, don chéad uair, bhain Seirbhís Leabharlainne Longfoirt amach an líon is mó cuairteoirí de réir an daonra sa tír: rinneadh níos mó ná 200,000 cuairt ar ár leabharlanna in 2017.

Tharla roinnt dul chun cinn in 2017 -

- I mí Feabhra, bhog bhainsí Leabharlainne Longfoirt ar fad go Sierra, an córas Bainistíochta Leabharlainne roinnte náisiúnta nua. Cruthú catalóg leabharlainne náisiúnta amháin ar líne.
- Is féidir le Custaiméirí Leabharlainne Longfoirt earra a iarraidh ar líne tríd a bhainse leabharlainne áitiúil ó aon áit sa tír.
- Cuirtear earraí a iarraidh ar fáil i mbrainse áitiúil an chustaiméara taobh istigh de trí-go-cúig lá oibre trí seirbhís seachadadh náisiúnta nua.
- Is é an toradh atá ar seo ná go bhfuil stoc nach raibh in úsáid roimhe seo anois in úsáid go forleathan, ag tabhairt an luach is fearr ar ár gcuid airgid ónargciste leabhair.
- Is féidir do chárta ballraíochta leabharlainne áitiúil a úsáid ar fud na tíre.



Jude Flynn le Jimmy Lennon ag seoladh a Fireside Tales Uimh 15

MOINIÚ DEONTAIS LEANARLAINNE AN ROINN FORBARTHA TUAITHE & POBAIL

Cúnamh Deontas Leabhair RFID

Bhain Seirbhís Leabharlainne Longfoirt leas as deontas cumasaithe leabhair RFID an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail de €5,000 leis an maoiniú céanna ó Chomhairle Chontae an Longfoirt le Lipéid RFID a chur ar na leabhair leabharlainne ar fad inár brainsí leabharlainne, le héifeachtúlacht i seirbhís scaipeadh na leabhair idir brainsí

leabharlainne poiblí agus freisin chun leathnú amach an teicneolaíocht féinseirbhíse a chur chun cinn i mBrainse Leabharlainne Longfoirt.

Maoiniú Straitéiseach Leabharlainne Poiblí

I mí na Nollag, fuair Leabharlanna Longfoirt deontas de beagnach €70,000 leis an maoiniú LCC céanna de 25% faoin gCiste Straitéiseach Leabharlainne Phoiblí le tacú le tabhairt isteach 'Deiseanna do Gach Straitéis 2018-2022'. Is é an sprioc atá leis seo ná gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun cinn cosúil le teicneolaíocht féinseirbhíse chomh maith le forbairt leanúnach ar sheirbhís leabharlainne poiblí mar acmhainn poiblí i ngach ceantar uirbeach agus tuaithe. Leathnóidh Leabharlanna Longfoirt amach 2 kiosk féinseirbhíse nua i mBrainse Leabharlainne Longfoirt go luath in 2018. Ligfidh an teicneolaíocht nua seo cead do chustaiméirí leabharlainne a idirbhearta féin a bhainistiú, éifeachtúlacht a fheabhsú i réimse na mbailiúcháin chomh maith le acmhainní foirne a mhéadú i réimse an chustaiméara agus teagmháil pobail. Fuarthas svuit ríomhairí glúine nua le go mbeadh an seirbhís leabharlainne in ann na clár foghlama scileanna digiteacha a leathnú amach go dtí ár bpobail áitiúla faoin gclár tá Obair Tábhachtach.

Leabharlann Poiblí Mheathas Troim

Fuair Cumann Forbartha Cheantar Mheathas Troim (EDDA) do láithreán athfhorbraíocht ar an bPríomhshráid, go háirithe le leabharlann nua a sholáthar dá bpobal. Tá Comhairle Chontae na Longfoirt ag obair i gcomhpháirtíocht leis an EDDA leis an tionscadal seo a chur ar fáil. Cuireadh Cuid a 8 de staid an phróisis iarratais pleanála i gcrích. Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €1.25 milliún don tionscadal. I mí Meitheamh 2017, ceapadh Ailtirí Kenny Lyons chun dearadh agus plean chostais a fhorbairt. Is é an plean chostais iomlán don tionscadal ná beagnach €3 milliún cuireann an easnamh maoiniú seo d'úsáid mór os comhair an údarás áitiúil. Táthar ag súil, le cead ón roinn, leanúint ar aghaidh leis an dtairiscint don tógáil in 2018.



Bronnadh d'Aire Michael Ring de Mhapa Chonair Éirigh Amach Longfoirt ag Leabharlann Gránard, ag Clr, P.J. Reilly agus Donall Mac An Bheatha

CLÁR BRAINSE LEABHARLAINNE

Is é meon Leabharlann Chontae Longfoirt don seirbhís leabharlainne ná go mbeidh ár leabharlanna mar 'spás fáiltithe do gach duine'. Coiníonn an seirbhís leabharlainne clár leanúnach le tacú le forbairt an léitheora, litearthacht agus foghlaim do dhaoine fásta agus gasúir. Tríd an gclár seo, cuireadh 200 imeacht ar siúl i mbrainsí leabharlainne ar fud an chontae i mbliana. Fógraíodh na himeachtaí seo ar shuíomh na leabharlainne, ar na meáin shóisialta, sna nuachtáin áitiúla agus ar an raidió.

Leanann an seirbhís leabharlainne ar aghaidh ag cothú nascanna comhpháirtíochta cuí le soláthróirí seirbhíse reachtúla agus pobail agus gníomhaireachtaí, lena n-áirítear: scoileanna áitiúla, Nasc Mná Longfoirt (LWL); Comhairle Daoine níos Sine Longfoirt, BOO Longfoirt agus na hIarmhí, Cumann Meabhair Shláinte Longfoirt, Gardaí Pobail, an FSS agus go leor grúpaí pobail áitiúla.

Leathnú amach dhá phríomh-thionsclaíocht náisiúnta i mbliana: an clár "*Cearta Léamh*" agus an thionsclaíocht "Éire Sláintiúil Ag Do Leabharlann"

An clár Ceartha léamh: Bunaíodh grúpa oibre idirghníomhach. Is iad an seirbhís leabharlainne atá taobh thiar de seo, le hionadaíocht ón earnáil oideachais ag leibhéal réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta. Seoladh *Cearta Léamh* nua don tír i mí Meán Fómhair.

Éire Sláintiúil Ag Do Leabharlann: Is clár feasachta/eolais sláintiúil náisiúnta é seo. Cuirtear leabhair, eolas sláintiúil ar líne agus roinnt cainteanna agus ceardlanna ar topaicí éagsúla maidir le gach gné sláintiúil agus folláine ar fáil. Tá Longfoirt ag leathnú amach clár imeachtaí ag tosú i mí Eanáir 2018.

Imeachtaí eile a tharla in 2017, ná:

- **Féile Bealtaine** do dhaoine níos sine i mí Bealtaine, le níos mó ná 500 duine ag glacadh páirt i réimse leathan imeachtaí comhordaithe ag an Leabharlann i gcomhpháirtíocht le Líonra Daoine níos Sine Longfoirt, Gardaí Longfoirt agus Bord Oideachais agus Oiliúna Longfoirt/na hIarmhí (BOO).
- **Réalta an Samhraidh**, atá mar chuid den tionscnamh *Cearta Léamh*, a reáchtáladh don chéad uair in 2017. Thabharfainn an tionscnamh seo misneach do ghasúir aoibhneas sa léitheoireacht do shásamh a aimsiú chomh maith le staidéar a dhéanamh orthu thar saoire an tsamhraidh. In 2017, léigh gasúr ar fud na tíre os cionn 2,000 leabhar. Bronnadh duais ar gach gasúr lena rath léitheoireachta a cheiliúradh.
- **Féile Leabhar Bliantúil na Gasúr** a chuaigh ar aghaidh i mí Dheireadh Fómhair ar fad, le cuairt ó húdair, scé-



Halloween Storytime at Longford Library, as part of the Children's Book Festival

alaíocht agus scríbhneoireacht chruthaíodh.

- **Cruinniú Padraic Colum:** reáchtáladh an chéad Bailiúchán Padraic Colum chun saol agus obair ceann de an húdair Longfoirt is bisiúla i mí Meán Fómhair, le baill de chlann Colum a tháinig as an Astráil le freastail air. Reáchtáladh an fhéile ag an deireadh seachtaine ar an 8 agus an 9 Meán Fómhair, le taispeántas sa leabharlann ag rith ar feadh coicise. Reáchtáladh cainteanna ar Cholm i mBrainse Leabharlainne Longfoirt ar an 9 Meán Fómhair. Thug baill foirne na leabharlainne Teresa O Kelly léacht spreagúil ar cheann d'fhinscéalta Chalum do ghasúir is cáiliúla, *the King of Ireland's Son*.
- **Leabharlanna Oscailte:** Sheol an tAire do Phleanáil Tithíochta agus Rialtas Áitiúil an tionscnamh seo in 2016, chuir an Roinn maoiniú breise ar fáil dó i mbliana, le hullmhú do féinseirbhíse. Aithnítear sa gClár Leabharlainne Oscailte luach an leabharlanna mar spásanna **pobail** tábhachtacha, le háiseanna cuí mar shampla leabhair, ríomhairí, leathan bhanda, Wífi, cóipeáil agus priontáil, spásanna cruinnithe etc. Aithníodh freisin nach féidir le roinnt daoine, mar gheall ar a ndualgais, obair, coláiste etc. fáil a bheith acu ar na háiseanna seo le linn gnáth uaireanta oibre. Táthar ag tabhairt faoi piolóta beag cheana féin in Uíbh Fáilí agus Sligeach agus tá an-tóir ar an seirbhís nua seo le custaiméirí. Ní chiallaíonn sé go mbeidh laghdú sa méid uaireanta foirne atá an leabharlann oscailte, mar go dteastóidh cúnaimh ónar fhoireann a bhfuil taithí acu don chuid is mó de na daoine. Faoi láthair tá idirbheartaíocht ag dul ar aghaidh idir Bainistíocht agus Ceardchumann ag leibhéal náisiúnta agus go dtí go mbeidh réiteach orthu seo, ní féidir an tseirbhís seo a chur ar fáil don phobail.

FOIRNE

Níl mórán dul chun cinn déanta ar Phlean Fórsa Oibre na Leabharlainne, a chinnteoidh struchtúr foirne níos fear don seirbhís. De bharr go bhfuil an lánchosc náisiúnta ar earcaíocht imigh, cuireadh plean earcaíochta foirne faoina mbráid.

Ba mhaith liom comhoibriú, solúbthacht agus tacaíocht seirbhíse na leabharlainne a admháil maidir lena chinntiú gur fhan na pointí seirbhíse ar fad oscailte i rith na bliana, in ainneoin ganntanas foirne.



Daoine a d'fhreastal ar chéad Bhailiúchán Phadraic Colum Gathering, san áit ar rugadh é ag Naomh Iosáf, Bóthar Bhaile Átha Cliath

CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

Is tionscadail oidhreachta an Rialtais é clár nua darbh ainm Éire Ildánach, a thógann ar rath chlár comóradh 2016. Is tionscnaimh cúig bliana é seo ina aithnítear luach an chruthaíocht inár saol, agus ina admhaítear an gá le cruthaíocht a chuir i lár pholasaí an phobail. Lorgaítear freisin comhordú, comhoibriú agus feasacht méadaithe a thabhairt do tionscnaimh agus polasaithe bunaithe ar chultúr.

Forbraíodh an chéad Phlean Cruthaitheachta Cultúrtha Chontae Longfoirt i mbliana le tionscnaimh nua mar shampla Cruinniú na Cásca ar Luain Chásca, chéad Bailiúchán Phadraic Colum, Féile Gearrscannáin Glóir Socair agus Cuir Fáilte roimh an Strainséara, píosa damhsa iontach spreagtha ag scéalta na n-imirceach agus teifigh a rinne Éireann mar a bhaile féin.

Is buiséad sásúil agus deontas de €64,000 a chuir an rialtas ar fáil in 2017 an fáth gur éirigh chomh maith leis an gclár seo, le leithdháileadh de €20,000 geallta ag Comhairle Chontae an Longfoirt. Tá clár cúig bliana le bheith forbartha in 2018.



Abhainn Glas Céili Band at the Leinster Fleadh 2017, in Ballymahon. Courtesy of Leinster Branch of Comhaltas Ceoltóiri Éireann

STRAITÉIS AOISBHÁUIL CHONTAE LONGFOIRT

Tá Longfoirt tar éis siníu suas don chlár Chontae agus Cathair Aoisbháuil náisiúnta. Aithnítear go dtiocfaidh ardú suntasach ar chéatadán an daonra atá os cionn 65 bliain d'aois thar an cúig go deich mbliana amach romhainn agus go gcaithfidh muid soláthar a dhéanamh de seo. Tá straitéis cúig bliana forbartha ag an gComhaontas Aoisbháuil Longfoirt, le comhairliúcháin le daoine níos sine sa gcontae. Mar gheall ar seo, bunaíodh Comhairle na nDaoine níos Sine agus gealltanas óna gníomhaireachtaí cuí eile agus is é an údarás áitiúil atá taobh thiar de, chun feabhsuithe a dhéanamh i réimsí cuí mar shampla infreastruchtúr, seirbhísí, eolas agus ár bhfreagra ina iomlán ar na dúshláin a bhaineann lenár gcontae a dhéanamh ina áit níos fearr do dhaoine éirí níos sine.

Tá Leabharlannaí an Chontae ag comhordú cur i bhfeidhm na straitéise, ag obair i gcomhpháirtíocht le rannóga eile den Údarás Áitiúil lena n-áirítear, Tithíocht, Pleanáil, Comhshaol, Fiontar agus Pobail etc. chomh maith le gníomhaireachtaí cuí mar shampla an FSS, na Gardaí, Eolas do Shaoránaigh agus Lionra Daoine níos Sine Longfoirt. Tá Comhaontas Aoisbháuil Longfoirt freagrach as cur i bhfeidhm na straitéise i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle do Dhaoine níos Sine Longfoirt atá an-bhriomhar.

I measc na príomhéachtaí in 2017 ná:

- Lá eolais ar éirigh go maith leis a bhí comhordaithe ag OPC Longfoirt mar chuid den Seachtain Dul in Aois go Dearfach. Reáchtáladh é seo in Óstán Arms



Longfoirt i mí Meán Fómhair. Ghlac níos mó ná 130 duine ó Chlubanna Beoga Aoise, ionaid acmhainní, tithe altranais, Naomh Christopher agus daoine ar scór páirt gníomhach san imeacht. Ba iad na taispeántóirí agus na cainteoirí a bhí i láthair ná: Aoisbháuil Éireann, Gardaí Longfoirt, Iompair Tuaithe Longfoirt agus na hIarmhí, Comhairle Chontae an Longfoirt, Lionra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN), Eolas do Shaoránaigh Longfoirt, Nasc Gníomhach, Cumann Airtritis agus Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.

- Clár Ambasadóir Cosc ar Choiriúlacht píolóta, i gcomhpháirtíocht le Gardaí Phobail Longfoirt a seoladh in 2016. Lean sé seo ar aghaidh le 26 oibrí deonach atá an-ghníomhach ina bpobal.

CLEAMHNAS BAILE

Tá an clár oifigiúil cleamhnais baile idir Baile an Longfoirt agus Noyal Chatillon su Seiche, an Bhriotáin sa Fhrainc ag ceiliúradh a 19ú bliain in 2017, trí fáilte a chur roimh tosaireacht de 22 duine go Longfoirt i mí Bealtaine i mbliana. Thug ocht mball déag de Chór Chontae Longfoirt cuairt speisialta ar Noyal i mí Iúil agus ba mhór an onór dóibh é canadh i Mainistir Benedictine stairiúil de Mont Saint Michel mar chuid dá gcuairt. Ghlac siad páirt freisin i gceolchoirm le cóir Fraince in Noyal Chatillon mar chuid de chlár na deireadh seachtaine. Tharla roinnt mac léinn malairte idir Noyal agus Longfoirt le linn mí Iúil.



Toscairí ó Noyal Chatillon, baile cleamhnais Longfoirt, ar cuairt ar Abbeyshrule le haghaidh turas treoraíthe le Philip Butler agus Ursula McGoey (lár)

SEIRBHÍS CARTLANNA CHONTAE LONGFOIRT

Bhí bliain gnóthach eile ag an Seirbhís Cartlainne de ghníomhaíochtaí lena n-áirítear tionscadail mhóra i digitiú agus tionscadail maidir bainistiú taifid a cuireadh i gcrích. Bhí sé páirteach freisin in imeachtaí poiblí agus for-rochtain.

BAINISTÍOCHT CARTLANNA

Micreascannánú/digitiú

Cuireadh an chéad chéim de micreascannánú agus digitiú leabhair miontuairiscí Aontas Dhlí na mBocht an Ghránard i gcrích agus bhí 43 imleabhar i gceist.

Na hábhair eile a rinneadh digitiú orthu ná: leabhair lámh-scribhinne Ard-Ghúiré Chonate Longfoirt, 1759-1907; na cláir adhlactha de Reilgí Mhóta Uí Fhearail agus Ardach; Leabhar Míliste Longfoirt, 1793-1855; agus leabhar ciosa Droim Ing/Baile Mhuiris/Carriglass (1822-43).

Taiscí

Bhí na cartlanna seo a leanas taiscithe -

- Páipéir Chlann MacHugh, Baile an Longfoirt, luath sna 1990idí
- Páipéir George Montgomery, Longfoirt, dlíodóir, luath sna 1990idí
- Leabhar nótaí chlann Reynold, Dromainn an Chriathair, Gránard, c. 1870-1930 idí
- Grianghraif ó Frances Forster, Béal Átha na Lao, c. 18070-c.1920
- Dhá leabhar nótaí ó chlann Peyton, Droim Lis, luath sna 1990idí
- Páipéir chlann Forbes, 1869-1920
- Leabhar miontuairiscí, Comhaontas Aontachtach Éireann, Longfoirt, 1913-18

- Leabhar nótaí ar Joseph Smyth, Baile Uí Mhatháin, luath sna 1990idí
- DVD ar thuras Albert Reynolds go Longfoirt tar éis é a bheith tofa mar Thaoiseach, 1992
- Achomaireacht cuntais, Comhairle Bhaile Ghránard, 1970idí
- Páipéir Patrick Greene NT
- Costais,
- Expenses, Aontas Dhlí na mBocht Bhaile Uí Mhatháin, 1890-1920

BAINISTIÚ TAIFID

Bhog obair ar na taifid ar aghaidh i roinnt rannóga, mar seo a leanas -

Acmhainní Daonna: dréachtú polasaí ar chomhaid earcaíochta a choinneáil. Is beart eatramhach é seo, ar feitheamh chinneadh athbhreithnithe an *Bheartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil*, a dhéileáilfaidh leis an réimse ar fad. Aithníodh comhaid a bhí le cur de lámh.

Tithíocht: chas an Cartlainnaí le foireann sinsearach na roinne sular aistríodh é le coimeád taifead a phlé. Aithníodh comhaid agus scriosadh iad sular aistríodh an roinn chuig Cearnóg an Mhargaidh.

Airgeadais: chuaigh an Cartlainnaí thri taifid san Oifig Iniúchóireachta Inmheánach sular aistríodh é agus cheadaigh sé/sí roinnt ábhair a bhí le cur de lámh.

Comhairle Chontae an Longfoirt: chur an Cartlannaí an chéad chéim den obair ar chomhaid na comhairle baile i gcrích lena n-áirítear ag tabhairt cúnamh taifid a chur de lámh a bhí ainmnithe le scrios agus ag tabhairt cúnamh taifid a bhogadh ó na hoifigí go stóráil.

Ceisteanna ón fhoireann: dhéileáil an Cartlannaí le roinnt ceisteanna ón fhoireann faoi taifid a choinneáil agus tugadh faoi cuardaigh taifid.

FOR-ROCHTAIN

- Caint ar 'Taighde a dhéanamh ar stair do chlann' do Ghrúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir Longfoirt ar an 15 Feabhra.
- Taispeántas le comóradh Longfoirt Theas fothoghcháin a mharcáil, 1917, ag caint ar na lá oscailte ar an 24 Bealtaine.
- Turais siúlóide de bhaile Longfoirt, le ranganna idirbhliana, Meán Scoil Mhuire ar an 13 agus 26 Meán Fómhair.
- Caint ar 'Longfoirt ó 1917-23' do ranganna staire na hArdteistiméireachta i Meánscoil Mercy, Baile Uí Mhatháin ar an 11 Deireadh Fómhair.
- Cainteanna ar cartlanna do ranganna na céad bliana i Scoil Pobail na Maighne ar an 23 Deireadh Fómhair.
- 'Seachtaine Breathnaigh ar do Chartlanna': tráthnóna ar an 23 Samhain a cuireadh baill an phobail in aithne do roinnt cartlainne i Leabharlann an Chontae HQ.

COMÓRAIDH AGUS IMEACHTAÍ

- Comóradh an Chéad Chogadh Domhanda Charraig Éamainn, a bhain le tionscadail do bhunscoileanna agus nochtadh cloiche do na mairbh ar an 11 Meitheamh (lena n-áirítear caint ghearr ag an imeacht).
- Tionscadail Reilige Stairiúil Naomh Paul a sheoladh in Lios Breac ar an 17 Meitheamh.
- Caint ag Comóradh Thomas Ashe, Lios Breac, ar an 13 Iúil.
- Turas Siúlóide de Bhaile an Mhatháin ar an 14 Iúil mar chuid de chlár Fleadh Cheoil Laighean.
- Cruinniú Phadraic Colum, 8-9 Meán Fómhair, lena n-áirítear caint ar Ionad Cúram Naomh Íosaf.
- Caint ag nochtadh na plaice i Reilg Ardach ar an 13 Deireadh Fómhair.
- Dréachtú ar fhoclaiocht boird eolais/plaiceanna do bhaile an Liagán agus an Gairdín Cuimhneacháin, Bóthar an Uisce.

BALLRAÍOCHT COISTÍ/GRÚPAÍ

Is baill den Fhoireann Cultúir é an Cartlannaí atá ag déanamh maoirseacht ar Chlár Éire Ildánach. Ba é an Cartlannaí ceann de na treoraithe ar thuras an chontae le Cruinniú na Cásca a mharcáil ar an 17 Aibreán agus éascaitheoir le linn 'Lá na Samhlaíochta' ar an 14 Meitheamh.

Is baill é an Cartlannaí chomh maith don Ghrúpa Áitiúil IRBACT, atá ag obair ar an Tionscadail MAPS maidir le rí-úsáid Beairicí Ó Conghaile agus a fochoiste atá ag forbairt turas siúlóide de bhaile Longfoirt.

OIFIG OIDHREACHTA LONGFOIRT



Matt Farrell, Heritage Hero 2016, with then Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural & Gaeltacht Affairs, Heather Humphreys T.D. and Cathaoirleach Cllr. Mick Cahill

Lean Contae Longfoirt ar aghaidh lean clár oibriúcháin in 2017, le cur le haidhmeanna Oifig Oidhreachta Chontae Longfoirt agus cur lenár eolas agus feasacht faoi stoc oidhreachta éagsúil Longfoirt agus na bagairtí féideartha dá maireachtáil fadtéarmach.

LAOCH OIDHREACHTA NA HÉIREANN

Chonaic 2017 Matt Farrell ag an Rian Liteartha Mheathas Troim ag fáil gradam oidhreachta is airde sa tír, nuair a rinne Comhairle Oidhreachta Matt Farrell mar an dara Laoch Oidhreachta Éireann riamh. Is é Seachtaine na hOidhreachta áit a fuair eadh ainmniúcháin ón bpobal. Tá Mr. Farrell anois mar ionadaí do Mheathas Troim, Meathas Troim, Chontae Longfoirt agus d'oidhreacht liteartha na hÉireann ar fud na tíre agus chomh fada anonn leis an lodáil agus tá gach duine ar chas leis tar éis é a mholadh go hard dá dhiograis agus dá thiomantas.

INIÚCHADH BOGAIGH LONGFOIRT-ROS COMÁIN

Doibrigh Oifigí Oidhreacht Longfoirt agus Ros Comáin le chéile in 2017 chun bunlíne iniúchadh d'eolas aitheanta ar bhogaidh ina gcontaetha féin a chur le chéile. Chuir an Dr. Peter Foss agus an Dr. Patrick Cushell as Suirbhéanna Bhoghaidh Éireann an t-eolas aitheanta ar fad i dtoll a chéile ar bhoghaidh sna contaetha agus d'aithin siad níos mó láthair do suirbhéanna talaimh ag úsáid aer-grianghrafadóireacht nua-aimseartha. Bhí an tionscadal seo maoinithe ag clár Phlean Oidhreacht Chontae na Comhairle Oidhreacht.

LONGFOIRT & COMÓRADH AN CHOGAIDH MHÓR 1914 – 2014: CARRAIG ÉAMAINN & PASSCHENDAELE

Is clár 4 bliana é Longfoirt & Comóradh an Chogaidh Mhór leis an gCéad Chogadh Domhanda a chomóradh agus an tionchar a bhí aige ar Chontae Longfoirt, ina chroílár tá bunachar sonraí ar líne de shaighdiúirí aitheanta ón gCéad Chogadh Domhanda, a foilsíodh ar www.longfortatwar.ie, a bhí maoinithe ag an gComhairle Oidhreacht faoi Scéim Phlean Oidhreacht an Chontae.

In 2017, reáchtáladh dhá imeacht ag comóradh gnéithe den Chéad Chogadh Domhanda i gCo. Longfoirt. Ba é an chéad cheann ná an cuimhneacháin a bhí dirithe ar na fir ó pharóiste Charraig Éamainn a cailleadh sa gCéad Chogadh Domhanda, a nochtadh ar an 10 Meitheamh 2017, le theacht le Cath Messines Ridge, áit a throid na fir ón 16ú Rannóg (Éireannach) agus an 36ú Rannóg (Ulaidh) taobh le taobh. De bharr an imeacht seo a bhí bunaithe ar an bpobal, a rinne an Cathaoirleach Clr. Mick Cahill cathaoirleacht air, le tacaíocht óna bun-scoileanna áitiúla, staraithe áitiúla, Oifig Oidhreacht agus Cartlannaí, chonacthas teachlaigh ón gceantar ag bailiú le chéile i dTeach Sinche le freastal ar nochtadh na leachta cuimhneacháin.

Dirigh an dara imeacht ar an Tríú Cogaidh de Ypres, nó 'Passchendaele'. Bhí taispeántas i gceist leis an gcomóradh, caint agus searmanas i nGairdín Cuimhneacháin Longfoirt i gcuimhne na fir ó Chontae Longfoirt a cailleadh de bharr an chatha. Tharla sé seo le linn Seachtain na nOidhreacht, agus thug Comhairle Chontae an Longfoirt, Brainse Peter Keenan den O.N.E., daoine muinteartha de shaighdiúirí Longfoirt tacaíocht agus a mheall suim freastalaithe ón larmhí, ó Bhaile Átha Cliath, ó Chill Dara agus Co. Mhaigh Eo. Ghlac an Oifig Oidhreacht cúram forbairt pacáistí oideachais do scoileanna, cosúil leis na céanna a cuireadh le chéile in 2015 ar an gCanáil Ríoga, a chuirtear ar fáil in 2018 le dul in éineacht leis an gclár comóradh Sos Cogaidh. Tugadh maoiniú don tionscadal seo faoin gclár Plean Oidhreacht Chontae na Comhairle.

CLÁR FEASACHTA BITHÉAGSÚLACHTA 2017

Leanadh ar aghaidh le hobair na tionscadail seo do 2016, ag cur le agus ag tacú le hobair leanúnach an Oifigeach Feasachta Comhshaoil. Cuireadh tús leis an gclár oiliúna ceardlainne gearr d'fhoireann na húdarais áitiúla ar

Ghlúineach Bhiorach in 2016 agus chríochnaigh sé i mí Márta. Ceangailte leis clár comharthaí bóithre an Oifigeach Feasachta Timeallachta, níor airde sé mórán feasacht ar nádúr, spré, tionchar agus leigheas Ghlúineach Bhiorach. Chomh maith leis sin, lean an Oifig Oidhreacht ar aghaidh ag tacú le Swift Conservation Ireland – iarrachtaí Longfoirt agus Bailte Slachtmhara Longfoirt chun daonra sciobtha Éireann a chosaint agus leis trí siúlóide na n-éan i Longfoirt a chur chun cinn agus traenáil taifeadta sciobtha i Longfoirt agus Baile Uí Mhatháin.

In 2017, bhí an Oifig Oidhreacht ag iarraidh díriú ar shuíomhanna cuí ar leis an Chomhairle Chontae an Longfoirt ina féidearacht ag baint leo feabhsú mar ghnáthóg pailneora. Aithníodh an áit ar rugadh Oliver Goldsmith mar phríomhláthair ar fáthanna éagsúla: measadh go mbeadh sé oiriúnach don suíomh seo ag tabhairt san áireamh gur fhoilsigh Goldsmith iris darbh ainm *The Bee* agus d'fhéadfadh fogasacht an láthair a bheith tairbheach d'fhorbairt Ionad Páirc de bharr go bhfuil siad ag méadú líon na cineálacha plandaí áitiúla taobh istigh den áit. Is iad Comhaontas Comhshaoil Longfoirt a thug faoin tionscadal seo agus thacaigh Comhairle Oidhreacht faoin gciste Phlean Oidhreacht an Chontae leis.

TIONSCADAL TAIGHDE CLAÍ NA MUICE DUIBHE

Leanadh ar aghaidh ag tacú leis an suíomh eolais www.blackpigsdyke.ie. Tá sé pleanáilte tabhairt faoi aershuirbhéireacht de na saothair thalúnta i gCo. Longfoirt go luath in 2018.

ÉIRE ILDÁNACH - LONGFOIRT

Doibrigh an Oifig Oidhreacht mar chuid de fhoireann Creative – Longfoirt chun na haidhmeanna agus imeachtaí na bliana a chur ar fáil agus a thug cúnaimh do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí oidhreacht i Longfoirt a n-imeachtaí agus tionscadail féin a chur le chéile.

URBACT - SÓCMHAINNÍ MÍLEATA MAR SPÁSANNA POIBLÍ

Bhí an Oifig Oidhreacht sásta a bheith mar chuid den tionscadal Sócmhainní Míleata mar Spásanna Poiblí URBACT (MAPS) a raibh Comhairle Chontae an Longfoirt taobh thiar de agus a chuidigh leis an tionscadal ó thaobh saineolas agus tacaíocht na meáin shóisialta de. Cuireadh tús le tionscadail le tairbhe dearfach oidhreacht mar shampla 'Tionscadal Oidhreacht Chultúrtha Bearic Ó Conghaile' mar chuid den tionscadal seo agus cuirfeadh tús leis in 2018.

DEONTAIS COMHAONTAIS

Riaradh an Oifig Oidhreacht dhá dheontas comhaontais ar son an Roinn Ealain, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ina dhiaidh sin an Roinn Ealain, Oidhreacht, Réigiúnach, Tuaithe agus Gnóthaí Gaeltachta. Is é scéim amháin ná an Scéim Infheistíochta Oidhreacht Tógála 2017, faoin scéim seo tugadh tacaíocht do dheisiú de sé struchtúr – meascán de tís agus eaglasta. Is é an ceann

eile ná an Ciste Struchtúr faoi Riosca 2017, faoina raibh dhá struchtúr deontaschúnta, lena n-áirítear Geataí Lóiste Pórtar atá tábhachtach go náisiúnta ag Mainéar Carriglass, a bhí deartha ag an ailtire Seoirsís cáiliúil, James Gandon. Bhí luach de níos mó ná €83,000 ar an dá deontas agus tacaíocht de níos mó ná €75,000 i gcomhchistiú príomháideach. Chruthaigh na deontais thart ar 750 lá oibre d'oibríthe tógála oilte, daoine proifisiúnta agus ceardaithe sa tír.



Lóiste Porter athchóirithe ag Mainéar Carriglass, deartha ag James Gandon agus maoinithe faoin gCiste Struchtúr faoi Riosca 2017 (AN Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta)

SEACHTAIN NA NOIDHREACHTA 2017

Chonacthas i mbliana Seachtain na nOidhreacht is sásúla i gCo. Longfoirt go dáta, le réimse éagsúil imeachtaí lena n-áirítear taispeántais, siúlóidí, cainteanna agus laethanta an teaghligh ar fud an chontae. Reáchtáladh Seachtaine na nOidhreacht 2017 idir 19 agus 27 Lúnasa, agus reáchtáladh os cionn 2000 imeacht go náisiúnta agus d'fhreastail 450,000 cuairteoir orthu. D'eagraigh grúpaí pobail agus eagraíochtaí cosúil le Ionad Cuairteora Conair na Coirre Liath agus Ionad Oidhreacht & Cruthaitheachta Ardach réimse leathan imeachtaí. I measc na n-imeachtaí a reáchtáladh, bhí Lá an Sean Aonach Bhéal Átha na Muc, siúlóidí i gCoill Dhoire Chasáin agus ceardlanna gníomhaíochta do ghasúir. Is fiú a nótaíl ach go háirithe nochtadh cuimhneacháin an fhile Finín John Keegan Casey, a.k.a. "Leo" i mBaile Uí Mhatháin a rinne an Grúpa Staire Leo Casey. Gné áirithe de Sheachtain na nOidhreacht i mbliana



Walking With The Big Boats, from Richmond Harbour, as part of Heritage Week 2017

ná Lá Oidhreacht Uisce, a mharcáil freisin an lá cuimhneacháin 200 bliain den Royal Canal; thug Uiscebhealaí Éireann agus an Oifig Oidhreacht tacaíocht do seo. Reáchtáil Leabharlann Longfoirt, Seirbhísí Oidhreacht agus Cartlanna roinnt imeachtaí, lena n-áirítear ceardlanna ginealais, cainteanna ar ábhair chomh héagsúil le gabhláin agus Finín! Ba mhór an onór dúinn é freisin cainteanna a hóstáil ré órga bhannaí céili le Brian Lawlor atá caillte anois. Táthar ag tabhairt faoi pleananna do Sheachtain na nOidhreacht 2018, a bheith an-speisialta mar gheall gurbh é Bliain Eorpach de Chultúir Oidhreacht é.

FEASACHT OIDHREACHTA EILE

Le feasacht a ardú ar oidhreacht taobh istigh de Chontae Longfoirt tuilleadh, thug an Oifig Oidhreacht faoi iad seo a leanas:

- Ag cur treoir agus comhairle ar fáil faoi cheisteanna oidhreacht d'fhostaí agus rannóga na hUdarais Áitiúla.
- Ag cur tacaíocht agus comhairle ar fáil do dhaoine aonair, grúpaí oidhreacht agus pobail áitiúla i gcúram agus caomhnú a n-oidhreacht.
- Ag cur tacaíocht leanúnach ar fáil don Rannóg Phleanála agus d'úinéirí agus d'aititheoirí d'fhoirgnimh stairiúla agus struchtúir atá faoi chosaint agus ag déanamh measúnú ar iarratais pleanála cuí.
- Ag coinneáil cuntais Meáin Shóisialta chun oidhreacht Longfoirt a chur chun cinn agus a ghluaiseacht chun tosaigh, lena n-áirítear forbairt comhchuntas Twitter leis an Oifig Cartlanna.
- Ciorcal Comhrá do Seachtain na Gaeilge le hOifigeach Gaeilge an comhairle chontae.
- Ag tacú le Táin Márta 2017.
- Ag forbairt taispeántas ar ceoil traidisiúnta Gaelach agus Chontae Longfoirt ó thús ama i gcomhpháirtíocht le Aidan O'Hara de Chumann Ceoil Chonmhaicne, ag comóradh Fleadh Laighean i mBaile Uí Mhatháin.
- Ag cuir tacaíocht leanúnach ar fáil do bhranda turasóireachta *Sean-Oirthear na hÉireann* Fáilte Ireland, lena n-áirítear rannpháirtíocht ina glár oiliúna.



Granard Area Historical Society at Derrycassan Woods, for Heritage Week 2017

TUARASCÁIL STAITISTIÚIL SHEIRBHÍS LEABHARLAINNE AN LONGFOIRT 2017

MÉID CUAIRTEANNA LEABHARLAINNE 2017

Brainse	Ean-Már	Aib-Meith	Iúil-MF	DF-Samh	Noll	lomlán 2017	lomlán 2016
Baile Uí Mhatháin	5,748	4,996	6,955	8,707	1,850	28,256	23,935
Droim Lis	1,311	1,083	847	667	151	4,059	4,276
Meathas Troim	292	983	479	305	117	2,176	2,723
Gránard	4,564	4,226	4,389	3,186	1,109	17,474	18,215
Béal Átha Liag	4,290	3,449	4,385	3,434	1,134	16,692	18,715
Longfoirt	32,959	36,040	43,456	26,816	12,084	151,355	142,637
Líon Iomlán Cuairteanna	49,164	50,777	60,511	43,115	16,445	220,012	210,501

STAITISTICÍ ÚSÁIDE IDIRLÍNN POIBLÍ 2017

Brainse	Ean-Már	Aib-Meith	Iúil-MF	DF-Samh	Noll	lomlán 2017	lomlán 2016
Baile Uí Mhatháin	1,233	990	990	702	330	4,245	4,553
Droim Lis	76	72	65	45	30	288	426
Meathas Troim	49	56	85	53	30	273	451
Gránard	716	735	842	460	250	3,003	2,810
Béal Átha Liag	766	656	467	352	245	2,486	3,161
Longfoirt	3,551	3,509	3,750	2,551	439	13,800	13,882
Líon Iomlán Seisiúin P.C	6,391	6,018	6,199	4,163	1,324	24,095	25,283

BALLRAÍOCHT LEABHARLAINNE CHONTAE LONGFOIRT 2017

Brainse	Duine Fásta	Gasúr	YA 12-14yrs	YA 15-17yrs	Other	Total 2017	Total 2016
Baile Uí Mhatháin	YA	424	116	65	26	1,227	1,353
Droim Lis	YA	177	19	5	--	315	308
Meathas Troim	Eile	lomlán 2017	lomlán 2016	10	5	278	260
Gránard	410	319	66	36	69	900	1,041
Béal Átha Liag	276	182	60	17	15	550	641
Longfoirt	2,602	1,160	306	171	89	4,328	5,131
Iomlán	4,101	2,402	587	304	204	7,598	8,707

SAINCHEISTEANNA FAOIN ÁBHAIR 2017

Brainse	Ean 2017 Horizon	Feabh-Noll Sierra	Athnua-chaintí	Iarratais Coinneála	lomlán 2017
Baile Uí Mhatháin	3,335	10,045	4,082	682	18,144
Droim Lis	1,639	4,007	1,455	40	7,141
Meathas Troim	548	2,434	567	33	3,582
Gránard	2,049	4,074	1,618	312	8,053
Béal Átha Liag	1,256	6,233	2,242	1,055	10,786
Longfoirt	9,344	40,117	17,625	2,878	69,964

STAITISTICÍ FÉINSEIRBHÍSE 2017

Brainse	Earraí CKI	Items Check-Outs	Total
Baile Uí Mhatháin	Earraí Seiceáil Amach	lomlán	9,043
Gránard	6,215	3,695	9,910
Iomlán	11,925	7,028	18,953

PLEANÁIL AGUS ATHNUACHAN

PLEANÁIL

Leanadh ar aghaidh leis an luas gníomhaíochta maidir le Pleanáil agus Athnuachan in 2017. D'fhan líon na n-Iarratas Pleanála mar a chéile le 2016. Tá an Contae faoi bhláth le tuilleadh ag tarlú ag leibheál áitiúil trí na Tionscadail Athnuachana éagsúla. Is éard a bhí i gceist leis seo ná tionscadail a aithint agus maoiniú a aimsiú le misneach agus cúnamh a thabhairt do Ghrúpaí Pobail le tionscadail bunaithe ar an bpobal a chur i bhfeidhm. Tá ag éirí go maith le cur i bhfeidhm Plean Forbartha an Chontae 2015-2021, go háirithe maidir le tionscadail turasóireachta agus riain agus beidh sé ar luach ard do shláinte an Chontae sa todhchaí. Tá reachtaíocht nua, treoracha agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasuithe) ach go háirithe tar éis dúshlán leanúnach a chruthú agus tá ag éirí leis an Rannóg Pleanála agus Athnuachan déileáil leo go maith. Tá na tionscnaimh suntasacha a thug an Roinn Pleanála faoi in 2017 tugtha thíos.

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Tá an Rannóg Bainistíochta Forbartha freagrach as iarratais pleanála a phróiseáil i gcomhar leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasuithe) agus na Rialacháin Pleanála agus Forbartha. Cuireadh 320 iarratas Pleanála faoina mbráid in 2017. Tá ardú tagtha ar mhéad agus castacht gach iarratas freisin. Bhí cinneadh deiridh ar iarratais pleanála d'fheirm gréine taobh amuigh de Mheathas Troim, Drioglan Fuisce agus Jin i mBaile Bhéal Átha Liag agus roinnt méadaithe tionsclaíochta fostaíochta chomh maith le forbairtí meánmhéide cónaithe san áireamh ansin freisin. Táthar ag tabhairt faoi chruinnithe pleanála agus díospóireachtaí leanúnach le tionscadail Chontae Longfoirt a chur i bhfeidhm.

Is cuid lárnach iad na comhairliúcháin réamhphleanála den phróiseas Bainistíochta Forbartha agus baintear úsáid astu ar bhunús leanúnach agus níos mó. Reachtáiltear na cruinnithe seo seirbhís pleanála eolach, ard chaighdeánach agus níos trédhearcach a chur ar fáil don ghnáthphobal. In 2017, reachtáladh 99 gcruinniú réamhphleanála le plé a éascaigh le hiarratasóirí féideartha ar na saincheistanna maidir lena dtograí, ardú suntasach ón méid roimhe sin 71 in 2016. Tá na cruinnithe seo ar bharr an méid ceisteanna a thagann isteach ar an bhfón agus ar ríomhphost. Chomh maith leis sin, reachtáladh líon ard cruinnithe réamhphleanála le Bord na Móna agus BSL maidir le féidearthacht feirm ghaoithe i nDoire Fhada agus an síneadh leis an áis stórála móna agus an Stáisiún Cumhachta i mBéal Átha Liag agus iarratas pleanála a tháinig as agus a fuarthas ó BSL deireanach in 2017. Déantar taifead go digiteach ar na cruinnithe réamhphleanála anois le héascaíocht a dhéanamh ar leanúnachas, trédhearcach agus imeascadh de réir a chéile leis an bpróiseas cinnteoireachta.

Tá iarratais pleanála sciata le haghaidh measúnú cuí mar atá ag teastáil ón dTreoir maidir le Gnáthoga agus

i gcomhar leis na treoracha atá eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG). Is gné rialta iad na hiarratais ar cheadúnas faoi Alt 254 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, go príomha do chomharthaí bóithre agus ceisteanna pleanála do mhaoiniú LEADER den obair a thabharfaínn an Roinn Pleanála faoi. Próiseálann an Rannóg Pleanála iarratais Cuid 8 agus tugadh faoi 5 cinn acu seo in 2017, an ceann ba suntasaí ná an Droichead thar an Chamlinn (beagnach críochnaithe anois), An Droichead Bán ag Coill an Chaisleán Nua agus an siúlóid conláiste thimpeall Phortach An Chorr Liath. Bhí éilimh suntasacha eile in áiteanna eile den chóras pleanála, go háirithe pleanáil chun tosaigh, forfheidhmiú agus an ualach oibre athnuachana.

CÚNAIMH FORBARTHA

Gearrtar Cúnaimh Forbartha i gcomhar leis an Scéim atá uchtaithe ag Comhairle Chontae an Longfoirt faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasuithe). Tá coinníoll ag baint gach uair a cheadaítear cead pleanála agus is é sin ná go gcaithfidh iocaíocht a bheith déanta ar chúnaimh forbartha cuí a bhíonn iníoctha má chuirtear nó nuair a chuirtear tús leis an bhforbairt. Tá go leor cásanna ann nuair a bhí ceadanna a cheadaíodh caite amach ag ceadanna eile ar an suíomh céanna agus nuair nach raibh ceadanna a cheadaíodh gníomhachtaithe fós. Is féidir leis seo uaireanta méid míchruinn a thabhairt faoin méid cheart atá le hioc agus ag dul don Chomhairle.

Bhí tionchar dearfach ag an Scéim Chúnaimh Forbartha ar an infreastruchtúr i Longfoirt a chur ar fáil ó cuireadh tús leis. Tá sé tar éis maoiniú a shaothraigh do réimse leathan infreastruchtúr, lena n-áirítear sealbhú talamh, soláthar spásanna oscailte, áiseanna caitheamh aimsire agus pobail, oibriúcháin conláiste agus tírdhreachtú, bóithre, carrchlóis, cosáin, áiseanna uisce agus dramhuisce. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an Scéim Chúnaimh Forbartha 2013 faoi láthair agus cuirfeadh Scéim Chúnaimh Forbartha 2018-2022 athbhreithnithe faoi bhráid na mBaill Tofa le glacadh le go luath in 2018.

PLEANÁIL CHUN TOSAIGH

Tá an Rannóg Pleanála chun Tosaigh freagrach as taighde, ullmhúcháin agus táirgeadh na Pleananna Forbartha, na Pleananna Ceantair Áitiúil ar fad agus gníomhaireachtaí ag breathnú chun tosaigh. Tá méadú tagtha ar ualach oibre an Rannóg Pleanála chun Tosaigh mar gheall gur tugadh isteach le déanaí reachtaíocht nua maidir le feidhm pleanáil chun tosaigh an Údarás Pleanála in 2017.

Ní chuireann an cúlú eacnamaíochta nó an moilliú ar thionscal na tógála isteach ar sceideal oibre an phleanáil chun tosaigh, atá rialaithe ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (leasuithe) agus ní chuireann sé isteach ar chur i bhfeidhm leanúnach de reachtaíocht náisiúnta

agus an AE ar na réimsí pleanála agus eacnamaíochta. Tá ról lárnach ag an Rannóg Pleanála chun Tosaigh i bPleanáil Náisiúnta agus Réigiúnach agus freastalaíonn baill foirne ar ghrúpaí oibre pleanála réigiúnacha go rialta. Chomh maith leis sin, tá an Rannóg Pleanála chun tosaigh bainteach lena tionscadail eile go rialta a dteastaíonn go leor ama uathu mar shampla Ordaithe Ceannaigh Éigean-
taigh (CPOs), Staidéir Chonair Bhealaigh agus tionscadail eile ó leibhéal áitiúil go leibhéal náisiúnta.

PLEAN FORBARTHA AN CHONTAE

Tháinig Plean Forbartha Chomhairle Chontae an Longfoirt i bhfeidhm ar an 11 Márta 2015 agus leagtar síos an creat pleanála d'fhorbairt sa gContae thar an tréimhse 2015-2021. Cuireadh le chéile tuairisc ag deireadh 2016 ar an dul chun cinn a rinneadh chun na haidhmeanna a leagadh amach sa bplean a bhaint amach i gcomhar le Alt 15(2) den Achta agus scaipeadh ar na Baill Tofa é i mí Feabhra 2017. Léiríodh sa dtuairisc seo dul chun cinn suntasach a rinneadh le maoiniú a aimsiú d'fhorbairt agus conláiste áiseanna turasóireachta. Nascaítear na ratha agus an tionchar féideartha a bheadh acu i réimsí eile sa tuairisc seo, mar shampla neartú an céimiúlacht lon-
naíochta atá leagtha amach sa bpríomhstraitéis, ag cur chun cinn forbairt eacnamaíochta agus meas ar uiscebhealaí mhóra Longfoirt atá istigh faoin tír i gcomhar leis na tionscadail náisiúnta agus réigiúnacha.

In 2017, uchtaíodh Athrú Uimh.3 don phlean Forbartha i mí Iúil 2017. Cuimsíodh forálacha polasaí méadaithe le tabhairt isteach an polasaí breise a éascú a bhain le misneach a thabhairt do scéimeanna tithíochta nua agus forbairtí móra i mbailte agus i sráidbhailte lena teas agus a gcuid riachtanais fuinnimh a fháil ón líonra Gás Nádúrtha nuair is féidir.

CREAT PLEANÁLA NÁISIÚNTA AGUS STRAITÉIS SPÁSÚIL RÉIGIÚNACH

Chuir Comhairle Chontae an Longfoirt roinnt aighneachtaí faoi bhráid an Creat Náisiúnta Pleanála (NFP) 'Éire 2040' le linn na bliana, den chuid is mó faoin bpáipéir Comhairliúcháin Cheisteanna i mí Márta agus dréacht an NPF i mí na Samhna. Is é an rud is tábhachtaí ná gur rinneadh machnamh ar na haighneachtaí seo i ndoiciméid deiridh an NPF. Déanfar tuilleadh forbairt ar chruthú Fis do Lár na Tíre mar atá leagtha síos san NPF 'Éire 2040', agus aitheantas do Bhaile Átha Luain mar ionad réigiúnach agus ról tacaíochta Longfoirt in san Tionól Réigiúnach Lár Tíre agus an Iarthar (EMRA) agus an Straitéis Eacnamaíochta agus Spásúil Réigiúnach (RSES).

Leagtar amach in san aighneacht is déanaí a chur an Chomhairle faoi bhráid an RSES páipéir cheisteanna go leor láidreachtaí agus deiseanna ar cheart breathnú orthu le cur ar a chumas Réigiún Lár Tíre ar fad le linn comhthéacs an EMRA. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach shláinte Chontae Longfoirt sa todhchaí agus mar gheall ar seo leanóidh sé isteach sa gcéad Plean Forbartha eile agus tá an obair le tosú ar seo go reachtúil luath an chéad bhliain eile.

GNÍOMHAIREACHTAÍ TURASÓIREACHTA

Oibríonn an Fhoireann Pleanála agus Athnuachana go dlúth leis an gCoiste Turasóireachta agus an LEO ar Phleananna Turasóireachta éagsúla do Longfoirt agus lean na gníomhaireachtaí seo ar aghaidh in 2017, lena n-áirítear:

- Plean Fásach Lár na Sionainne a chlúdaíonn Longfoirt Theas, Loch Rí agus an Canáil Ríoga.
- The Mid Shannon Wilderness Plan covering South Longford, Lough Ree and the Royal Canal. Táthar tar éis tabhairt faoi comhphlean le Comhairlí Ros Comáin, na hIarmhí agus Uíbh Fhailí.
- Tá Féarbhealach an Royal Canal agus Conair Blueway a d'fhéadfadh tarlú á fhorbairt mar bhealach siúlóide/rothaíochta mór ó Baile Átha Cliath go Cluain Dá Ráth agus ar aghaidh go Cathair na Mart. Tá machnamh á dhéanamh ar an mbealach seo d'fhorbairt Bhealach Oilithrigh ó Pháirc an Chrócaigh go Chruach Phádraig. Tugadh faoi obair mhór ar Bhealach Glas an Canáil Ríoga in 2017 agus táthar ag siúl go mbeidh chuid Longfoirt críochnaithe go luath in 2018.
- Tá machnamh á dhéanamh freisin faoi bhealach Oilithrigh Sionainne ó thuaidh go ó dheas le forbairt ó Luimneach go Fear Manach. Beidh Longfoirt mar an phríomh-chrosbhealach idir an dá Bhealach Oilithrigh seo.
- Clúdaíonn an Chonair Liteartha lár Longfoirt agus beidh sé i lár Mheathas Troim. Chríochnaigh an obair in 2017 le comharthaí agus an bhrandáil a chruthú do Chonair tábhachtach go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta.
- Clúdaíonn Conair Ribiliúnach Longfoirt an Contae ó Thuaidh ó Gránard go Béal Átha na Muice lena n-áirítear Béal Átha na Lao agus Baile Longfoirt. Aithníodh na comharthaí seo don chonair agus ceannaíodh iad in 2017, tá siad le cur suas go luath in 2018.

Níl aon dabht ann ach go gcuirfidh forbairt gníomhaíochta na Táirgí Turasóireachta éagsúla seo le turasóireacht agus gnó sa gContae. Leanann an Fhoireann Pleanála agus Athnuachana ar aghaidh páirteach agus ag freastal ar chruinnithe le Fáilte Ireland leis an bealach is fearr chun poiblíocht a dhéanamh ar Longfoirt mar réigiún 'Neartmhar' na Sionainne sa todhchaí a fhiosrú.

DIASPÓRA CHONTAE LONGFOIRT

Is é an obair a bhí ar siúl in 2017 ná bunú acmhainn Diaspora tiomanta ar shuíomh Longford.ie, leathanach Facebook Diaspora Longfoirt ghaolmhar agus ceistneoir agus fiseán Diaspora Chontae Longfoirt a táirgeadh. Thosaigh obair ar Straitéis Diaspora don Chontae a chruthú.

POLASÁI TITHÍOCHTA NÁISIÚNTA

Doibrigh Pleanáil agus Athnuachan leis an Rannóg Tithíochta chun talamh tithíochta feiliúnach le tógáil air a aithint faoin Polasaí Tithíochta Nua. Tógadh faoi measúnithe suímh ar roinnt suíomhanna maidir leis na fiúntais pleanála d'fhorbairt féideartha.

ATHNUACHAN

Cuireadh tús le Foireann Athnuachana tiomanta in 2015 le hoibriú i gcomhar leis an bhFoireann Pleanála agus leanúint ar aghaidh ón obair rathúil a thug Pleanáil chun Tosaigh agus Foirne Eastáit Neamhchríochnaithe faoi sa mblianta roimhe sin. Is é aidhm an Aonad ná athnuachan fhísiciúil, sóisialta agus eacnamaíochta Bhaile agus Chontae Longfoirt a chomhardú.

Tá an Oifigeach Athnuachana ag obair an t-am ar fad le maoiniú a aithint agus a tharraingt anuas ó tionscadail éagsúla sa gContae. Mar chuid den tionscadal seo, tá obair taighde agus ullmhúcháin leanúnach ag dul ar aghaidh le haibhinní a aithint leis an athnuachan de go leor ceantair atá aitheanta taobh istigh de Bhaile agus de Chontae Longfoirt a thabhairt chun cinn. Tá bailte agus sráidbhailte éagsúla an Chontae san áireamh anseo, Ceathrú Bhaile Longfoirt ó Thuaidh, na suíomhanna straitéiseacha agus tionscadail aitheanta i bPlean Forbartha an Chontae agus Plean Cheantair Bhaile Longfoirt, eastáit tionsclaíochta, suíomhanna folamh agus ceantair taobh istigh den Chontae a cláithin grúpaí pobail. Bhí comhairliúcháin mhór i gceist le príomhpháirtithe leasmhara, pobail áitiúil agus teagmháil le saoránaigh i gceist leis seo bhailte agus ó sráidbhailte sa gContae.

COILLAN CHAISLEÁN NUA

Forbriodh cosáin conláiste nua i gCoillan Chaisleán Nua i gcomhar le Coillte in 2016. In 2017, cuireadh tús leis an bpróiseas tairiscint a lorg agus soláthar leis an Droichead Bán os cionn Abhainn na hUine i gCoillan Chaisleán Nua a thógáil agus a sholáthar.

DROICHEAD COISÍ AN CHAMLINN

Cuireadh maoiniú ar fáil faoin gClár Caitheamh Aimsire Tuaithe le tabhairt faoi dhearadh agus tógáil Droichead an Chamlinn. Cuirfidh an droichead bealach rochtana eile ar fáil ó Great Water Street go ceantar conláiste an Meall agus mar sin ag nasctha Ceathrú Longfoirt ó Thuaidh le bealach rochtana níos lárnaigh sa mbaile. Cuirfear an obair seo i gcrích go luath in 2018.

SCÉIM ATHNUACHANA BAILE & SRÁIDBHAILE

Faoin Scéim 2017, ceadaíodh iarratas d'uasmhéid maoiniú de 200m atá ar fáil do bhunú MolNuálaíochta agus Cruthaitheach i mBaile Longfoirt. Ina iomlán, déirigh le deich mbaile agus sráidbhaile an maoiniú a fháil faoin dtionscnamh seo.

Is iad sin ná Baile Longfoirt, Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Ardach, Gránard, Béal Átha Liag, Lios Ríain, Malaidh na Cainte, An Lios Breac, agus Baile Nua an Chaisil. Tabharfaidh an maoiniú seo an deis do chuid de na bailte agus sráidbhailte seo cuir leo agus iad a fhorbairt. Tá an Rannóg Pleanála agus Athnuachana an-sásta an deis a bheith acu teagmháil a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do cónaitheoirí áitiúla agus coistí chun na tionscadail seo a chur i gcrích.

SCÉIM INFREASTRUCHTÚIR CAITHEAMH AIMSIRE FAOIN AEIR

Le linn 2017, ceadaíodh 13 tionscadal faoin Scéim Infreast-ruchtúir Caitheamh Aimsire faoin Aeir, 12 faoi Bheartas 1 agus 1 faoi Bheartas 3. Is iad seo ná Droim Lis, Longfoirt, Bléan an Bhóthair, Conair Reibiliúnach Thuaisceart Longfoirt, Cluain Torc/an Canáil Ríoga, Conairí Léarscálaithe Thuaisceart & Deisceart Longfoirt, Achadh na Cloiche, Láithreáin Gréasáin

na Canálach Ríoga, Conaire Easpaig Ó hUiginn, Léarscáilíú Bhéal Átha na Muc, an Canáil Ríoga (Glasbhealach). Chuir na tionscnaimh seo ardán ar fáil ar a bhfuil Pobail, Baili Tofa agus Comhairle Chontae an Longfoirt ag obair le chéile le cinntiú go bhfuil tionscadail urraithe agus curtha i gcrích le cur leis an gContae ar bhealach dearfach.

REDZ

Roghnaíodh trí phríomh-thionscadal do sciartha den mhaoiniú faoin dtionscnamh seo i gcomhar le Pobail Áitiúla – Conair Phortach An Chorr Liath, Conair Siúlóide Corn Clainne Aodha agus Ionad Léirmhíneach Móta Ghránard. Beidh na tionscadail seo ar fad taobh thiar den taobh **sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil de thurasóireacht ina gceantair féin** agus tabharfaidh sé bród agus féiniúlacht do na Pobail seo trína tréithe soiléire dá stair, oidhreacht agus cultúr a thaispeáint.

MAPAÍ URBACT CÉIM II

In 2017, lean Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh le ról agus páirt ghníomhach a bheith aici sa dtionscadal URBACT MAPS. Ó thús 2016, tá Comhairle Chontae an Longfoirt ag glacadh páirt gníomhaíoch chomh maith le ocht gcathair Eorpach Páirtithe, sa dtionscnamh Maoinithe Eorpach faoin gClár 'MAPS AE URBACT (Sócmaoinní Mileata mar Spásanna Phoiblí).

I mbaile Longfoirt, is é Beairic Mileata Ó Conghaile an suíomh roghnaithe faoin tionscadal MAPS. Tar éis gur dúnadh na Beairic in 2009 agus a shealbhú ag Comhairle Chontae an Longfoirt ina dhiaidh sin, meastar go gcuireann an Beairic deis iontach ar fáil le fás a spreagadh i Longfoirt. Is é príomhaidhm an tionscadal MAPS ná dearctha a chuir droim ar ais, acmhainní a aithint a bhaineann leis an oidhreacht agus ag plé gach gné a bhaineann leis na pleananna agus an áit a bheith siad amach anseo. Lorgaítear an fheidhm, an ról sóisialta agus rochtain dá shean-Oidhreacht Mileata a shainmhíniú le forbairt, inbhuanaitheacht agus cuimsitheacht a chur chun cinn.

Ní hiad mianta an clár MAPS ach amháin le spás fhísiciúil a fhorbairt ach freisin an cumas caidreamh a chrutú le grúpaí sóisialta (páirtí leasmhara) a dhífheadfadh a bheith tairbheach d'athnuachan a shean-suíomh míleata. Mar gheall ar na cúiseanna seo, caithfidh an tionscadal MAPS a bheith in ann tabhairt faoi gníomhaíochtaí rannpháirtithe leis an méid is mó páirtithe leasmhara le bheith in ann na torthaí a bhfuiltear ag súil leis a roinnt chomh fada agus is féidir (athnuachan fhísiciúil agus feidhmiúil, cultúrtha, ionchuimsiú sóisialta, gnéithe eacnamaíochta) agus Plean Gnímh Comhtháite straitéiseach roinnte a fhorbairt don cheantar le fíor-thorthaí sa mbaile.

Mar chuid den tionscadal, casann na baili, na páirtithe leasmhara agus na páirtithe Eorpach díograiseach agus tiomanta de na tionscadail seo le chéile cúpla uair sa mbliain le saincheisteanna cuí agus téamach a phlé a bheith ionchorpraithe ina bPleananna Gnímh Comhtháite aonracha. Is í Comhairle Chontae an Longfoirt a bheith ag óstáil cuairt na Páirtithe Eorpacha go luath in 2018.

Cuireann Longfoirt teimpléad foirfe Éireannach do MAPS ar fáil le tabhairt faoi stair míleata an suim le 400 bliain anuas agus an chaoi gur féidir leis seo a bheith curtha ar thaobh imeachtaí cultúrtha atá ann cheana féin agus tionscnaimh turasóir-

reachta taobh istigh den suíomh agus sa gceantar thimpeall air. Is féidir athnuachan na beairicí míleata sainchomhartha tábhachtach seo, a aithint, ní hamháin mar lóchrann malartú sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta ach freisin a bheith mar 'spreagadh' nó ina chroílár le go dtarlóidh an rud céanna don cheantar uirbeach taobh leis.

Seoladh tionscadal nua darbh ainm Longfoirt Nua in 2017. Is tionscadal mapála pobail é Longfoirt Nua a thabharfainn deis do dhaoine áitiúla páirt ghníomhach a ghlacadh in athnuachan Bhaile Longfoirt. Baintear úsáid as aip ar an bhfón don tionscadal seo le go mbeidh daoine in ann pictiúir a roinnt agus sean-smaointí, smaointí atá acu anois agus smaointí do thodhchaí an bhaile.

Tá aithne ag mhuintir Longfoirt ar a mbaile féin níos fearr ná aon duine eile agus mar sin tá inchur muintir an bhaile fíor thábhachtach le go n-éireoidh le hathnuachan an bhaile. Bainfear úsáid as torthaí na haipse le cuir leis an bPlean Comhtháite Gníomhaíochta atá á ullmhú mar chuid de thionscadal na hEorpa atá muid ag obair air faoi láthair don Cheathrú Thuaidh agus freisin an Plean Athnuachana don mbaile a thiocfaidh ina dhiaidh.

CEATHRÚ THUaidh LONGFOIRT

Le linn 2017, lean ionadaithe ó Chomhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag casadh le chéile maidir leis an ionad siopadóireachta folamh. Is é cuspóir na cruinnithe seo ná an straitéis le NAMA a fhorbairt le ceantar Cheathrú Thuaidh an bhaile a fheiceáil mar thionscadal mór bunathraithe a chuireadh le tairbhe eacnamaíochta, sóisialta & cultúrtha an bhaile. Rinneadh an cine go bhfanadh Beairicí Ó Conghaile faoi chúram Chomhairle Chontae an Longfoirt agus go ndíolfai an ionad siopadóireacht mar aonán ann féin. Táthar ag súil nuair a dhíolfar an ionad siopadóireachta go dtabharfaidh sé níos mó gníomhaíocht chuig an áit sin den bhaile.

PLEANÁIL POIBLÍ

Tá an Rannóg Pleanála agus Athnuachana an-pháirteach i bpleanáil poiblí i gceantair éagsúil den Chontae, lena n-áirítear Longfoirt, Béal Átha Liag, Caonach, Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Droim Lis agus Béal Átha na Muc etc. le cúnamh a thabhairt do forbairt áitiúil agus tionscnaimh pleanála poiblí. San áireamh leis seo, bhí cúnamh á thabhairt do Kenagh CoOp. agus Oidhreacht Bhogach Éireann le 70 acra a fháil agus a fhorbairt taobh le Ionad Conair An Chorr Liath d'fhorbairt mar Pháirc Chonláiste agus Bithéagsúlachta i gcomhar le Bord na Móna. Cuireadh an Siúlóid Chonláiste Phortaigh An Chorr Liath i gcrích in 2017.

TÁILLE SUÍMh FOLAMH

I gcomhar le forálacha an Achta um Athnuachan Uirbeach agus Tithíochta 2015, bhí na forálacha cui corpraithe sa gceantair pleanála thar 2016 le hiarratas an Táille Suímh Folamh éascaigh agus cuireadh tús le Clár i mí Eanáir 2017. Tá 5 iontráil ar an gClár seo faoi láthair agus tá obair leanúnach á dhéanamh ar na suíomhanna atá fágtha atá ag staideanna éagsúla ó thaobh fógra agus soláthar de. Tá obair leanúnach ag dul ar aghaidh agus tá tugadh tús áite do shuíomhanna le dul chun cinn a dhéanamh ar aidhmeanna áirithe atá sa bPlean Ceantair Áitiúil Purláin agus Bhaile Longfoirt.

FORFHEIDHMÍU PLEANÁLA

Déanann an Rannóg Forfheidhmiú Pleanála imscrúduithe ar

ghearráin ón bpobail maidir le forbairtí nach bhfuil ceadaithe agus neamhchomhlíonadh le ceadanna pleanála. Tugann an Rannóg seo faoi cuairteanna suímh agus eisítear Litreacha Réamh-Rabhaidh, Litreacha Rabhaidh, Fógraí Forfheidhmiúcháin agus imeachtaí dlíthiúla na hinstiúidí nuair is cui. Éiríonn go maith leis an Rannóg seo trí idirbheartaíocht agus réiteach ag staid na litreach réamh-rabhaidh, rud a chiallaíonn go mbíonn níos lú fógraí forfheidhmiúcháin agus imeachtaí dlíthiúla á chur amach. Ba iad gníomhaíochtaí an Fhorfheidhmiú Pleanála le linn 2017 ná -

- 56 Chásanna nua / chomhad nua oscailte
- 14 Litir Réamh-Rabhaidh eisithe
- 31 Litir Rabhaidh eisithe
- 13 Fógraí Forfheidhmiúcháin eisithe
- 5 Atreoraíodh le haghaidh ionchúisesamh
- 48 gComhad dúnta

EASTÁIT NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Leanann Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag cur an-bhéim ar dul i ngleic le fadhbanna agus ceisteanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe. Tá an fhoireann díograiseach a bhí curtha le chéile go sonrach le déileáil le ceist na bhforbairtí tithíochta neamhchríochnaithe i gContae Longfoirt, fós ag obair tríd na saincheisteanna ar an talamh ag baint úsáid as córais teicneolaíochta, nós imeachta agus reachtaíochta i réitigh a fhorbairt i gcomhar le cónaitheoirí, forbróirí, instiúidí airgeadais, faighteoirí agus príomh-pháirtithe leasmhara eile. Le linn 2017, lean an Fhoireann Tithíochta Neamhchríochnaithe ar aghaidh lena gclár oibre lena n-áirítear:

- Ag laghdú líon na forbairtí neamhchríochnaithe atá fágtha,
- An próiseas chun pleananna réitigh suímh a ullmhú, maoirseacht a dhéanamh agus iad a chur i bhfeidhm,
- Ag leanúint gníomh forfheidhmiúcháin nuair a theastaíonn,
- Ag glaoc isteach sláine airgeadais agus bannaí le rochtain a fháil ar maoiníú le infreastruchtúr poiblí a chur i gcrích taobh istigh de fhorbairtí agus,
- Ag tógáil forbairtí críochnaithe faoina gcúram.

Bhí 128 n-eastát neamhchríochnaithe taobh istigh den chontae i dtús ama. Go dáta, tá an Comhairle tar 75 a thógáil faoin gcúram. Tógadh 7 n-eastáit faoin gcúram le linn 2017. Baineadh 14 fhorbairt eile ón liosta tar éis teastas do chead pleanála a chomhlíonadh. Tá an chuid is mó dóibh seo d'fhorbairtí árasáin nach bhfuil tógtha faoina gcúram.

Tá an fhoireann Eastáit Neamhchríochnaithe tar éis Pleananna Réitigh Suímh a shocrú trí idirbheartaíocht do na heastáit atá fós ann agus leanfaidh obair ar aghaidh orthu seo le linn an bhliain amach romhainn.

I mí Dheireadh Fómhair 2017, bronnadh Gradam Dea-Chleachtais an AE ar fhoireann na hEastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe Longfoirt maidir le fadhb na heastáit neamhchríochnaithe a réiteach.



CÓRAIS MAOINITHE AGUS EOLAIS

MAOINIÚ

Is iad príomhfheidhmeanna Rannóg Airgeadais Chomhairle Contae Longfoirt ná -

- Cuspóirí airgeadais Phlean Corparáideach na Comhairle a bhaint amach
- Gnóthaí airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- A chinntiú go bhfuil rialuithe inmheánacha leordhóthanacha i bhfeidhm chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint, agus chun cruinneas agus iontaofacht na dtaifead cuntasíochta a chinntiú
- A chinntiú chomh fada agus is féidir go mbaintear amach luach ar airgead ar fud na heagraíochta

SEIRBHÍSÍ

- Mótarcháin
- Rátaí/Cíosanna Tithíochta/Íocaíochtaí lasa-chta/Tithíochta/Comhlíonadh NPPR
- Deontais Ardoideachais
- Oifig Ghinearálta - íocaíochtaí a phróiseáil do so-láthraithe agus párolla

NÓSANNA IMEACHTA ÍOCAÍOCHTA

Baineann forálacha an Achta um Íocaíocht Pras de Chuntais, 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 le Comhairle Chontae an Longfoirt. Tá córais i bhfeidhm lena chinntiú nach ngearrfar pionóis úis. Níor gearradh aon pionóis úis in 2017.

Déantar gach iarracht a chinntiú go gcomhlíonfar an tAcht agus na Rialacháin agus pionóis úis a sheachaint. Mar sin féin, ní féidir leis na nósanna imeachta ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha leis an reachtaíocht.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is feidhmigh breithmheas neamhspleách é an Iniúchadh, ar a bhfuil an fhreagracht gníomhaíochtaí a athbhreithniú i ngach réimse taobh istigh de Chomhairle Chontae an Longfoirt. Déantar scrúdú agus tuairisciú go hoibiachtúil ar bhainistiú rioscaí, leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha agus úsáid chuí, éifeachtúil agus eacnamaíoch na hacmhainní. Leagann Cairtfhostaigh Iniúchta Inmheánaigh amach ról agus freagrachtaí an Iniúcháin Inmheánaigh agus na Bainistióchta.

CAITEACHAS

AN TACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001 – ALT 142 CAITEACHAS	
Méara agus Liúntais Eile	€65,982
Siamsaíocht agus Costais Gaolmhara	€27,078
Íocaíochtaí Athláithritheacha, Costais na mBaill agus Ionadaíocht ag Comhdhálacha	€398,945
Iomlán	€492,005

BAILIÚCHÁIN UISCE TRÁCHTÁLA

Ba iad Comhairle Chontae an Longfoirt ceann de na chéad údaráis áitiúla chun billeáil uisce tráchtála custaiméirí a aistriú do Uisce Éireann. Aistríodh na cuntais i mí Lúnasa 2016. Choinnigh foireann na comhairle ar aghaidh ag cur cúnaimh ar fáil do iarchustaiméirí na Comhairle leis an bpróiseas aisirithe cuntais agus déileáil le ceisteanna cuntais go dtí deireadh 2016. Is iad Uisce Éireann an pointe teagmhála d'aon cheisteanna billeála maidir le cuntais tráchtála uisce.

AONAD GINIÚNA IONCAIM

Tá an Aonad Giniúna Ioncaim (IGU) freagrach as bailiúcháin príomh-sraitheanna ioncaim na Comhairle. Lena n-áirítear rátaí, cíosanna tithíochta, iasachtaí tithíochta agus cíosanna RAS. Oibrítear an deasc airgid san aonad freisin a éascaíonn íocaíochta custaiméara d'earraí agus seirbhísí na Comhairle.

Eisítear teastais comhlíonta de réir an aonad maidir le híocaíocht an táille Áit Chónaithe Neamhphríomha (NPPR).

RÁTAÍ

Léiríodh leis an leibhéal gníomhaíochtaí tráchtála sa gContae roinnt comharthaí d'aisghabhála sealadacha in 2017. Is cúis imní é an ardleibhéal d'fholúntas maoin tráchtála, áfach. Feidhmíonn an Chomhairle Scéim Dreasaíochta Áitreabh Tráchtála Folamh chun gnólachtaí a spreagadh leis na háitribh folamh a thógáil. Lean an dul chun cinn ar aghaidh maidir le leibhéal na hiarbhlíanachtaí atá ag dul don Chomhairle a laghdú agus baineadh amach na spriocanna maidir le laghdú fiachais agus bailiúcháin %.

Cuireadh athluacháil ghinearálta den Oifig Luachála i gcrích maidir le gach réadmhaoin inráitille sa gContae in 2017. Tíocfaidh an liosta luachála leasaithe i bhfeidhm ó 2018 ar aghaidh.

BAILIÚCHÁIN RÁTAÍ

Bliain	Iarmhéid Tosaigh	Sonrasc Tugtha	Le Bailiú	Admháil	Iarbhlí-anachtaí	Iarbhlí-anachtaí Amhrasacha	% Bailithe
2015	€2,642,256	€5,849,512	€7,840,817	€6,396,247	€2,095,521	€650,951	82
2016	€2,095,521	€6,367,985	€7,785,405	€6,503,934	€1,959,572	€678,101	84
2017	€1,959,572	€6,553,924	€7,639,919	€6,802,482	€1,711,004	€873,577	89

CÍOSANNA & IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

Tá Aonad um Ghiniúint Ioncaim freagrach as cíosanna agus muirir iasachta a bhailiú, cíos a bhainistiú agus cuntais iasachta i riaráistí. Tá an Rannóg Tithíochta freagrach as cíosanna a shocrú agus coigeartuithe ar chíosanna.

Tháinig feabhas ar na céatadáin bailithe cíosa beagán go 92% i rith 2017.

Eisíodh Fógraí Rabhaidh Tionóntachta do thionóntaí a bhí ag sárú a gcuid oibleagáidí a bhaineann le cíos don Chomhairle agus nach raibh ag déanamh teagmháil leis an gComhairle chun a gcuid riaráistí a réiteach. I líon an-bheag cásanna, fuarthas orduithe seilbh le haghaidh neamhiocáiochta cíosa.

BAILIÚCHÁIN CÍOSANNA TITHÍOCHTA (LENA N-ÁIRÍTEAR RAS & LEASES)

Bliain	Iarmhéid Tosaigh	Sonrasc Tugtha	Le Bailiú	Admháil	Iarbhlíanachtaí	Iarbhlíanachtaí Amhrasacha
2015	€790,756	€4,865,737	€5,656,493	€4,967,734	€688,759	88
2016	€688,759	€5,047,429	€5,736,188	€5,161,499	€574,689	90
2017	€574,689	€5,265,037	5,839,725€	€5,364,466	€475,259	92

Cuireann an Chomhairle an Próiseas um Réiteach um Riaráistí Morgáiste (MARP) i bhfeidhm do chustaiméirí iasachta a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu. Cuireann sé seo creat ar fáil don Chomhairle agus d'iasachtaithe, riaráistí iasachta a bhainistiú agus a gcuid iasachtaí a athstruchtúrú i gcúinsí áirithe. Cuireadh oiliúint ar fhostaithe i réitigh riaráistí agus d'éascaíodh iasachtaithe i ndeacracht airgeadais le bearta réitigh gearrthéarmacha agus fadtéarmacha maidir le riaráistí. Lean an Chomhairle ar aghaidh le hathstruchtúrú roinnt iasachtaí úinéireachta roinnte áit a raibh an t-iasachtaí i riaráiste. Leanfar leis an bpróiseas seo a leathnú amach in 2018 d'iasachtaí úinéireachta roinnte agus iasachtaí blianachta i riaráiste a dteastaíonn athstruchtúrú uathu.

BAILIÚCHÁIN CHÍOSANNA TITHÍOCHTA

Bliain	Iarmhéid Tosaigh	Sonrasc Tugtha	Le Bailiú	Admháil	Iarbhlíanachtaí	Iarbhlíanachtaí Amhrasacha
2015	€742,397	€862,915	€1,605,312	€890,662	€714,650	55
2016	€714,650	€965,768	€1,680,418	€959,736	€720,682	57
2017	€720,682	€984,285	€1,704,967	€1,029,347	€675,620	60

MÓTARCHÁIN

Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha i reachtaíocht mhótarchánach i rith na bliana. Bhí fáiltas maidir leis an mótarcháin go háitiúil thíos arís ó 2016 (€4,280,575). Leanadh leis an méadú ar idirbhearta mótarchánach ar líne le linn na bliana agus mar thoradh air sin, tháinig laghdú 10% ar fháltais mhótaránach go háitiúil in Oifig Mótarchánach Longfoirt.

Idirbhearta Mótarchánach 2017	Níor raibh aon Idirbhearta	Méid
Ceadúnais Feithicle (Dioscaí)	20,270	€3,613,532
Idirbhearta Ilghnéitheach (Teastais Clárúcháin Feithicle, Plátaí Trádála etc.)	3,999	€233,382
Idirbhearta Mótarchánach lomlán	24,269	€3,846,914

CÓRAIS EOLAIS

Soláthraíonn an rannóg ICT seirbhísí ICT oibriúcháin agus straitéiseacha don Chomhairle. Tá an rannóg freagrach as infreastruchtúr an ICT agus freisin chun riachtanais ICT na heagraíochta sa toadhchá a phleanáil. I gcumas oibriúcháin, tá an rannóg freagrach as go leor córais ICT a scaipeadh ar fud an Chontae in infreastruchtúr Líonra Cheantar Leathan (WAN).

Le linn 2017, chuir Rannóg TF na Comhairle Chontae an Longfoirt roinnt tionscadal infreastruchtúir, digiteacha agus bhogearra suntasacha ar fáil agus a chur feabhsúcháin ar Shlándaíl TF ar fáil agus feabhas ar ailtireacht an ICT.

Rinneadh infheistíocht shuntasach i roinnt réimsí feidhmchláir tábhachtacha mar shampla fóin IP, WIFI Corparáideach, Bogearraí Deasc Seirbhíse agus láithreáin ghréasáin na Comhairle chomh maith le feasacht faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. Lean an obair tacaíochta oibriúcháin i TF ar aghaidh ag baint úsáid as acmhainní suntasacha ama agus iarrachta go háirithe i réimsí slándála TF, seirbhísí tacaíochta fostaí agus baill agus tacaíocht feidhmchláir TF. Ba iad seo na príomhréimsí fócais in 2017:

INFREASTRUCTÚR LÍONRA

Tá líonra ICT na Comhairle Chontae an Longfoirt déanta suas de roinnt ghnéithe coimpléascacha a dteastaíonn bainistíocht leanúnach, cothabháil agus monatóireacht leanúnach uathu.

Ba iad na feabhsuithe suntasacha ar ár infreastruchtúr in 2017 ná:

- Cur i bhfeidhm an réiteach uasdátaithe WIFI Corparáideach.
- Cur i bhfeidhm an córas nua Fón Corparáideach.
- Cur i bhfeidhm an ICT d'Oifigí Halla an Bhaile uasdátaithe, deartha le Seomraí Líonraí TF uasdátaithe agus foirne a bhogadh chuig an suíomh.
- Cur i bhfeidhm Córas Deasc Seirbhíse nua chun tacú lenár mbunachar úsáideoirí agus infheistíocht spriocdhírthe d'áiseanna a chinntiú ag bogadh ar aghaidh.

IARRATAIS AGUS FORBAIRT TF

Is svuit feidhmchláir bonneagar a thacaíonn le soláthar seirbhíse ar fud Chomhairle Chontae an Longfoirt a dteastaíonn bainistíocht agus tacaíocht uaidh an t-am ar fad. San áireamh ar na córais seo tá iPlan, iHouse, Agresso, Ríomhíocaíochtaí, na láithreáin ghréasáin éagsúla, suíomhanna meáin shóisialta agus ardáin, iDocs, GIS agus aipeanna sonraí fóin. Níl ann ach méid áirithe feidhmchláir saincheaptha forbartha agus tacaíochta freisin. I measc na bpríomhthionscadail sa réimse seo in 2017, tá:

- Cur i bhfeidhm eislin Comhairleora nua.

- Cúnamh san uasghrádú ar chóras airgeadais Agresso.
- Cúnamh i leathnú amach an córas bainistíochta leabharlainne náisiúnta nua.
- Tháinig Webpay in áit an córas Ríomhíocaíochta Legacy, feidhmchláir lár-óstáilte íocaíochta gréasáin.

CÓRAIS GIS

Lean Córas GIS na Comhairle ar aghaidh lena ról bunúsach ar fud ár réimsí gnó in 2017 agus is iad na forbairtí is suntasaí ná:

- Cuireadh tús le forbairt feidhmchláir gléas móibileach le hiniúchtaí gan pháipéar a chur ar fáil don Rannóg Tithíochta.
- Cuireadh mapáil de réadmhaoine folamh aitheanta sa gContae i gcrích.
- Dearadh agus Cuireadh i bhfeidhm larratas Fi-osrúcháin Pleanála ina raibh níos mó ná 45 tacar sonraí spásúla pleanála.
- Dearadh iarratais ar iniúchtaí láithreán pleanála soghluaiste.
- Dearadh agus cur i bhfeidhm feidhmchláir móibileach chun an Suirbhé Inrochtaine Aoisbháuil Longfoirt a chur ar fáil.
- Cruthú agus cur i láthair na léarscáileanna do chlár cóireála Glúineach na Seapáine.
- Dearadh agus piolótach feidhmchláir móibileach Cigireacht ar Chlós Súgartha.

PLEAN LEATHANBHANDA DIGITEACHT & NÁISIÚNTA

Bhí ról tábhachtach ag Rannóg TF na Comhairle maidir le infreastruchtúr digiteach agus feasachta taobh istigh den Chontae a chur chun cinn. Le linn 2017, is iad na forbairtí is suntasaí ná:

- Tugadh faoi suirbhé ar raon clúdaigh fón póca ar fud an Chontae agus foilseofar na torthaí in 2018
- Bhreathnaíomar ar roghanna soláthair Leathanbhanda Ardluais idir Ionad Páirc agus an pobal áitiúil in aice leis an bhforbairt ionas go bhféadfadh cónaitheoirí áitiúla mar thoradh ar fhorbairt Ionad Páirc, buntáiste a ghlacadh as an Leathanbhanda Ardluais. Tríd an obair seo breathnaíodh ar roinnt réitigh i gcomhpháirtíocht le Ionad Páirc chun cuidiú leis an bpobal áitiúil.
- Cuireadh an Clár Curaidh Digiteacha na Scoileanna chun cinn trí theagmháil a dhéanamh le gach Meánscoil sa gcontae chun rannpháirtíocht a spreagadh agus ina dhiaidh sin chláraigh dhá scoil le bheith páirteach sa gclár.

- Tar éis iarratas ón Aonad Forbartha Teileachumarsáide Réigiúnach na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, cuireadh modheolaíocht le chéile chun áitribh breise a aithint a d'fhéadfaí a chur leis an tionscadal Eir 300k. Bhí tagairtí d'fhostóirí mór le rá sa gContae mar chuid den mhodheolaíocht.

SLÁNDÁIL TF

Is cúis mór imní í an Slándáil TF i gcónaí don Eagraíocht mar gheall ar iomadú de bhogearraí mailíseacha an ICT, víris etc. Go dáta, caitheann an Roinn TF go leor ama agus iarrachtaí ar chur i bhfeidhm, uasghrádú, monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar réimse na mbeart slándála ar an suíomh gréasáin, ardán ríomhphoist agus gléasanna, lena n-áirítear gléasanna móibileacha agus táibléid. In 2017, chur muid leis an slándáil TF trí choiste faisnéise slándála a bhunú. Is foireann ildisciplíneach é an coiste seo, a bunaíodh i gcomhar leis an deachleachtas a dheisigh an LGMA go náisiúnta, a bheith mar ghrúpa rialachais do gach ghné de Slándáil Corparáideach.

Cuireadh tús freisin leis an bpróiseas soláthair chun iniúchadh slándála faisnéise a chur i gcrích; beidh ról lárnach ag torthaí an iniúchta seo i gcomhar le hobair an choiste faisnéise slándála nuabhunaithe inár gcuid oibre slándála faisnéise i rith 2018.

CUAIRTEANNA SUÍMHE

SUÍOMH	Cuairteanna Suímh Gréasáin 2016	Cuairteanna Suímh Gréasáin 2017
longfordcoco.ie	77,124	78,089
longfordlibrary.ie	32,762	16,391*

**chuaigh longfordlibrary.ie beo i mí Aibreán 2016 – níl aon fhigiúir ar fáil ó Ean-Aib*

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA, INFREASTRUCHTÚIR AGUS COMHSHAOIL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA AGUS SEIRBHÍSÍ UISCE

TITHÍOCHT

RÉAMHRÁ

Tá réimse roghanna Tithíochta Sóisialta ar fáil d'iarratasóirí tithíochta ceadaithe nach bhfuil in ann cóiríocht a chur ar fáil óna gcuid acmhainní féin mar seo a leanas:

- Tithe sóisialta
- Léasanna RAS
- Léasanna
- Tithíocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Tithíochta Deonacha
- HAP (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta).

Tugadh faoi mheasúnú reachtúil ar riachtanais tithíochta in 2017. Tabharfar faoin chéad mheasúnú riachtanais tithíochta eile in 2018. Ba é líon na n-iarratasóirí tithíochta ceadaithe ar an 31 Nollaig 2017 ná 878.

Cuireadh tús le Rogha Tithíochta in 2017. Leithdháileadh trí áit chónaithe faoin scéim seo in 2017.

SOCRÚ TITHÍOCHTA SHÓISIALTA

Caitheadh tuairim is €4.86m faoin gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta in 2017. Seo a leanas an clár caipitil:

- 14 éadail in 2017
- 4 OPD ag Ráth Claon Béal Átha Liag – tairiscintí faighte. Le tosú i mí Aibreán 2018.
- 4 OPD ag Bóthar Mheathas Troim, Baile Uí Mhatháin – 90% críochnaithe
- 13 (6 OPD agus 7 cineál do theaghlaigh), Radharc an Teampaill, Béal Átha Liag – ag aimsiú comhairleoirí leis an scéim a bhogadh chun cinn
- 16 áit chónaithe ag Páirc Rásáil an Mhuilinn, Droim Lois – 16 teach críochnaithe agus tionónta.

Chomh maith leis sin, tá oibreacha ar siúl ar réadmhaoine Fíolmhaith chun iad a thabhairt suas chun caighdeán ligin. In 2017, bhí 16 áit chónaithe tionónta faoin gclár Fíolmhaith. Clár rollta é seo agus tá oibreacha ar siúl go leanúnach le gach áit chónaithe a chur in úsáid arís.

SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (RAS)

Ag deireadh 2017, bhí 215 tionóntacht RAS ann. Braitheann incháilitheacht don Scéim ar iarratasóirí atá ag fáil forlíonadh cíosa ar feadh níos mó ná 18 mí agus freisin a bheith ina iarratasóir tithíochta ceadaithe.

FÁDTÉARMACHA / RAS – CINEÁL COMHAONTUITHE LÉASANNA

Is iad ceann de phríomhghnéithe na Scéime ná go n-aontóidh an tÚdarás Áitiúil léasanna fadtéarmacha d'aonaid tithíochta aonair nó ilaonaid le forbróirí/úinéirí réadmhaoine príobháideacha ar cíos thar tréimhse 10 go 20 bliain, nó léasanna de chineál an RAS gearrthéarmacha do réadmhaoine thar tréimhse ceithre bliana. Bhí 97 léasanna de Chineál an RAS gearrthéarmacha agus ocht (8) léasanna fadtéarmacha i bhfeidhm ag deireadh 2017.

HAP (ÍOCAÍOCHT CÚNAS TITHÍOCHTA)

Cuireadh tús leis an Scéim HAP i Longfoirt ar an 1 Nollaig, 2016. I rith 2017, bhain 127 iarratasóir tithíochta ceadaithe úsáid as an scéim.

SCÉIM DEISIÚCHÁIN TITHÍOCHTA FOLAMH AGUS LÉASA

Cuireadh tús leis an scéim seo in 2017. Is cuid thábhachtach é de Phlean Gníomhaíochta Atógáil na hÉireann do Thithíocht agus Easpa Dídine. Má theastaíonn deisiú ó áitribh chun é a thabhairt suas do na Caighdeáin Ligin, iocfaidh Comhairle Chontae an Longfoirt nó Cuideachta Tithíochta Ceadaithe as an obair deisithe láithreach agus dá bhrí sin go mbeadh an réadmhaoine ar fáil do thithíocht sóisialta trí léasa do thréimhse de 10 mbliana ar a laghad. Tá critéir a chaithfear cloí leis. Caithfidh an áit chónaithe a bheith folamh ar feadh bliain ar a laghad. Caithfidh éileamh a bheith ar thithíocht sa gceantar. Is



Oscailt Oifigiúil Scéim Tithíochta Dhroim Lois ar an 31 Deireadh Fómhair

é an maoiniú iomlán incheadaithe ná €40,000 lena n-áirítear CBL, troscán agus feistithe. Fuarthas ocht n-iarratas déag faoin scéim seo.

SCÉIM CEANNAIGH & ATHNUACHAN

Cuireadh tús leis an scéim seo in 2017 chun tacú leis na hÚdaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB) le haonaid tithíochta a cheannach agus a athnuachan a dteastaíonn feabhsúcháin uathu agus iad a chur ar fáil d'úsáid tithíochta sóisialta. Ba cheart go mbeadh an Scéim Ceannaigh agus Athnuachan ag teacht leis an Scéim Deisiúcháin agus Léasa, le go mbeidh na húdaráis áitiúla agus AHB in ann dul i dteagmháil le húinéirí tithíochta, tithíochtaí faoi úinéireacht phríobháideach a dteastaíonn deisiú/feabhsúcháin uathu, leis an rogha an t-aonad tithíochta a léasú/a dheisiú nó an t-aonad a cheannach agus a dheisiú/a fheabhsú. Fuarthas dhá réadmhaoin faoin scéim seo.

EASPA DÍDINE

Tháinig 54 duine chun tosaigh in 2017. Déileáiltear le easpa dídine ar bhunús réigiúnach. Is í Comhairle Contae na hIarmhí an príomhghníomhaireacht do chontaetha Laoise, an Longfoirt, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Chomh maith leis sin, tá Foireann Gníomhaíochta gan Dídean ag gach contae. Casann an fhoireann seo le chéile gach 2/3 seachtaine.

SCÉIM TIONÓNTA (CEANNAIGH INCRIMINTIGH)

Cuireadh tús leis an Scéim Tionónta (Ceannach Incriminteach) ar an 1 Eanáir 2016. Chuir 25 tionónta iarratas isteach faoin scéim seo in 2017. Déanann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil athbhreithniú ar an scéim.

IASACHTAÍ TITHÍOCHTA

Leanadh ar aghaidh le ceadú agus dul chun cinn iasachtaí tithíochta in 2017. Fuarthas 32 iarratas. Ceadaiódh 18 agus cuireadh iasacht amháin ar aghaidh. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar na hiasachtaí seo mar gheall gur tugadh isteach an Scéim um Cheannach Incriminteach do Thionóntaí.

TITHÍOCHT DEONACH

Tá caidreamh fada ag Comhairle Chontae an Longfoirt leis an Earnáil Dheonach Tithíochta agus rinne an Earnáil Dheonach Tithíochta ranníocaíocht shuntasach i soláthar Tithíochta Sóisialta sa gContae. In 2017, thug Comhairle Chontae an Longfoirt tacaíocht do Chomhlacht Tithíochta Cluid in iarratas CALF le haghaidh 7 n-aonar a sholáthar ag aonaid Cartrún Breac, An Longfort.

COTHABHÁIL AGUS ATHCHÓIRIÚ

In 2017, cuireadh €876,000 ar fáil don Bhuiséad maidir le cothabháil agus deisiú Tithíochta Údarás Áitiúil. Déantar scrúdú ar an réimse seo go leanúnach le cinntiú go mbaintear amach dea-chleachtas agus an luach ar airgead i gcónaí.

SCÉIM AISFHEISTITHE FUINNIMH / FUINNEOGA AGUS DOIRSE

Criochnaíodh oibreacha ar Chéim 1 den Chlár Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2016. Ní bhfuarthas aon leithdháileadh in 2017 faoi Chéim 2 den scéim.

BAINISTÍOCHT EASTÁIT

Lean an tOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta agus an Bainisteoir Eastáit ar aghaidh ag obair le tionóntaí agus le Cumainn Cónaitheoirí i rith 2017. Freastalaíonn gach tionónta nua ar chúrsaí tionóntachta éigeantacha.

SCÉIMEANNA DEONTAIS TITHÍOCHTA

In 2017, fuarthas iomlán de 201 iarratas ina iomlán faoi na scéimeanna seo. Ceadaiódh 191 iarratas faoi na trí Scéim Deontais:

- Scéim Deontas na nÁiseanna Soghluaisteachta
- Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta
- Scéim Deontais um Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta

Is é an méid a ceadaíodh ná €793,480.

Chomh maith leis sin, tugadh faoi hoibreacha míchumais ar 31 teach sóisialta chun freastal ar riachtanais leighis na cónaitheoirí. Ba é costas na n-oibreacha seo ná €272,624.

CÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE

Lean Comhairle Chontae an Longfoirt ag leanúint an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-2018. Sa gclár seo, leagtar amach straitéis 4 bliana maidir leis an gclár agus an cineál cóiríochta atá le soláthar do Thaistealaithe. Casann an Coiste Comhairliúcháin Cóiríochta Áitiúil do Thaistealaithe le chéile agus déantar monatóireacht ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna atá leagtha síos sa bplean.

COISTE STIÚRTHA TITHÍOCHTA AGUS DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Tá an Plean Straitéiseach le Daoine faoi Mhíchumas a chur i dTithe i Longfoirt criochnaithe. Chas an Grúpa Stiúrtha do Dhaoine faoi Mhíchumas le chéile trí huair in 2017. Tá Comhairle Chontae an Longfoirt le 5% dá leithdháilte bliantúla a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

CAIGHDEÁIN CÓIRÍOCHTA PHRÍOBHÁIDEACH AR CHÍOS

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as caighdeáin cóiríochta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú sa rannóg cíosa. Cuirtear maoiniú ar fáil don Údarás Áitiúil bunaithe ar líon na n-iniúchtaí a rinneadh. Criochnaíodh 72 iniúchadh in 2017 agus cuireadh comhairle ar fáil do thiarnaí talúna faoi cheisteanna neamhchomhlíonta.

BUAITEOIRÍ DE CHOMÓRTAS NA NEASTÁIT IS FEARR 2017

Is comórtas bliantúil é Comórtas na nEastát is Fearr, a reáchtáladh den chéad uair in 2005 le clú agus cáil a thabhairt don eastát tithíochta is néata agus is tarraingte. Déantar moltóireacht ar an gcomórtas i rith míonna an tsamhraidh agus clúdaíonn sé go leor gnéithe lena n-áirítear tirdhreachú, rialú bruscair agus néatacht. Bronntar duaiseanna ag Oíche Dámhachtainí Bliantúil a reáchtáladh i mblíana i gComhairle Chontae an Longfoirt ar an 11 Deireadh Fómhair 2017. Seo a leanas na torthaí.

CEANTAR 1 – BAILE LONGFOIRT

Eastáit le 50 teach nó níos mó	Eastáit le níos lú ná 50 teach	Molta go hArd
1st Annaly Park 2nd Teffia Park 3rd Canalach Le Cheile	1st St. Emer's 2nd The Hollows 3rd ArdanAlainn	Springlawn Park Villas

AREA 2 – NEWTOWNFORBES, DRUMLISH, GRANARD, BALLINALEE, BALLINAMUCK, EDGEWORTHSTOWN

Eastáit 20 bliain d'aois nó níos sine	Eastáit níos óige ná 20 bliain	Molta go hArd
1st Church View Drive, Drumlish 2nd Devine Crescent, Edgeworthstown 3rd Castle Gardens, Newtownforbes	1st River Crescent, Ballinalee 2nd Corry Park, Newtownforbes 3rd Wood View, Newtownforbes	Cois Na hAbhainn, Ballinalee

AREA 3 – LEGAN, COEHILL, BALLYMAHON, LANESBORO, KENAGH AND KILLASHEE

Eastáit 20 bliain d'aois nó níos sine	Eastáit níos óige ná 20 bliain	Molta go hArd
1st Smithfield Crescent, Legan 2nd Cartron Road, Kenagh 3rd Church View, Lanesboro	1st Curraghrua, Lanesboro 2nd Parkside Gardens, Ballymahon 3rd Deerpark, Kenagh	Foxhall Crescent, Legan Sli Na Mona, Ballymahon

BUAITEOIR IOMLÁN

Abhainn an Chorrán, Béal Átha na Lao

BUAITEOIRÍ GAIRDÍN

Margaret & John McGoey, Páirc an Anaíle, Longfoirt

Liam Deely, Radharc na Coille, An Lios Breac

Waclaw Michal Szafarewicz, Na Loig, Longfoirt

COMÓRATAS PÓSTAEIR

Faoi 8 mbliana d'aois	8 mbliana d'aois agus níos sine
1st Megan Fallon, Kenagh 2nd Warren O'Leary, Longford 3rd Caoimhe Mannion, Legan	1st Trevor Cox, Edgeworthstown 2nd Amy Cheshire, Longford 3rd Alan O'Reilly, Kenagh



Overall Winner - River Crescent, Ballinalee

SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL

In 2017, thug an Stiúrthóireacht Comhshaoil faoi réimse leathan gníomhaíochtaí faoi chláir iniúchta, monatóireachta agus feasachta comhshaoil.

Clúdaíonn an chuid seo réimse éagsúil feidhmeanna agus seirbhísí. Is iad na príomhréimsí ná -

- Rialú ar Thruailliú agus Bainistíocht Cáilíochta Uisce
- Bainistíocht Bruscair agus Glantacháin Sráide
- Bainistiú Dramhaíola agus Rialú
- Feasacht Chomhshaoil
- Reiligi
- Seirbhísí Tréidliachta agus Sábháilteacht Bia
- Rialú Madraí agus Rialú Capaill
- Struchtúir contúirteacha
- Láithreáin tréigthe

RIALÚ AR THRUAILLIÚ AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHT UISCE

Cuimsíonn reachtaíocht um rialú truaillithe réimsí cosúil le truailliú uisce, truailliú aeir agus núis torainn. I measc na gníomhaíochtaí sonracha a tugadh faoi maidir le rialú truaillithe, tá imscrúdú ar eachtraí truaillithe uisce, cigireachtaí feirme, ceadú scaoileadh san uisce agus cur i bhfeidhm clár monatóireachta d'aibhneacha, lochanna, dabhcha séarachais agus líonta talún dúnta.

BAINISTÍOCHT ABHANTRAÍ

Aistríodh Creat-Treoir Uisce an AE i ndlí na hÉireann trí Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Beartas Uisce), 2003 faoinar bunaíodh roinnt Ceantair Abhantraí. Athraíodh é seo in 2014, ina mbreathnaítear ar Éire anois mar Cheantar Abhantraí amháin. Chomh maith leis sin, cuireann Rialacháin Pholasáí an AE (Beartas Uisce) 2014 dualgais nua ar na húdaráis áitiúla maidir leis an eilimint rannpháirtíochta poiblí an Chreat-Treoir Uisce a chomhordú. Éilíonn an socrú nua rialachais náisiúnta go ndéanfaidh Comhairle Chontae an Longfoirt comhordú ar ár gcuid oibre sa réimse seo le hOifig Poiblí Náisiúnta na hÚdaráis Áitiúla (LAWCO) nua i gCill Chainnigh. Leanann Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar chaighdeán an uisce in aibhneacha agus i lochanna de réir na bPleananna Bainistíochta Abhantraí ábhartha.

SAOTHARLANN COMHSHAOIL

Tá Saotharlann Comhshaoil na Comhairle Chontae suite i mBóthar na Páirce, Longfort. Is iad na príomhréimsí gníomhaíochta ná

- Monatóireacht agus rialú truailliú uisce
- Monatóireacht ar líonadh talún
- Monatóireacht ar scaoileadh eisilteacha tionsclaíocha
- Monatóireacht ar Chaighdeán Uisce in aibhneacha agus lochanna

BAINISTÍOCHT BRUSCAIR

Is é forfheidhmiú an Achta um Thruailliú Bruscair, 1997 - 2009, ceann de na príomh-mheicníochtaí maidir le dul i ngleic le truailliú bruscair i gContae Longfoirt. Is iad Maoir Bhruscair na Comhairle go príomha a thugann faoi Rialú Bruscair.

Oibríonn an Chomhairle go dlúth le Coistí na mBailte Slachtmhara áitiúla agus admhaíonn siad an obair iontach atá á dhéanamh acu ar fud an chontae. I mí Eanáir 2016, bhuaigh Baile Longfoirt in aghaidh iomaíocht láidir chun duais an IBAL (Gnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair) 2015 a bhuan, nuair a measadh gurb é an baile is glaine in Éirinn é. Dhaingnigh an baile dealbh poiblí chun an éacht a mharcáil. Dúirt suirbhéirí An Taisce go raibh suíomhanna i Longfoirt «ní hamháin glan ó bhruscar, ach go raibh go leor acu ag breathnú go deas freisin». In 2017, d'éirigh le Longfort rangú ard i Sraith an IBAL a bhaint amach arís.

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag ionchúiseamh chiontóirí bruscair agus táthar ag súil le haisghabháil infháltais iomlán den chostas nuair a théann cásanna os comhair na cúirte. Cuireadh tús le 8 n-ionchúiseamh san iomlán in 2017 maidir le fineálacha nár íocadh faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997.

GLANTACHÁIN SRÁIDE

Lean an Chomhairle ar aghaidh lena clár glantacháin sráide agus boscaí bruscair a seirbhísiú i mbailte agus sráidbhailte an Chontae, de réir Phlean Bainistíochta Bruscair Chontae Longfoirt. Ba é an caiteachas ar an tseirbhís seo ná €525,000 in 2017.

PLEAN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA 2015-2021

Is é an plean bainistíochta dramhaíola atá ann faoi láthair do Chontae Longfoirt ná an Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir-Lár Tíre 2015-2021, atá ar fáil ag <http://emwrie/>. Tá Longfort ar cheann de na 12 údaráis áitiúil atá cleamhnaithe le Réigiún Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre. Gníomhaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar phríomh-údarás leis an bplean a chur i bhfeidhm. Oibríonn Comhairle Chontae an Longfoirt leis an gCoiste Stiúrtha Fhorfheidhmiúcháin Dramhaíola Náisiúnta (NWESC) agus trí Phríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA) maidir le forfheidhmiú dramhaíola agus cur i bhfeidhm na dtosaíochtaí náisiúnta aontaithe mar a aithníonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

FORFHEIDHMIÚ BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

Tá réimse leathan feidhmeanna reachtúla ag na húdaráis áitiúla faoi reachtaíocht dramhaíola Náisiúnta agus Eorpach.

In obair fhoireann Forfheidhmithe Bainistíochta Dramhaíola an Údaráis Áitiúil, tá imscrúdú a dhéanamh ar eachtraí dumpála mídhleathach, ag tógáil bearta ionchúisimh agus forfheidhmithe, ag cur i bhfeidhm rialúcháin freagrachtaí an tairgeora do réimse leathan dramhail (lena n-áirítear Trealamh Leictreach agus Leictreonach, Ceallraí, Feithiclí a bhfuil a ré caite, Boinn, Plaisteach Feirme agus Dramhail Tógála agus Scartála). Le linn 2017, fuarthas 1223 ghearrán dramhaíola agus bruscair agus déanadh imscrúdú orthu agus réiteoidh 1223 ghearrán (lena n-áirítear gearráin a bhí ag seasamh amach ó 2016).

Le linn 2017, dhírigh cigireachtaí dramhaíola gnáthaimh na

Comhairle ar cheithre phríomh-réimse. Is iad sin a leanas: -

- Dumpáil midhleathach / tionscadal náisiúnta in aghaidh dumpála (ADI)
- Dramhha
- Feithiclí a bhfuil a ré caite
- Boinn

Le linn 2017, eisíodh ceithre Fógraí Rialacháin 10 do Bhailitheoirí Dramhbha agus tá forfheidhmiú ag dul ar aghaidh go leanúnach. Tháinig ardú de 18 ar líon na gnólachtaí atá cláraithe faoi na rialacháin boinn agus tá 27 cláraithe anois ar an iomlán. Tugadh trí háiseanna a bhfuil a ré caite faoi comhlíonadh. Faoin ADI, tógadh boinn a dumpáladh go midhleathach ó 12 shuíomh i gceantair tuaithe agus tugadh faoi tionscnamh mór leis an gcomhshaoil a fheabhsú ar eastáit mór amháin i mBaile Longfoirt.

Rinneadh trí ionchúiseamh faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola maidir le heachtraí dumpála midhleathacha agus cuireadh tús le 8 ionchúiseamh faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar in 2017. Is fadhb ollmhór é dumpáil midhleathach de dhramhail tí i gceantair tuaithe agus ar réadmhaoine folamh agus caithfidh an Chomhairle acmhainní suntasacha a chaitheamh ar suíomhanna mar iad a ghlanadh suas.

Chomh maith leis sin, ceadaíonn agus rialaíonn na hÚdaráis Áitiúla áiseanna dramhaíola, cinntíonn an bailiúcháin údaraithe agus iompair dramhaíola ina ceantair feidhmithe, tugann siad breithiúnas ar iarratais pleanála maidir le tograí bainistiú dramhaíola, déanann siad maoirseacht ar bhainistiú dramhaíola sna hearnálacha tógála agus gnólachta agus, cuireann siad i bhfeidhm rialúcháin freagrachtaí an táirgeora maidir le roinnt sraitheanna dramhaíola mar shampla pacáistiú, plaistic feirme agus boinn. Tugtar faoi chigireachtaí comhshaoil de réir plean cigireachta bliantúla na Comhairle. Tá réimeas tuairisciú faoi shainordú don Ghníomhaireacht um Choamhnú Comhshaoil (EPA) i bhfeidhm do na cigireachtaí comhshaoil ar fad agus plean cigireachta comhshaoil na Comhairle. Tá oibleagáidí tuairisciú suntasacha ar an Stiúrthóireacht Comhshaoil agus chaithfidh fardail de na sonraí dramhaíola ar fad a chur le chéile do Chontae Longfoirt go bliantúil agus é a chur faoi bhráid an EPA.

Caithfidh na hÚdaráis Áitiúla cloígh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Eolas ar an gComhshaoil) 2007. Cé go bhféadfadh eisceachtaí áirithe a bheith i gceist, caithfidh eolas maidir leis an gcomhshaoil atá ag, nó d'údaráis poiblí a bheith curtha ar fáil d'aon duine ach é a iarraidh. Cuirtear comhairle agus treoir ar fáil maidir le bainistíocht dramhaíola do bhaill an phobail ach é a iarraidh.

Is féidir "Polasaí Forfheidhmithe ar Gníomhaíochtaí Dumpála Midhleathach" na Comhairle Chontae an Longfoirt a fheiceáil ar shuíomh na Comhairle ag www.longfordcoco.ie.

Cuireann an Chomhairle "Beolíne Gearráin Bruscair" ar fáil. Is féidir le haon duine a fheiceanna dumpáil midhleathach do dramhail é a thuairisciú, go príobháideach, trí glaoch ar 1850 434 450.

TIONSCADAL IN AGHAIDH DUMPÁIL 2017

Thug Comhairle Chontae an Longfoirt faoi heastáit mhór a ghlanadh suas i mBaile Longfoirt; ba iad na tionscadail a tugadh faoi ná:

- I gcomhar le hAcmhainní Pobail Longfoirt Teo., rinneadh teagmháil le cumainn chónaitheoirí áitiúla agus eagraíodh glanadh suas poiblí
- Eagraíodh "pardún dramhaíola" trí bailiúcháin bosca bruscair a eagrú sa gceantar uair amháin – bailíodh 6.44 thonna dramhail tí. Bailíodh 6.74 thonna eile ag bailiúcháin "earraí móra" sa gceantar. Bailíodh 18 thonna dramhail tar éis glanadh suas dumpáil midhleathach ó gairdíní tithe tréigthe. Bailíodh 5.92 thonna eile maidir le áiteanna poiblí, a úsáideadh le dramhail a dhó go midhleathach. Fuarthas réidh le stoc-charn boinn dumpáilte go midhleathach.
- Tugadh isteach seirbhísí an Seirbhís Promhaidh do phiocadh bruscair rialta san eastáit.
- Cuireadh isteach agus deisíodh CCTV in áiteanna poiblí agus deisíodh soilsiú poiblí.
- Clúdaíodh tithe tréigthe le cláir adhmaid agus rinneadh teagmháil le húinéir réadmhaoine trí reachtaíocht na láithreáin tréigthe agus bealaí eile.
- D'eagraigh an Maor Madraí seó madraí darbh ainm "Lapaí ar an bhFéar", le madraí neamhshrianta san eastáit a chur lena húinéirí.

SOLÁTHAR BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA AR ÁISEANNA

Tá 25 láithreán bainc i gContae Longfoirt faoi láthair. Glactar le gloine glas, donn agus trédhearcach, chomh maith cannaí alúmanaim ag gach láithreáin. Is é an tonnáiste iomlán a bailíodh le haghaidh athphróiseáil in 2017 ná 706 thonna gloine agus 22 thonna canna alúmanaim.

ÚSÁID FUINNIMH

Caithfidh Comhairle Chontae an Longfoirt, i gcomhar leis an bpolsaí náisiúnta, ár ídiú fuinnimh a laghdú de réir aon tríú in 2020. De bharr gur tomhaltóir fuinnimh suntasach í an eagraíocht, cuireann sé seo dúshlán suntasach os ár gcomhar agus gach bliain cuirtear fócas ar fheabhsú incriminteach ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach. Chun na seirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil a oibriú, caithfear úsáid a bhaint as leictreachas, gáis agus breoslaí eile. Tá fostaí i ngach rannóg ar an eolas faoi fuinneamh a úsáid mura bhfuil gá leis. Tá tionscadal Bainistíochta Fuinnimh idir lámha agus in aon áit gur féidir, táthar ag tabhairt faoi bearta le húsáid fuinnimh a laghdú. Bunaíodh fo-choistí darbh ainm Cleachtais Phobail le heolas a roinnt. Glacann agus cuireann fostaithe Chomhairle Chontae an Longfoirt leis an bhforbairt Dea-chleachtas i roinnt réimsí.

Leanadh ar aghaidh leis na soláthar traenála ar bhailitheoirí Choiste Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle in 2017. Rinneadh dul chun cinn maidir le córas a fhorbairt le sonraí úsáid fuinnimh a thairgeadh ar bhealach níos córasach. Rinne Rannóg TF na Comhairle uasghrá-daithe ar an trealamh. Mar thoradh ar seo, táthar ag súil go mbeidh úsáid fuinnimh maidir le hobair na Rannóga TF laghdaithe go mór. Tá uasghrá-daithe ar shoilsiú poiblí do shoilse LED ag leanúint ar aghaidh i roinnt áiteanna. Chas Oifigeach Feasachta Comhshaoil na Comhairle le grúpaí pobail agus a thug cuairt ar scoileanna le haid a tharraingt ar an gá le fuinneamh a chaomhnú nuair is gá. Tá eolas maidir le bearta caomhnú fuinnimh san áireamh sna Pacáistí Eolais a scaiptear sna scoileanna agus ag cruinnithe a reáchtáiltear sna pobail.

In 2017, thug 3CEA (CKEA an t-ainm a bhí air roimhe seo) faoi iniúchtaí fuinnimh ar fhoirgnimh na Comhairle ar fad. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na dréacht-thuairiscí.

Déanadh uasghrádú ar an soilsíú poiblí ar Shiúlóid na Canála agus ag an Meall go soilse LED agus úsáid an deontas SEAI BEC.

FEASACHT COMHSHAOIL

Is iad seo a leanas gnéithe d'obair na Rannóige seo:

- Glantachán Náisiúnta Earraigh
- Seachtain Náisiúnta na gCrann
- Bailiúcháin Earraí Móra agus Dramhail Ghuaiseach
- Scoileanna Glasa
- Nollaig Ghlas
- Maoiniú Comhpháirtíochta Áitiúil Comhshaoil
- Deontais Feasachta Frithbhruscair
- Na Baile Slachtmhara
- Speicis Ionracha

GLANTACHÁN NÁISIÚNTA EARRAIGH

Tugadh faoi Ghlantachán Náisiúnta Earraigh 2017 le linn mhí Aibreán. Cuireadh bainteoírí bhruscair, miotóga, bibí agus malaí cód dathanna do na glantacháin pobail. Chláraigh agus ghlac os cionn 40 grúpa agus scoil páirt sa glantacháin ar fud an Chontae.

SEACHTAIN NÁISIÚNTA NA GCRANN

Seachtain Náisiúnta na gCrann, a eagraíonn Comhairle Crann na hÉireann agus tacaíonn Coillte, BSL agus Comhairle Chontae an Longfoirt leis agus reáchtáladh é ó 5 go 12 Márta 2017. Tugadh an deis do Ghrúpaí Pobail, Eagraíochtaí na mBailte Slachtmhara agus Scoileanna agus eagraíochtaí eile sa gContae, crainn óga a choinneáil. Tugadh amach níos mó ná 300 crann óg saor in aisce do níos mó ná 45 ghrúpa pobail agus scoileanna le linn na seachtaine.

BAILIÚCHÁIN EARRAÍ MÓRA/DAMHAÍL GHUAISEACH

Reáchtáladh dhá bhailiúcháin earraí móra agus dhá bhailiúcháin dramhail ghuaiseach le linn 2017. Reáchtáladh na bailiúcháin ag Slashers Longfoirt agus Margadh Bhaile Uí Mhatháin. Bailíodh 4.64 thonna dramhail ginearálta agus in-athchúrsáilte agus bailíodh 3.96 thonna dramhail ghuaiseach.

SCOILEANNA GLASA

D'éirigh le Longfoirt arís gníomhaíocht a ardú i Scoileanna Glasa le linn 2017. Tá rannpháirtíocht na scoileanna sa gclár beagnach lán. Le linn 2017, fuair 14 scoil a mbrat glas arís agus fuair Clochar Bhaile Uí Mhatháin a chéad bhrat glas. Clúdaíonn na brait téamaí mar shampla bruscair&dramhail, caomhnú fuinnimh agus uisce, Taisteal, Bithéagsúlacht agus Saoránacht Domhanda.

NOLLAIG GHLAS

Chuir an Chomhairle dhá phointe leag isteach ar fáil i Longfoirt agus Droim Lois, áit a raibh sealbhóirí tí in ann a gcuid crainn a fhágáil ann le stiallta, saor in aisce. Bhítear

in ann seanchártaí Nollag a fhágáil ag leabharlanna áitiúil freisin ar fud an Chontae.

DEONTAIS FEASACHTA FRITHBHRUSCAIR

Fuair Longfoirt deontas feasachta frithbhruscair le linn 2017 de €16,000 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG). Chuir an Chomhairle €6,857 leis an maoiniú seo leis an mbuiséad iomlán a thabhairt suas do €22,857. Úsáidtear na Deontais Feasachta Frithbhruscair agus Frithghraifítí le tacú le tionscnaimh glantacháin, feachtais fógraíochta maoinithe agus tionscadail scoileanna athchúrsála agus ábhair tacaíochta a chur ar fáil do thionscnaimh glantacháin poiblí áitiúil.

MÍR ÁITIÚIL 21 MAOINIÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA COMHSHAOIL

Fuair an Chomhairle leithdháileadh de €8,050 faoin Scéim ón DECLG. Chuir an Chomhairle maoiniú comhoiriúnaithe de 50% ar fáil ag tabhairt an maoiniú deontais iomlán go €16,100 le tacú le tionscadail comhshaoil nuálach agus pobalbhunaithe.

BAILTE SLACHTMHARA LONGFOIRT/GRÚPAÍ POBAIL

Bhí bliain rathúil eile ag Comhairle Chontae an Longfoirt ag obair leis na mBailte Slachtmhara agus Grúpaí pobail ar fud Chontae Longfoirt agus fuair grúpaí maoiniú trí deontais Frithbhruscair agus comhpháirtíochta comhshaoil áitiúil. Cuireadh bainteoírí bhruscair, miotóga agus malaí daite speisialta ar fáil ach iad a iarraidh. Reáchtáladh fóram na mBailte Slachtmhara in Abbeyshrule don chontae ar fad le linn 2017.



Presentation of 2017 IBAL Awards - Longford announced joint 6th out of 50 towns/cities surveyed. Cleaner than European Norms

SPEICIS IONRACHA

Lean an chóireáil ar Ghlúineach na Seapáine ar aghaidh le linn 2017 le Maoiniú na hÚdarás Áitiúil de €20,000 a gcur ar fáil do chlár cóireála ar fud an chontae. Rinneadh cóireáil ar os cionn 200 suíomh agus táthar ag súil go leanfar ar aghaidh leis an gclár cóireála le linn 2018 agus 2019.

REILIGÍ

Tugann foirne faoin Scéim Shóisialta Tuaithe agus coistí reilige deonacha áitiúil faoi cothabháil gnáthaimh na reilige den chuid is mó. Tugann Comhairle Chontae an Longfoirt sintiúis dhíreach d'Acmhainní Pobail Longfoirt Teo, a dhéanann maoirseacht ar an Scéim Shóisialta Tuaithe. Oibríonn an Chomhairle scéim reilige tacaíochta agus faoin scéim seo faigheann grúpaí áitiúla atá ag tabhairt faoi cothabháil reilige deontas ón Údarás Áitiúil.

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

SÁBHÁILTEACHT BIA

Comhlíonann an Rannóg Tréidliachta i gComhairle Chontae an Longfoirt conradh idir Comhairle Chontae an Longfoirt agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le sábháilteacht bia agus ceisteanna sláinte tréidliachta poiblí.

Déantar maoirseacht de réir an dlí ar na seamlais beaga agus na forais tréchuir isle déantúsaíochta feola sa gContae le cinntiú go bhfuil comhlíonadh iomlán i gceist ó thaobh an reachtaíochta sábháilteachta bia.

Bhí eallaí, caoirigh agus muca a bhí táirgthe go háitiúil chomh maith le fianna agus éineoil próiseáilte i seamlais beaga áitiúla i gContae Longfoirt in 2017. Rinne an Cigire Tréidliachta scrúdú réamhbháis agus scrúdú iarbháis ar gach ainmhí a maraíodh. Tugtar faoi clár samplála a bhfuil sé beartaithe substaintí contúirteacha a aimsiú cosúil le miocróib, ceimicí agus hormóin sa bhfeoil. Cinntítear sa tSeirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil go gcoinnítear sláinte agus leas ainmhithe i gcomhar leis na bhforálacha reachtaíochta. Tá Teastais Inniúlachta i Leasa ag am an mharú ag gach úinéir agus foireann sna seamlais beaga li gContae Longfoirt.

Le linn 2017, lean na forais tréchuir isle déantúsaíochta feola agus na seamlais beaga i gContae Longfoirt ar aghaidh ag obair do chaighdeán faofa an AE. Tá na táirge feola a tháirgtear sa gContae faoi rialuithe tréidliachta oifigiúil. Rialaíonn Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil agus ag an am céanna, a chuireann solúbthacht cuí ar fáil d'áitribh tréchuir isle. Tá Oifigeach Tréidliachta an Chontae mar bhall den Ghrúpa Oibre Idir-Rannach le treoir a chur ar fáil do tháirgeoirí bheaga agus rialtóirí maidir le solúbthacht cuí atá inghlachta ag iniúchóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leantar ar aghaidh le frontar agus forbairt ar bhunús leanúnach taobh istigh d'áitribh agus an earnáil agus gnólachtaí ag fhreagairt d'éilimh tráchtála atá ag athrú. Spreagtar iontrálaithe nua comhairliúcháin a fháil ó sheirbhís na Comhairle agus páirt a ghlacadh sa earnáil. In 2017, tháinig ardú suntasach ar an tréchuir óna seamlais beaga i gContae Longfoirt.

Tá an rannóg seo, trí tacaíocht a thabhairt do tháirgiú bia i gContae Longfoirt ag teacht lenár bPlean Corparáideach frontar agus fobairt a chur chun cinn sa réimse gníomhaíochta tráchtála tábhacht seo. Thug an Rannóg Tréidliachta i gcomhoibriú le hOifig Fiontar Áitiúil Chomhairle Chontae an Longfoirt cúnamh do dhaoine aonair le suim sa earnáil in 2017.

Leanadh ar aghaidh le Forbairt Proifisiúnta agus traenáil i sábháilteacht bia agus sláinte agus leasa ainmhithe in 2017 agus tá Córas Iniúchta Inmheánach ag an Rannóg Tréidliachta.

Thug Seirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil faoi iniúchadh inmheánach do sheirbhís náisiúnta, a bhí mar chuid d'iniúchadh inmheánach do chaighdeán agus a bhí mar chuid d'iniúchadh Seachtrach a rinne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Lean gníomhaíochtaí maidir le diúscairt Fotháirge Ainmhithe ar aghaidh mar réimse tábhachtach oibre in 2017.

Chuir cruinnithe de chuid Coiste Réigiúnach um Zónóis fóram ar fáil le haghaidh teagmháil foirmeálta idir Seirbhís um Shláinte Phoiblí Tréidliachta Chomhairle Chontae an Longfoirt agus gníomhaireachtaí eile e.g. An Roinn Talmhaíochta agus an FSS. Rinne Seirbhís Tréidliachta Chomhairle Chontae an Longfoirt teagmháil go foirmeálta

trí chruinnithe déthaobhach leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus Mara go háitiúil agus go náisiúnta in 2017.

RIALÚ MADRAÍ

Cuireann Comhairle Chontae an Longfoirt Seirbhís Rialuithe Madraí fadtéarmach ar fáil go Chontae Longfoirt. Fostaíonn an Údarás Áitiúil Maor Madraí agus feidhmíonn sé Foscadán Madraí ar Shráid an Uisce Bheag i gContae Longfoirt. Gearrtar fineálacha póna. Tugadh isteach Rialúcháin Micrishlis a chur i Mhadraí in 2016. Dhéileáil an tSeirbhís le 386 chás de mhadraí nach raibh daoine ag iarraidh/imithe ar strae in 2017. Dóibh seo, fuair 76 úinéir nua, i gcás 39 acu, fuair a gcuid úinéirí arís iad, aistriodh 259 do ghrúpaí leasa madraí agus cuireadh 6 acu a chodladh. Is é polasaí Chomhairle Chontae an Longfoirt ná úinéir nua a fháil do gach madra atá feiliúnach d'úinéir nua.

I go leor cásanna, bhí na madraí a fuair úinéir nua, tugtha le chéile lena sean úinéirí le cúnamh ó leathanach Facebook Seirbhís Rialú Madraí Chomhairle Chontae Longfoirt.

Choinnigh Comhairle Chontae an Longfoirt síos líon na madraí a cuireadh a chodladh i bPóna Madraí an Longfoirt in 2017. Tá sé seo mar thoradh ar an bplean straitéiseach a chuir an Seirbhís Rialuithe Madraí i bhfeidhm agus le cúnamh ó na páirtithe leasmhara agus oibrí deonacha, a bhfuil muid buíoch astu.

Le dul i ngleic leis an bhfadhb seo de madraí nach bhfuil daoine ag iarraidh, leanann Comhairle Chontae an Longfoirt ar aghaidh ag cur chun cinn úinéireacht ainmhithe freagrach trí oideachas agus feasacht. Oibríonn an Chomhairle scéim neodraithe fóirdheontais do mhadraí agus freisin tá an Chomhairle agus lontaobhas na Madraí tar éis comhaontas straitéiseach a fhorbairt. Leanadh ar aghaidh leis na himscrúduithe ar na Forais Tógáil Madraí in 2017 faoin Acht um Fhorais Tógáil Madraí. Oibrítear sa gComhairle go crua ar a bpríomh-fhreagrachtaí cosc a chur ar mhadraí ag dul i ndiaidh caoirigh.

Leantar ar aghaidh i gComhairle Chontae an Longfoirt an gá atá le úinéirí mhadraí Ceadúnas Madraí a cheannach a chur chun cinn. Faoi láthair, cosnaíonn Ceadúnas Madraí €20 agus is féidir é a cheannach in aon Oifig an Phoist. Is gné tábhachtach é Ceadúnas Madraí a cheannach d'úinéireacht fhreagrach. In 2017, cheannaigh úinéirí madraí ceadúnas "Saolré an Mhadra" ar chostas uair amháin de €140. Tá siad seo ar fáil i Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae an Longfoirt.

RIALÚ CAPAILL

In 2017, tógadh 21 chapall faoin Acht um Rialú Capall, 1996. Tugann Fódhlithe um Rialú Capall Chomhairle Chontae an Longfoirt coinneáil agus riachtanais diúscairthe chun rialtacht, de réir an Meabhrán Tuisceanna leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, chomh maith rochtain a rialú agus gníomhaíochtaí capaill in áiteanna poiblí.

Tá Comhairle Chontae an Longfoirt ag comhoibriú leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar phlean do Thionscadal Capaill Uirbeach agus tá pleananna ann freisin le traenáil a chur ar dhaoine óga maidir leis an bhfreagracht a bhaineann le húinéireacht capaill.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS ÉIGEANDÁLA

Tá stáisiúin dóiteáin ag an Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála i mBaile Uí Mhatháin, Meathas Troim, an Gránard, An Lios Breac agus Longfoirt. Tá 48 gcomhraiceoir dóiteáin fostaithe sna stáisiúin dóiteáin seo a fhreastalaíonn ar eachtraí dóiteáin agus tarrthála. Bhí an Roinn Dóiteáin gníomhach as sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn le linn na bliana.

Rinne an Roinn Dóiteáin measúnú ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin, iarratais phleanála agus iarratais Atreorúchán um Ceadúnas Cúirte. Tugadh faoi Imscrúduithe Sábháilteachta ó Dhóiteáin ar áitribh tráchtála freisin.

OIBRIÚCHÁIN

Líon iomlán Glaonna Amach – Eanáir go Nollaig 2017	427
--	-----

RIALÚ TÓGÁLA

Líon Teastais Dóiteáin a phróiseáladh in 2017	47
---	----

Lorgaíodh iarratas ar maoiniú ón Stiúrthóireacht Dóiteáin Náisiúnta don mhéadú atá molta ag Stáisiún Dóiteáin Bhaile Longfoirt. Ceadaíodh maoiniú de €762,000.00. Lorgaíodh tairiscintí ar thógáil an tionscadal seo, ba é Brian Doyle as Caonach an forthairgeoir rathúla.

Cheadaigh an Stiúrthóireacht Dóiteáin Náisiúnta maoiniú caipitil de €46,000.00 do sholáthar Jíp nua le Comhartha Feithicle Suite do Bhaile Longfoirt. Ceannaíodh an trealamh agus tá sé in úsáid.

Fógraíodh post mar Chomhraiceoir Dóiteáin 4 uaire do An Lios Breac ach níor éirigh leis an Seirbhís iarrthóir feiliúnach a earcú. Earcaíodh Comhraiceoir Dóiteáin nua amháin in 2017 do Stáisiún Dóiteáin Longfoirt.

Déirigh Comhraiceoir Dóiteáin David Brennan as a phost le Seirbhís Dóiteáin Longfoirt i mí Lúnasa 2017 tar éis 27 bliain seirbhíse.

Déirigh an Oifigeach Cúnta Foirne Betty McNerney as a post ó Chomhairle Chontae an Longfoirt i mí na Nollag 2017 tar éis 42 bhliain seirbhíse. Den chuid is mó, rinne Betty a cuid seirbhíse le Seirbhís Dóiteáin Longfoirt.

Críochnaíodh an Clár Traenála/Druile Chomhraiceora Dóiteáin i gcomhar leis an bPlean Oibríochtúla Bliantúil an Stáisiúin Dóiteáin 2017. Tugadh faoi Traenáil Uisce Sciobtha den chéad uair i mBaile Uí Mhatháin. Ghlac gach pearsanra as Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Longfoirt páirt sa traenáil.

Thug 12 thiománaí faoi Thraenáil Tiománaí Seirbhíse Éigeandála i gcomhar le Treoracha ón Údarás um Sábháilteacht ar Bhóithre.



Ford Ranger nua le Comhartha Feithicle Suite do Bhainistiú Thrácht ar Bhóithre



Traenáil Urrainne Iompraíocht Dóiteáin 2017



Cleachtadh Tarrthála Rópa 2017

COSAINN SHIBHIALTA

Is é Cosaint Sibhialta Éireann an eagraíocht Cosanta Sibhialta Náisiúnta na hÉireann. Oibrítear é ag leibhéal an Údaráis Áitiúil i gcomhar leis an Roinn Cosanta. Tá óglaigh traenáilte i scileanna éagsúla mar chuid den eagraíocht agus is cúltaca iad na hóglaigh seo do PRA agus tá siad ar fáil le cúnamh a thabhairt má theastaíonn sé.

Tá 24 oibrí deonach i Longfoirt faoi láthair agus tá 13 earcach nua ag críochnú a dtraenáil bunúsach. Faoi láthair, tá 7 EMT, 8 EFR, 4 FAR agus 4 CFR traenáilte againn. Tugtar faoin dtraenáil inár gceannáras agus cuireann ár dteagascóirí féin an traenáil ar fáil. Sa traenáil eile tá cuardach agus tarrtháil, scaipeadh, leasa agus an fluú éanúil. D'fhreastail na EMT ar roinnt traenáil réigiúnach agus oícheanta eolais agus a chur portfóilíonna le chéile don scrúdú PHECC.

In 2017 chuir muid clúdach garchabhair ar fáil do 59 imeacht áitiúil agus leasa ag an gclinic bainc deonaithe fola. Ba iad seo a leanas na dualgais:

- Cluichí socair áitiúla
- Cluichí CLG
- Imeachtaí lúthchleasaíochta

D'fhreastail muid ar roinnt Imeachtaí Údaráis Áitiúla agus Carthanais. Ba iad na dualgais mhóra a bhí orainn anuraidh ná:

- Fleadh Bhaile Uí Mhatháin
- Féile Longfoirt
- Maratón Longfoirt
- Féile láibe Dheireadh Fómhair

Reáchtáladh ár Aifreann bliantúil agus bronnadh boinn i mí na Samhna. D'fhreastail óglaigh agus a gclann agus baill den Chomhairle Chontae agus ár gcairde ón mbraine Longfoirt Peter Keenan a hAon d'iarrbhall de na fórsaí armtha. Bronnadh bonn comórtha ar na hóglaigh lena rannpháirtíocht a mharcáil sna himeachtaí náisiúnta 1996 go 2016. Bhí an bonn seo coimisiúnaithe go speisialta ag an Roinn Cosanta.

Ghlac 12 dár óglaigh sa gcleachtadh réigiúnach a reáchtáladh i Sligeach i mí Aibreán. Bhí trí eilimint ag baint leis seo; garchabhair, cuardach agus tarrtháil agus leasa. Bhuaigh Longfoirt an rannóg leasa den chleachtadh agus baineadh taitneamh as an imeacht ar fad agus ceapadh gur taithí foghlama fiúntach a bhí ann.



BÓITHRE, IOMPAR AGUS SÁBHÁITEACHT AR BHÓITHRE

PRÍOMHSPRIOC:

“Cinntiú go dtabharfaidh polasaithe infreastruchtúir iompair cúnamh agus go gcuirfidh go gcuirfidh siad forbairt eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Longfoirt chun cinn agus an tarraingteacht fhisiciúil an chontae a choinneáil agus a fheabhsú agus an timpeallacht thart air”.

Tá Longfoirt lonnaithe suite go straitéiseach in aice le lár na hÉireann tá sé trasna na Príomhbhealaí Náisiúnta an N4 agus an N5 agus na Bealaí Tánaisteacha Náisiúnta an N55 agus an N63. Bíonn go leor trácht ar fud an Chontae mar gheall ar na bealaí seo.

Tá líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla taobh istigh den Chontae ag Comhairle Chontae an Longfoirt. Faoi láthair, is é an briseadh síos ar na bóithre faoi húdarás na Comhairle Chontae an Longfoirt ná: -

RANGÚ	NÁISIÚNTA	RÉIGIÚN-ACH	ÁITIÚIL	IOMLÁN
Ceantar Bardasach Bhaile Uí Mhatháin (km)	42.25	72.15	504.36	618.76
Ceantar Bardasach an Gránard (km)	18.95	68.09	707.56	794.60
Ceantar Bardasach Longfoirt (km)	37.37	12.31	157.72	207.40
Líon Ciliméadair	98.57	152.55	1369.64	1620.76

Cuireadh na hoibreacha áirithe seo a leanas i gcrích in 2016 -

SCÉIMEANNA FEABHSAITHE COSÁIN BHÓITHRE NÁISIÚNTA

Roghnaítear na scéimeanna Cosáin Náisiúnta ar bhunús an tsuirbhé is déanaí den líonra leis hoibreacha áirithe seo a leanas déanta in 2017 -

COSÁN	SONRAÍ NA HOIBREACHA
N5 Dromchlú Cosáin in Achadh Riabach, Longfoirt	Oibreacha Dromchlú Cosáin ar an N5 in Achadh Riabach lena n-áirítear acomhail
N5 Dromchlú Cosáin ag Droichead Uí Fhallúin, Longfoirt	Oibreacha Dromchlú Cosáin ar an N5 in Achadh Riabach lena n-áirítear acomhail
N63 Acomhal na hArdeaglaise Longfoirt	Tá na Comharthaí Tráchtá agus oibreacha eile ag Acomhal na hArdeaglaise ag Obair anois agus tá na hoibreacha críochnaithe.



FEABHSÚ BÓITHRE ÁITIÚIL & RÉIGIÚNACH

Le linn na bliana, feabhsaíodh agus coinníodh na Bóithre Áitiúla & Réigiúnacha faoin gClár Athchóirithe. Tá an Deontas i dhá chineál -

- Tá an eilimint Feabhsaithe Athchóirithe deartha le caiteachas ar athchóiriú dromchla agus atógáil bóthair.
- Is í an aidhm atá leis an Cothabháil Athchóirithe ná caighdeán struchtúrtha an bhóthair a chosaint trí chóiriú dromchla.

OIBREACHA ATHSHLÁNÚ DROICHID

Tugadh faoi hoibreacha athshlánaithe droichid ag an gCurrach Rua, Doire Seanbhóg agus Páirc na gCóiníní.

SCÉIMEANNA SÁBHÁILTEACHTA DE CHOSTAS ÍSEAL

Cuireann an Deontas Feabhsaithe Sábháilteachta de Chostas Íseal oibreacha feabhsaithe sábháilteachta de chostas íseal ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar fáil. Tugadh faoi Scéimeanna Sábháilteachta de Chostas Íseal ag na láithreáin seo a leanas -

- Baile an Fhaireacháin, Gránard
- Geilseach, Béal Átha na Muc
- Clonrollagh, Longfort
- Grianard Ard, Longfort
- An Chrois, Ardach
- Acomhal Chnoc na Góla

CLÁR COTHABHÁLA GHEIMHRIDH

Cuireann an plean Seirbhís Gheimhridh, an creat ar fáil

le déileáil le staid na hAimsire Gheimhridh ar na bóithre agus cuireann sé freagairt pleanáilte agus comhordaithe Chomhairle Chontae an Longfoirt ar fáil. Is é aidhm an gclár cothabhála gheimhridh ná gluaiseacht sábháilte na húsáideoirí bóithre, chomh fada is atá sé réasúnta praiticiúil ar na Bóithre Náisiúnta agus bealaí straitéiseacha eile a aithníodh le linn drochaimsir.

CAITEACHAS

Faighítear na Deontais Bóithre Náisiúnta ó Iompair Infreastruchtúir na hÉireann le tabhairt faoi cothabhála oibreacha ar na Bóithre Náisiúnta agus na Droichid i gContae Longfoirt agus cuirtear Deontais Stáit do na húdaráis áitiúla chun cuir leis an soláthar a fuarthas óna hacmhainní féin i dtreo clár bóthair d'fheabhsú, cothabháil agus bainistiú ar líonra na mbóithre réigiúnacha agus áitiúla. Ba é an caiteachas ar Bhóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta in 2017 ná é seo a leanas -

1. BÓITHRE NÁISIÚNTA (DEONTAIS IOMPAIR INFREASTRUCHTÚIR NA HÉIREANN)	
Oibreacha Feabhsúcháin	€1,058,355
Cothabháil NP & NS	€338,564
Athnuachana Cosáin HD & Suirbhéanna	€252,125
Cothabháil Gheimhridh	€108,778
Total:	€1,757,822
2. BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA (DEONTAIS NA ROINNE COMHSHAOIL, POBAIL AGUS RIALTAIS ÁITIÚIL)	
Deontas Feabhsúcháin Áirithe	€440,325
Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe	€2,709,452
Oibreacha Cothabhála Athchóirithe	€615,266
Deontas Cothabhála Lánroghnach	€1,052,615
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal	€161,377
Comharthaí Luasteorainn	€31,970
Athshlánú Droichid	€232,733
Drochaimsir	€23,374
Clár Traenála	€24,000
Iomlán:	€5,291,112
3. BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA (SÍNTIÚS NA COMHAIRLE)	
Buiséad Iomlán:	€ 7,855,551

CUR CHUN CINN SÁBHÁILTEACHT BÓITHRE AGUS SEIRBHÍS MHAOR SCOILE

Tá ról Sábháilteachta Bóthair na hÚdaráis Áitiúla leathan agus clúdaíonn sé ó Tógáil Bóthair go Cur chun cinn Sábháilteacht go Scéimeanna Maoir Scoile. Tá ról leathnaithe anois ag an Údarás Áitiúil i sábháilteacht bóthair a chur chun cinn trí níos mó tionscnaimh a fhorbairt ag leibhéal áitiúil mar shampla:

- Tá na gníomhaireachtaí seo a leanas mar chuid de Choiste Ag Obair le Chéile ar Shábháilteacht ar Bhóithre Longfoirt: - TII, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Comhordaitheoir Spóirt Chomhairle Chontae an Longfoirt, An Garda Síochána, Oifigeach ar Shábháilteacht ar Bhóithre Chomhairle Chontae an Longfoirt, Baill Chúram Leanaí Chontae Longfoirt, Comhairleoir Mark Casey agus Baill de Sheirbhísí Dóiteáin Longfoirt.

- Tugadh isteach ROTHÁÍOCHT i gCEART, an Caighdeán Náisiúnta do Thraenáil Rothaíochta in Éirinn in 2017.
- Is cúrsa traenála modúlach rothaíochta ar shábháilteacht ar bhóithre deartha leis an t-eolas agus na scileanna a thabhairt do rothaithe le gluaiseacht trí an córas bóthair go sábháilte, comhshaoil atá roinnte le húsáideoirí bóithre eile.
- Tarraingíonn an Feachtas nua Freagracht an Fhostóra dá Fhostaí a thiomáininn chuig na hoibre.
- Comhordú leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre – fógraíocht, cur chun cinn agus feachtais na meán.
- Cur chun cinn an "Cód Trasnaigh go Sábháilte".
- Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn in lar-

bhunscoileanna agus na Cláir Ógtheagmhála tríd an "Clár Tiomáin don Saol" ó mí Eanáir go Nollaig 2017. Bhí an traenáil ar súil in Ógtheagmhála Bhaile Uí Mhatháin, Ógtheagmhála Bhaile Longfoirt, Meánscoil Mhuire Iar-bhunscoil Longfoirt agus Iar-bhunscoil na Maighne.

- Tá an tSeirbhís Maor Scoile Sóisearach curtha le chéile le háiseanna trasnú go sábháilte a chur ar fáil do ghasúir i gcomharsanacht na bhunscoileanna i mbailte agus i sráidbhailte tuaithe. Reáchtáladh Babhta Réigiúnach Ros Comáin/Longfoirt/ na hIarmhí ag Scoil Náisiúnta Scoil Mhuire, an Lios Breac agus ghlac 12 scoil páirt san imeacht. Bhuaigh Scoil Náisiúnta Scoil Mhuire, an Lios Breac an Babhta Réigiúnach den Chomórtas Maor Scoile 2017. Tá dhá Scéim ag Comhairle Chontae an Longfoirt ar bun ag Scoil Náisiúnta Scoil Mhuire, an Lios Breac agus Scoil Náisiúnta Naomh Mhuire, an Droim Lois. Cuirtear Maor Aosach ar fáil i Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Liag.
- Cur chun cinn le Feachtas Sábháilteacht ar Bhóithre iRadio "is é an I atá Teoranta".
- Cuireadh feachtas ar Shábháilteacht ar Bhóithre chun cinn sna Scoileanna Náisiúnta ar fud an chonate.
- I gcomhar leis an Udarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, tháinig "Seiceáil an bhfuil sé Oiriúnach" ar

cuairt do Gharáiste Toyota Nally, Bóthar Bhaile Átha Luain, Longfort. In Éirinn, áfach, is cúis imní mhór iad gasúir a chuir i suíocháin chairr agus d'fhéadfadh 3 nó 4 gasúr a bheith curtha isteach sa suíochán micheart.

- Cur chun cinn le iRadio "Feachtas Sábháilteachta Deireadh Seachtaine Saoire Bainc" agus Feachtas Sábháilteachta an Nollaig agus na Bliana Nua.
- Bhí Seó Sábháilteacht ar Bhóithre Axa le bheith ar súil san Amharclann Cúlstáitse ar an 17 Deireadh Fómhair 2017 ach cuireadh ar ceal é mar gheall ar Stoirm Ophelia.

LOCAL IMPROVEMENT SCHEMES

17 Schemes were completed in 2017 totalling €302,443.

CLÁR

Cuireann CLÁR maoiniú ar fáil do thionscadail infreast-ruchtúir bheaga i gceantair tuaithe faoi mhíbhuntáiste a bhfuil leibhéil suntasach dídhaonrú tar éis tarlú ann. Tá athoscailt CLÁR mar chuid de chlár an Rialtais d'Fhorbairt Tuaithe. Cuireadh maoiniú ar fáil faoi dhá bheart, Bearta Sábháilteachta do Scoileanna agus áiseanna Pobail/Spóirt agus limistéir ilúsáide cluichí (MUGA) agus Bóithre Rochtain Áitiúil.



Scoil Mhuire Newtownforbes winners of the Regional Junior School Warden Final.

Fuarthas maoiniú do na scéimeanna seo a leanas: -

BEART 1

Tosaíocht	Láthair	Cur síos ar an scéim molta	Ded	Costas
1	Scoil Náisiúnta Chluaintí, Doire Fhiáin, Longfort	4 chomhartha sábháilteachta páistí le cuir in airde Fálú le baint, marcanna le cuir ar na bóithre agus bearta sábháilteachta a fheabhsú	Baile Uí Mhatháin 9004	€8,000
2	Scoil Náisiúnta na Leasa Bhric, An Lios Breac	Feabhas a chur ar chomharthaí agus marcanna a chur ar na bóithre	An Lios Breac 9054	€5,000
3	Scoil Samathann, Béal Átha na Lao	Tá an scoil seo suite ar an R194. Bíonn go leor trácht ar an mbóthar seo. Comharthaí Luais Sábháilteachta a chur in airde ag cur in iúl go bhfuil carranna ag dul isteach i limistéir faoi leith	Béal Átha na Lao 9014	€14,000
4	An Léana Mór Náisiúnta, An Léana Mór	Trasrian coisithe a thógáil ag an scoil	An Ráth Riabhach 9009	€30,000
5	Baile Bhéal Átha na Lao, Béal Átha na Lao	Trasrian coisithe a thógáil, athailíniú cosáin le go mbeidh siad oiriúnach don trasrian, comharthaí agus marcanna ar na bóithre le feabhas a chur ar sábháilteacht do choisithe atá ag freastail ar áiseanna poiblí	Béal Átha na Lao 9014	€30,000
